BÉAL AN PHOBAIL

Tionscnamh pleanála teanga
leithinis Shliabh Liag

Plean Teanga

Limistéar Pleanála Teanga

Dhún na nGall Theas

Deireadh Fómhair 2018

Coiste Pleanála Teanga
Leithinis Shliabh Liag

Aidhm an Choiste

Is í aidhm an Choiste Phleanála seo taighde a dhéanamh ar dhearcadh agus ar iompar reatha teanga na ndaoine sa limistéar agus beartú dá réir in éineacht leis an phobal agus leis an earnáil phoiblí sa dóigh go dtreiseofar leis an Ghaeilge mar theanga phobail inár measc.

Príomhspriocanna an Phlean

Dul i bhfeidhm ar dhearcadh agus ar iompar teanga an phobail ar fad sa limistéar agus:

a) An titim sheasta ó ghlúin go glúin i líon na gcainteoirí Gaeilge i limistéar an Phlean seo a chobhsú.
b) Líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge a ardú 4-5% thar thréimhse 7 mbliana an phlean.
c) Líon na gcainteoirí seachtainiúla Gaeilge a ardú 10% thar thréimhse 7 mbliana an phlean.
d) Díriú ar ghnéithe áirithe thar a chéile den phlean de réir mar a éileoidh an mhonatóireacht athruithe bainistíochta amach anseo.

Is é Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Leithinis Shliabh Liag a d'eagraigh agus a d'fhoilsigh an saothar taighde seo in éineacht le pobail Limistéar Pleanála Teanga Dhún na nGall Theas.

An English summary is available in the appendices.

Clár na Ábhar

Ráiteas ón Cheanneagraíocht iv

Liosta Giorrúcháin v

1. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga 1

1.1 An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht 2007 1

1.2 Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 1

1.3 Acht na Gaeltachta 2012 2

1.4 Plean Gníomhaíochta 2018-2022 2

2. Sonraí na Ceanneagraíochta 3

2.1 An Cheanneagraíocht 3

2.2 An Coiste Stiurtha 3

2.3 Aidhm an Choiste 5

2.4 Cur Chuige an Choiste 5

3. Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga 7

3.1 Réamhra 7

3.2 Toghranna an Cheantair 8

3.3 Daonra 9

3.4 Staid na Gaeilge sa LPT 12

3.5 Seirbhísí agus Tacaíochtaí 16

3.6 Topagrafaíocht 23

3.7 Lonnaíocht 23

3.8 Bonneagar an Cheantair 24

3.9 Saothair Ghaeilge an Cheantair 28

4. Léargas ar Ullmhú an Phlean Teanga 29

4.1 Ardú Feasachta agus Scaipeadh Eolais 29

4.2 An Taighde 33

5. Torthaí an Taighde 42

5.1 Anailís ar an Cheistneoir do Bhunscoileanna....42

5.2 Anailís ar an Cheistneoir don Mheánscoil 57

5.3 Anailís ar an Cheistneoir don Phobal....71

5.4 Anailís ar an Cheistneoir don Lucht Gnó/Seirbhísí 88

6. Bearta an Phlean Teanga 97

6.1 Réamhra....97

6.2 Feidhmiú an Phlean Teanga....98

6.3 An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais) 109

6.4 Seirbhísí Cúraim leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochtaí teanga....124

6.5 Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí Eile....130

6.6 Deiseanna Foghlama lasmuigh den Chóras Oideachais....142

6.7 An Earnáil Ghnó, Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn 146

6.8 Na Meáin Chumarsáide 150

6.9 Seirbhísí Poiblí....154

6.10 Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach....158

6.11 Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire 161

6.12 Staid na Gaeilge sa Limistéar – dearcadh, cumas agus nósmhaireacht an phobail ina leith 169

7. Costas agus Maoiniú 174

7.1 Costais....174

7.2 Saolré na mBeart 175

7.3 Maoiniú **....** 176

7.4 Clár Caiteachas do Phlean Teanga Limistéar Pleanála Teanga Dhún na nGall Theas**....** 177

8. Forbairt Feasachta agus Poiblíocht 181
8.1 An Fheasacht Teanga 181
8.2 Poiblíocht 181
9. Feidhmiú agus Monatóireacht 183
9.1 Feidhmiú an Phlean Teanga 183
9.2 Monatóireacht 184
Foinsí 185
Aguisín I – LPT Dhún na nGall Theas 188
Aguisín II – Saothair an Cheantair 190
Aguisín III – Bileoga Eolais 191
Aguisín IV – An Cheistneoir Comónta 192
Aguisín V – Ceistneoir an Óige/Bunscoil 206
Aguisín VI- Ceistneoir an Óige/Iar-Bhunscoil 215
Aguisín VII – Ceistneoir na nEagraíochtaí/Lucht Gnó 222
Aguisín VIII - Póstaer 228
Aguisín IX – Cruinnithe Poiblí 229
Aguisín X – Na Critéir Pleanála Teanga 236
Aguisín XI – Litreacha Tacaíochta 238
Aguisín XII – Leagan Béarla/English Version 244

Ráiteas ón Cheanneagraíocht

Bunaíodh Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Leithinis Shliabh Liag (ar a dtugtar an Coiste nó CPTLSL ó seo amach) faoi stiúir an Lár Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille le tús a chur le próiséas na pleanála teanga i Limistéar Pleanála Teanga (LPT) Dhún na nGall Theas. Seo coiste a bhí ionadaíoch ar na ceantair uilig sa LPT. Aontaíodh go luath sa phróiséas go mbainfí usáid as an bhranda "Béal an Phobail" le poiblíocht a thabhairt don tionscnamh agus é a chur chun cinn san cheantar. Rinneadh an cinneadh seo nuair a fostaíodh dearthóir, Rónán Ó Dochartaigh, le crot cruthaíoch a chur ar an phróiseas agus socraíodh ar an bhranda "Béal an Phobail".

Tá an Coiste faoi chomaoin mhór ag pobal na leithinse ar fad, iad siúd a d'fhreastail ar na cruinnithe, a chur spéis san obair seo nó a chuidigh linn trí na ceistneoirí a líonadh agus a thabhairt ar ais dúinn. Bhí cumainn lúthchleasa, lucht gnó, baill de choistí eile, lucht teagaisc scoileanna, cléir eaglasta agus daoine aonair ina measc.

Bhí timirí a thaistil an ceantar ó theach go teach agus bhí lucht a eagraithe saothrach le linn an taighde agus is mór againn an saothar a rinne siad ar fad. Is mór ag an Choiste an cuidiú a fuair muid ó Bhríd Ní Chualáin, Údarás na Gaeltachta ón tús, ó Hannah Ní Dhoimhín agus Anna Ní Dhochartaigh, Údarás na Gaeltachta a thug stiúir agus a láimhsigh an taighde agus ón Dr Seosamh Mac Muirí a scríobh an chéad leagan den phlean.

Glacann muid buíochas le RTÉ Raidió na Gaeltachta, le TG4, leis na nuachtáin áitiúla agus le lucht scríofa na nuachtlitreacha áitiúla fosta.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl chomh maith dóibh siúd nach bhfuil an Ghaeilge acu, go fóill, muintir an Bhéarla, na Polainnise, na hIodáilise agus na dteangacha áille eile atá inár measc.

We would also like to thank those of you among us who do not as of yet have a grip on Irish i.e. an Ghaeilge, be your language English, Italian, Polish or any of the other beautiful languages which you already have and shall, we hope, encourage in our midst – Thank you – Dziękuje państwo – vielen Dank - Diolch yn fawr i chi – Go raibh maith agaibh!

Giorrúcháin

BOO	Bord Oideachais agus Oiliúna
CLG	Cainteoirí Laethúla Gaeilge
CNNG	Comhar Naíonraí na Gaeltachta
COGG	An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta
CPTLSL	Coiste Pleanála Teanga Leithinis Shliabh Liag
CSG	Cainteoirí Seachtainiúla Gaeilge
LCPG	Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille
LPT	Limistéar Pleanála Teanga
OPT	Oifigeach Pleanála Teanga
SCT	An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht

1. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga

1.1 An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (SCT) 2007

Foilsíodh an *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (Ó Giollagáin et al, 2007a.) sa bhliain 2007 mar thoradh ar mholadh Choimisiún na Gaeltachta 2002[1] chun léargas cuimsitheach a chur ar fáil don Stát i dtaca le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht chomhaimseartha. Sa SCT moladh na ceantracha éagsúla Gaeltachta a roinnt ina gcatagóirí mar seo a leanas:

Catagóir	% Cainteoirí Laethúla Gaeilge (3bl. +)
A	67.0% den daonra iomlán ina gCLG
B	44.0% - 66.9%
C	0.0%- 43.9%

Tábla 1.1: Catagóirí Gaeltachta

1.2 Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

D'eascair an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* mar thoradh ar an SCT agus is inti a leagadh síos polasaí an Rialtais i leith na Gaeilge. Sonraíonn an Straitéis naoi réimse gnímh – Oideachas, An Ghaeltacht, An Teaghlach ag Cur na Teanga ar aghaidh, Riarachan, Seirbhísí agus Pobal, Na Meáin agus an Teicneolaíocht, Foclóirí, Reachtaíocht agus Stádas, Saol Eacnamaíochta agus Tonscnaimh Leathana (Rialtas na hÉireann, 2010: 11). Ba iad aidhmeanna sonracha an Straitéise (ibid.: 9)

- an líon daoine a labhraíonn Gaeilge gach lá lasmuigh den chóras oideachais a ardú ó 83,000 go 250,000.
- an líon daoine a labhraíonn Gaeilge sa Ghaeltacht gach lá a ardú 25%.
- an líon daoine a úsáideann seirbhísí Stáit trí Ghaeilge, agus atá in ann teilifís, raidió agus na meáin chlóite a rochtain tríd an teanga, a mhéadú.

[1] Léiríodh i dTuarascáil Choimisiún na Gaeltachta 2002 an riachtanas a bhain le faisnéis theangeolaíoch a chur ar fail don Stát mar chuid de phróiseas athbhreithnithe ar stádas na Gaeltachta (Ó Giollagáin et al., 2007: vii)

1.3 Acht na Gaeltachta 2012

'Tugtar feidhm reachtúil don phróiseas pleanála teanga in *Acht na Gaeltachta 2012*, áit a leagtar síos an próiseas faoina bhféadfaidh pobail i gceantair éagsúla aitheantas a bhaint amach mar Limistear Pleanála Teanga Ghaeltachta, mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta nó mar Líonraí Gaeilge' faoi réir critéir áirithe a bheith comhlíonta acu' (An Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta, 2018a). Faoin Acht tá sé i gceist go mbeidh an Ghaeltacht bunaithe feasta ar chritéir theangeolaíocha seachas ar limistéir thíreolaíocha mar a bhí go dtí seo. 'Dhá bhunchuspóir atá le *hAcht na Gaeltachta, 2012*:

1. Foráil a dhéanamh maidir le sainiú nua a thabhairt don Ghaeltacht; agus
2. Leasuithe a dhéanamh ar fheidhmeanna agus ar struchtúr Údarás na Gaeltachta (lena n-áirítear fáil réidh leis an gceanglas maidir le toghcháin chun an bhoird)' (Rialtas na hÉireann, 2012).

Caithfear plean straitéiseach dá réir sin a aontú leis an An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta a dhíreoidh ar mhéadú agus ar úsáid na Gaeilge i ngach réimse de shaol an phobail – sa teaghlach, go sóisialta, san oideachas agus i mbun gnó (*ibid*).

1.4 Plean Gníomhaíochta 2018-2022

Foilsíodh an *Plean Gníomhaíochta 2018-2022* mar thoradh ar phróiseas comhairliúcháin a d'eagraigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta le hathbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú na *Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* (An Roinn Cultúir, Oidhreachta- agus Gaeltachta, 2018b: 18-9). Leagtar amach sa phlean raon gníomhaíochtaí aontaithe a chuirtear i bhfeidhm i gcomhar le tuairim is 60 páirtí leasmhara ar bhonn tras-Rannach chun tacú le feidhmiú na Straitéise agus leis an Ghaeilge agus an Ghaeltacht a thabhairt chun tosaigh. Leagtar amach na gníomhaíochtaí faoi na 9 réimse gnímh ata leagtha amach sa straitéis (Údarás na Gaeltachta, 2018). Leagtar amach cur chuige athbhreithnithe sa Phlean chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar an obair sin agus chun cuntasaíocht níos fearr a chur ar fáil (An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2018b: 7).

2. Sonraí na Ceanneagraíochta

2.1 An Cheanneagraíocht

Bunaíodh Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille (LCPG) sa bhliain 1998. Toghtar baill na Comhairle go daonlathach achan cheithre bliana mar ionadaithe le mianta sóisialta, geilleagair, oideachais agus oidhreachta bhunadh pharóiste Ghleann Cholm Cille a chur chun cinn. Macasamhail an-mhórán ceantair Ghaeltachta eile, tá úsáid laethúil agus cur chun cinn na Gaeilge le háireamh ar cheann de spriocanna láir an LCPG. Chuir an LCPG iarratas isteach in éineacht leis an dá phobal sa chomharsain, Cill Chartha agus Ard an Rátha, chun tacú leis an obair seo mar Limistéar Pleanála Teanga, faoin ainm Leithinis Shliabh Liag nó Dún na nGall Theas. Tá paróistí Chill Chartha agus Ard an Rátha ag obair in éineacht leis an LCPG sa tionscnamh seo agus tá siad go léir ina ndlúthchuid den Cheanneagraíocht.

2.2 An Coiste Stiúrtha

Bunaíodh Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Leithinis Shliabh Liag atá ionadaíoch ar Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille Teoranta, Comhairle Paróiste Chill Chartha, Áislann Chill Chartha agus Comhairle Paróiste Ard an Ratha.

Ochtar ball san iomlán atá ar an Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga anois:

Eunan Mac Cuinneagáin

Cathaoirleach ar Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga Leithinis Shliabh Liag. Tá Dioplóma sa Ghaeilge aige ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ Gaillimh. Tá céim aige san Eacnamaíocht agus san Innealtóireacht ó Coláiste na Trionóide, Baile Átha Cliath. Tá sé ina Bhainisteoir Réigiúnach le WestBIC i gCill Chartha agus ag bainistiú ionad nualaíochta agus fiontraíochta, Fiontarlann i gCill Chartha.

Liam Ó Cuinneagáin

Cainteoir dúchais as Gleann Cholm Cille. Iarmhúinteoir agus príomhoide bunscoile, stiúrthóir Oideas Gael agus a chomhbhunaitheoir leis an ollamh emeritus Seosamh Watson, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Tá céim aige sa Ghaeilge agus sa tsiceolaíocht ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Is iar-chathaoirleach é ar Údarás na Gaeltachta (2002-2012).

Mairéad Ní Dhochartaigh

Fostaithe mar Chomhordaitheoir Clár um Ionchuimsiú Shóisialta (SICAP) le DLDC (Donegal Local Development Company / Comhlacht Forbartha Áitiúil Dhún na nGall). Tá seacht mbliana déag caite aici fostaithe i bhforbairt pobail agus tá sí ag feidhmiú go deonach mar rúnaí ar Lár Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille ó bunaíodh é. Tá Dioplóma Clár Cinnireachta Pobail aici comh maith le Dioplóma i dTógáil Síochána & Cleachtas Forbartha Pobail; Dioplóma in Ard-Thurasóireacht le Staidéar Gnó agus Dioplóma Náisiúnta Mínealaíona.

Aoibheann Nic Fhionnghaile
Iar-Oifigeach Forbartha le Lár Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille í go Iúil 2016. Tá Dioplóma sa Phleanáil agus Buanú Teanga bainte amach aici ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ Gaillimh. Tá Ard Teastas i Staidéar Gnó ó Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn faighte aici chomh maith. Tá sí ag obair mar Shaoiste ar Scéim Fostaíochta Pobail sna Gleannta faoi láthair.

Mairéad Ní Bhrádaigh
Gníomhach i gcúrsaí Gaeilge i gCill Chartha ar feadh na mblianta. Is é an gníomh is mó ina raibh sí páirteach a raibh tionchar dearfach aige ar an teanga ná ag déanamh drámaí Gaeilge leis an Chlub Óige thar na mblianta. Tá sí gníomhach ar an choiste cultúrtha i gCill Chartha a eagraíonn oícheanta airneáil, ceolchoirmeacha "Ceol na gConallach" agus ócáideacha eile. Ba í ceannródaí ar an chéad choiste a d'oscail Coláiste Samhraidh Chill Chartha, agus tá sí go fóill ina rúnaí ar an choiste seo. Tá an Coláiste Samhraidh ag dul ó neart go neart.

Seán Ó Brádaigh
Tá Seán ina fheirmeoir agus ina chainteoir dúchais. Iar-oibrí mar innealtóir sa sean-monarchan bréidín i gCill Chartha. Ball de Chumann Staire agus Seanchais Cill Chartha agus Coiste Muileann Coirce Chill Chartha thar na mblianta. Ag tacú le himeachtaí agus gníomhartha cultúrtha agus teanga i gCill Chartha ar feadh na mblianta.

Niall Ó Ceallaigh
Is as an tSeanbaile i dTeileann Niall agus is cainteoir dúchais é. Is fostaí de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann é, atá ag obair ar Fhoclóir Stairiúil na Gaeilge, in oifig na hAcadamh ar an Charraig. Ó aois óg bhí Niall i gcónaí gníomhach i gcúrsaí cultúir agus teanga sa cheantar. Bhí sé ina bhall ar choistí áitiúla, ag cuidiú le himeachtaí éagsúla, idir eagrú agus reáchtáil, agus le forbairt pobail. Reáchtáil sé Club Óige Theilinn ar feadh deich mbliana. Faoi láthair is é Niall Cathaoirleach Club Iomartha Theilinn.

Seamus Ó Cinnéide (Rúnaíocht)
Is é Seamus Ó Cinnéide, Oifigeach Forbartha ag Lár Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille ó Iúil 2017. D'obair sé mar oifigeach sealadach ar feadh 9 mhí roimhe sin. Roimhe sin bhí sé ina bhainisteoir ar sheirbhís d'Íospartaigh na Coireachta i Londain ar feadh 22 bliana. Tá sé ina bhall fosta ar Choiste Forbartha Ceantair Mhín an Aoire agus CLG Naomh Columba.

2.3 Aidhm an Choiste

Ba í aidhm an Choiste seo taighde a dhéanamh ar dhearcadh agus ar iompar reatha teanga na ndaoine agus plean a chur le chéile bunaithe ar mhianta an phobail.

2.4 Cur Chuige an Choiste

Nuair a ghlac Údarás na Gaeltachta le hiarratas Lár-Chomhairle Pharóiste Ghleann Cholm Cille mar cheanneagraíocht de réir Acht na Gaeltachta, 2012 do LPT Dhún na nGall Theas, chuaigh An Lár Chomhairle Paróiste/ An Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga i mbun oibre ar an dóigh ab fhearr dul i mbun taighde sa cheantar.

Ba é 17 Feabhra 2015 céad chruinniú an choiste stiúrtha pleanála teanga agus ó sin ar aghaidh tionóladh cruinnithe rialta den choiste ina raibh ionchur cothrom na mball.

Dáta	Cruinnithe
11/6/ 2015	Cruinniú Cinn Bliana Coiste Stiúrtha PT
18/6/2015	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
9/7/2015	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
28/7/2015	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
9/9/2015	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
1/10/2015	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
21/10/2015	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
25/11/2015	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
7/1/2016	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
18/2/2016	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
6/4/2016	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
18/4/2016	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
19/12/2016	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
9/1/2017	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
24/1/2017	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
7/2/2017	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
21/2/2107	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
28/2/2017	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
13/4/2017	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
4/5/2017	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
18/5/2017	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
19/6/2017	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
3/10/2017	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
24/10/2017	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
7/11/2017	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
21/11/2017	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
5/12/2017	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
14/12/2017	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
23/1/2018	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga

Tábla 2.1: Cruinnithe an Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga

Ba léir ón tús an gá a bheadh leis na meáin éagsúla, Raidió na Gaeltachta, nuachtlitreacha theach an phobail agus an nuachtán áitiúil Béarla fiú amháin leis an pobal a chur ar an eolas faoin phróiseas pleanála teanga.

Is léir go gcaithfidh an phleanáil teanga i LPT Dhún na nGall Theas a bheith chomh cuimsitheach is atá pobal an limistéir agus an saol a chaitheann siad ilghnéitheach. Caithfear léargas cruinn a fháil ar iompar reatha teanga an phobail d'fhonn spriocanna réadúla a cheapadh. Cuimseoidh Plean Teanga Limistéar Dhún na nGall Theas achan ghné is inmholta agus is ceadmhach a iniúchadh i saol an duine, an teaghlaigh agus an phobail agus oibreoidh muid leis an phobal agus le gach eagraíocht, comhlacht, agus go muiníneach leis an earnáil phoiblí de réir fhoráil *Acht na Gaeltachta 2012* leis an phlean a bheartú, a chur i bhfeidhm agus a choimhéad i gceart ina dhiaidh sin, a athrú nuair is gá, de réir mar is gá i rith an ama amach romhainn.

3. Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga

3.1 Réamhrá

Roinnfear sonraí anseo ar ghnéithe aiceanta na leithinse ina bhfuil an LPT, ar líon agus ar dhlús an daonra, ar aois agus ar chineál an daonra sa limistéar agus míneofar aon athrú nó treocht is féidir a bhrath ar an eolas atá againn faoi láthair. Cíorfar gnóthaí oideachais, seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpa eile. Soláthrófar an t-eolas atá bailithe cheana féin faoin chóras oideachais, faoin earnáil ghnó, eagraíochtaí pobail, na meáin chumarsáide, seirbhísí poiblí agus sóisialta agus caitheamh aimsire, faoi phleanáil agus faoi fhorbairt ábhartha an cheantair chomh maith le dearcadh agus cumas teanga agus nósmhaireacht an phobail ina leith.



Figiúr 3.1: Mapa Limistéar Pleanála Teanga Dhún na nGall Theas

3.2 Toghranna an Cheantair

Cuimsíonn LPT Dhún na nGall Theas na ceantair seo a leanas (i) agus (ii):

i. sé cinn de thoghranna aniar as Málainn Bhig go Inis Caoil:

Cill Chartha,
Cill Ghabhlaigh,
Cró Chaorach,
Gleann Cholm Cille,
Inis Caoil,
Málainn Bhig.

ii. móide bailte fearainn áirithe ainmnithe sna toghranna eile seo:

Ard an Rátha (dhá bhaile fearainn),
Gleann Gheise (ocht mbaile fearainn),
An Leargaidh Mhór (cúig déag baile fearainn),
Maol Mosóg (seacht mbaile fearainn).

(Tá cuntas iomlán an LPT agus na bailte fearainn áirithe ainmnithe úd in Aguisín I thíos.)

3.3 Daonra

3.3.1 Daonra an Cheantair

Tá LPT Dhún na nGall Theas ar an dara LPT is mó i gCo. Dhún na nGall le 294.75cm^2 d'achar talún agus daonra iomlán de 3,036 duine. Is ionann sin agus 3% de dhaonra iomlán na Gaeltachta agus 13% de dhaonra na LPT go léir i nDún na nGall. Thit daonra an LPT seo ó 3,071 duine sa bhliain 2011 go 3,036 duine sa bhliain 2016. Tharla an titim is mó in Ard an Rátha agus an t-ardú is mó sa Leargaidh Mhór (An Phriomh-Oifig Staidrimh, 2016).

	2011			2016			
Toghranna	**Bain.**	**Fir.**	**Iomlán**	**Bain.**	**Fir.**	**Iomlán**	**Athrú**
Gleann Cholm Cille	371	374	745	374	364	738	-0.9%
Cill Ghabhlaigh	176	203	379	166	179	345	-9.0%
An Leargaidh Mhór	173	204	377	182	209	391	+3.7%
Málainn Bhig	185	180	365	195	181	376	+3.0%
Cill Chartha	340	346	686	354	323	677	-1.3%
Cró Chaorach	54	67	121	55	65	120	-0.8%
Inis Caoil	47	47	94	39	51	90	-4.3%
Gleann Gheise*[2]	59	76	135	60	73	133	-1.5%
Ard an Rátha	22	20	42	17	20	37	-12.0%
Maol Mosóg*	60	67	127	59	70	129	+1.6%
Iomlán	**1,487**	**1,584**	**3,071**	**1,501**	**1,535**	**3,036**	**-1.1%**

Tábla 3.1: Daonra an LPT (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2011 & 2016

Léiríonn an tábla thíos go bhfuil an daonra is dlúithe in aghaidh an chiliméadair chearnógaigh i gCill Chartha.

Toghroinn	Duine in aghaidh cm^2
Gleann Cholm Cille	16.7
Cill Ghabhlaigh	6.5
An Leargaidh Mhór	25.0
Málainn Bhig	11.3
Cill Chartha	41.4
Cró Chaorach	3.2
Inis Caoil	2.0
Gleann Gheise*	17.2
Ard an Rátha	32.5
Maol Mosóg*	9.2

Tábla 3.2: Dlús an Daonra (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2016)

[2] Ciallaíonn an réaltóg gur cuid de thoghroinn atá áirithe sa Ghaeltacht.

3.3.2 Próifíl Aoise

Mar atá léirithe sna figiúirí thíos, tá líon na ndaoine sna haoisghrúpaí is sine níos mó ná líon na ndaoine sna haoisghrúpaí is óige ach sin ráite, tá líon suntasach, is é sin 26% den daonra iomlán, san aoisghrúpa 0-19.



Figiúr 3.2: Próifíl Aoise an LPT (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2016)

3.3.3 Meánaois de réir Toghroinne

Toghranna	2011	2016	Athruithe mar %
Gleann Cholm Cille	39.2	41.5	5.9%
Cill Ghabhlaigh	42.5	45.7	7.5%
An Leargaidh Mhór	40.3	43.4	7.7%
Málainn Bhig	40.2	42.3	2.3%
Cill Chartha	39.2	41.7	6.4%
Cró Chaorach	45.6	44.8	-1.8%
Inis Caoil	45.6	45.5	-0.2%
Gleann Gheise*[3]	40.8	42.0	2.9%
Ard an Rátha	39.8	41.6	4.5%
Maol Mosóg*	39.5	40.4	2.3%

Tábla 3.3: Meánaois an LPT (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2011 & 2016)

[3] Ciallaíonn an réaltóg gur cuid de thoghroinn atá áirithe sa Ghaeltacht.

3.3.4 Spleáchas nó Brath na hAoise:

Tharla roinnt athruithe móra sa 'bhrath aoise' idir 2011 agus 2016 a léiríonn an t-éadlús daonra agus tionchar na himirce araon. Ba ghnáth ardú (nó laghdú) roinnt blianta in aois an duine sa bhrath aoise, ach mar a léirítear sa tábla thíos, bhí ardú ó 57.4 in 2011 go 75.8 sa bhliain 2016 i Málainn Bhig. Bhí ardú ó 45.9 in 2011 go 60.1 sa Leargaidh Mhór. Bhí Cill Ghabhlaigh go dona nó d'ardaigh brath na haoise 16 bliana ansiúd in achar cúig bliana, 2011 – 2016. Léiríonn na hathruithe sin duairce scéil na himirce thar rud ar bith agus ar a dhroim sin, níl aon toghroinn amháin sa LPT seo a léirigh ísliú i mbrath nó i spleáchas aoise an duine idir 2011 agus 2016:

Toghranna	2011	2016	Ardú
Gleann Cholm Cille	72.1	73.6	1.5
Cill Ghabhlaigh	49.8	65.8	16.0
An Leargaidh Mhór	45.9	60.1	14.2
Málainn Bhig	57.4	75.8	18.4
Cill Chartha	56.6	63.5	6.9
Cró Chaorach	83.3	87.5	4.2
Inis Caoil	46.9	55.2	8.3
Gleann Gheise*[4]	44.7	53.4	8.7
Ard an Rátha	52.3	58.2	5.9
Maol Mosóg*	53.3	64.6	11.3

Tábla 3.4: Brath na hAoise (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2011 & 2016)

[4] Ciallaíonn an réaltóg gur cuid de thoghroinn atá áirithe sa Ghaeltacht.

3.4 Staid na Gaeilge sa LPT

3.4.1 Cainteoirí Laethúla Gaeilge

Léiríonn na staitisticí Daonaireamh cé nár thit an daonra (3bl.+) mórán ó 2011 gur tháinig laghdú de 59 ar líon na ndaoine le cumas labhartha Gaeilge sa LPT. Mar sin féin, tá céatadán ard a deir go bhfuil cumas labhartha Gaeilge acu ach caithfear tógáil san áireamh go bhfuil an fhigiúr seo ag bráth go mór ar fhéinmheasúnú agus ar an chiall a bhainfeadh na freagróirí as ceist faoi leith.

Bliain	Daonra 3bl. +	Cumas Labhartha Gaeilge	Cumas Labhartha Gaeilge mar % den Daonra 3bl. +
2011	2,956	2,246	76.0%
2016	2,955	2,187	74.0%

Tábla 3.5: Cumas sa Ghaeilge (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2011 & 2016)

Feictear chomh maith gur tháinig titim suntasach ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge[5](CLG) le roinnt blianta anuas. Tá briseadh síos de réir toghroinne tugtha sa tábla thíos:

Bliain	Daonra 3bl. +	CLG	CLG mar % den Daonra 3bl. +
2011	2,956	379	12.8%
2016	2,955	322	10.9%

Tábla 3.6: Cainteoirí Laethúla Gaeilge an LPT(An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2011 & 2016)

Toghroinn	Líon CLG 2011	%[6] CLG 2011	Líon CLG 2016	% CLG 2016
Gleann Cholm Cille	156	41.2%	137	42.5%
Cill Ghabhlaigh	58	15.2%	42	13%
Málainn Bhig	48	12.7%	29	9%
Cill Chartha	49	12.9%	59	18.3%
Cró Chaorach	15	4%	6	1.9%
Inis Caoil	6	1.6%	5	1.6%
Gleann Gheise*[7]	47[8]	12.4%	44[9]	13.7%
Ard an Rátha*	-	-	-	-
Maol Mosóg*	-	-	-	-
An Leargaidh Mhór*	-	-	-	-
Iomlán	379	100%	322	100%

Tábla 3.7: CLG de réir Toghroinne (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2011 & 2016)

[5] Is iad na Cainteoirí Laethúla Gaeilge taobh amuigh den Chóras Oideachais chomh maith leis na Cainteroirí Laethúla Gaeilge taobh amuigh agus taobh istigh den chóras oideachais atá i gceist anseo.
[6] Mar chéatadán de líon CLG an LPT.
[7] * Ciallaíonn an réaltóg gur cuid de thoghroinn atá áirithe sa Ghaeltacht.
[8] Seo an figiúr iomlán don 4 toghroinn le réaltóg. Níl figiúr faoi leith ar fáil d'aon cheann amháin de na toghronna seo ón CSO os rud é go bhfuil cuid den toghroinn lasmuigh den Ghaeltacht.
[9] Seo an figiúr iomlán don 4 toghroinn le réaltóg. Níl figiúr faoi leith ar fáil d'aon cheann amháin de na toghronna seo ón CSO os rud é go bhfuil cuid den toghroinn lasmuigh den Ghaeltacht.

Áiríodh an LPT seo ar fad i gCatagóir C sa SCT (Ó Giollagáin et al, 2007b: 20-1). Thug Comhchoiste Oireachtais 'a bunaíodh chun díriú ar an nGaeilge' cuntas dúinn ar na Limistéir Ghaeltachta i gCatagóir C:

> Toghranna iad seo a bhfuil faoi bhun 44% dá ndaonra iomlán (3+ bliana d'aois) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. Cuimsíonn an chatagóir seo an líon is mó toghrann Gaeltachta agus de dhaonra na Gaeltachta ina iomláine. Is iondúil gur i measc na n- aoisghrúpaí scoile den chuid is mó a úsáidtear an Ghaeilge sna limistéir seo, rud a léiríonn gur lag atá sí mar theanga phobail. D'fhéadfadh roinnt ceantair bheaga a bheith i dtoghranna Chatagóir C a mbeadh tréithe sochtheangeolaíocha ag baint leo nach dtagann leis an bpróifíl ar an gcatagóir trí chéile. I gcás cuid de na limistéir seo tugann an fhaisnéis le fios go n-úsáidtear an Ghaeilge fós i gcuid de na gréasáin shóisialta agus de na hinstitiúidí pobail agus oideachais (Nóta SL 7 T[10], 2016, 11-2)

Is é sin, gur chóir cuimhneamh nach mbíonn easpa saibhris i gcaint achan duine in aon cheann de na catagóirí. Ní miste a mheabhrú go gcloistear saibhreas uathúil cainte i measc roinnt bheag de chainteoirí an chatagóra C chomh maith leis an dá chatagóir eile. Go deimhin, thagair an SCT 2007 don ghné sin a bheith le brath sna catagóirí éagsúla:

> Is gá a chur san áireamh, áfach, go gcuimsíonn an chatagóir seo [.i. C] roinnt ceantair bheaga a mbeadh tréithe teangeolaíocha ag baint leo nach dtagann leis an bpróifíl ar an gcatagóir trí chéile. Tarlaíonn sé seo de bharr gur mionlach iad na pobail atá i gceist laistigh de na toghranna a bhfuil siad suite iontu (Ó Giollagáin et al., 2007a: 13).

Mar atá thuas ag 3.4.1, is cosúil go raibh tionchar ag an eisimirce ar na figiúirí seo le blianta anuas, ag saighdeadh an aosa óig chun siúil agus cuireann taighde an méid seo a leanas in iúl:

> Preliminary findings suggest that the unemployment crisis that affected the entire country has been even more pronounced in the geographically peripheral Gaeltacht. The resultant surge in emigration has greatly reduced the social density of Irish speakers, especially in the key 20-35 age bracket. The demographic vacuum thus created is in turn contributing to the sociolinguistic collapse of Irish in its remaining core communities, it increasingly becoming the preserve of only the oldest generations (Ó Ceallaigh, 2016: 16).

[10] Seirbhís Leabharlainne agus Taighde an Oireachtais 2016

3.4.2 Cainteoirí Seachtainiúla Gaeilge

	2011	2016	
Toghroinn	**Líon CSG[11]**	**Líon CSG**	**Athrú**
Gleann Cholm Cille	55	73	+32.8%
Cill Ghabhlaigh	49	38	-22%
Málainn Bhig	37	41	+10.8%
Cill Chartha	91	67	-26.4%
Cró Chaorach	22	15	-32%
Inis Caoil	12	8	-33%
Gleann Gheise*[12]	47[13]	42[14]	-10.7%
Ard an Rátha*	-	-	-
Maol Mosóg*	-	-	-
An Leargaidh Mhór*	-	-	-
Iomlán	313	284	-

Tábla 3.8: CSG de réir Toghroinne (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2011 & 2016)

Is léir gur trí ghréasáin a tharlaíonn go leor den chumarsáid Ghaeilge sa LPT seo ar fad agus go mbeidh tábhacht ag baint leis na forais oideachais go háirithe agus leis na forais phoiblí eile, oifig an phoist, na seirbhísí eaglasta, seirbhísí altra agus leis an dochtúir srl. i dtaca le cothú na teanga, cionn is nach sa teaghlach don chuid is mó atá an Ghaeilge á seachadadh. Béimníodh pointe sin na bhforas oideachais sa SCT fosta i dtaca leis an 50% den aos óg i gCatagóir C a mhaígh go raibh *Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith* acu (Ó Giollagáin et al., 2007b: 25-6). Níor tógadh ach 3% díobh leis an Ghaeilge sa teach, rud a chiallaíonn go raibh a sáith oibre le déanamh ag na forais oideachais lena dtabhairt an fhad sin (ibid.).

Is doiligh ball úr den chomhluadar a chomhshamhlú isteach nuair a bhítear ag brath ar ghréasán lena dhéanamh, cionn is go gcoinníonn gné na táimhe ar chúl ón sprioctheanga é, í nó iad, mar atá tuairiscithe ag Diarmuid Ó Donnchadha (1995: 240-41). Tarlaíonn sé seo don leathlánúin a phósfas isteach nó don oibrí a bhogfas isteach sa cheantar le folúntas a líonadh. Ní bhíonn de dhíth ach aon chainteoir amháin dáiríre leis an duine úr a chomhshamhlú isteach i bpobal i ndeireadh báire, ach an bheirt a bheith toilteanach an iarracht a dhéanamh, nó is minice ná a mhalairt a chomhshamhlaítear daoine isteach i dtíortha thar lear (ibid.).

Níor tharla ach an dá ardú is lú i líon na gcainteoirí seachtainiúla sa LPT seo idir an dá

[11] Figiúirí do CSG taobh mauigh den chóras oideachais amháin atá ar fáil ón CSO.
[12] * Ciallaíonn an réaltóg gur cuid de thoghroinn atá áirithe sa Ghaeltacht.
[13] Seo an figiúr iomlán don 4 toghroinn le réaltóg. Níl figiúr faoi leith ar fáil d'aon cheann amháin de na toghronna seo ón CSO os rud é go bhfuil cuid den toghroinn lasmuigh den Ghaeltacht.
[14] Seo an figiúr iomlán don 4 toghroinn le réaltóg. Níl figiúr faoi leith ar fáil d'aon cheann amháin de na toghronna seo ón CSO os rud é go bhfuil cuid den toghroinn lasmuigh den Ghaeltacht.

dhaonáireamh deiridh, 2011 agus 2016. Ní a dhath iad le hais an líon a thit ar lár. Thit an líon in achan toghroinn eile.

Is cosúil mar sin gurb í an eisimirce, agus b'fhéidir an inimirce le háireamh ina mullach sin fosta, atá ag tiomáint an aistrithe teanga go Béarla sna toghranna ar fad. Más ea, beidh gné teanga nó teangacha bhunadh na heisimirce i gceist lena dtarraingt chun an bhaile an athuair amach anseo nó bítear ag trácht ar na saolta seo ar tharraingt nó ar scairt an dúchais. Is ionann sin is a rá, go gcronaíonn an duine a thuigeann go hiomlán an dúchas atá fágtha ina dhiaidh tubaiste na himirce níos mó ná an duine nach dtuigeann dúchas a thíre agus gur mó an tarraingt ar ais ar an tseanoiris dá thairbhe sin a bhíos sa duine a bhí tumtha i ndúchas a óige, ná an duine nach raibh.

3.5 Seirbhísí agus Tacaíochtaí

3.5.1 An Córas Oideachais

Tugtar aitheantas san *Acht Oideachais, 1998*, do ról an chórais oideachais i gcoitinne, agus do scoileanna Gaeltachta go háirithe, maidir le tacaíocht a thabhairt don Ghaeilge mar an teanga phobail i gceantair Ghaeltachta. Sonraítear an fhreagracht bhreise sin maidir le scoileanna in Alt 9(h) den Acht, ina luaitear gurb é ceann amháin de fhreagrachtaí na scoileanna sna ceantair Ghaeltachta: "cabhrú leis an nGaeilge a chothabháil mar an phríomhtheanga phobail" (Rialtas na hÉireann, 1998: 13).

Sonraítear an fhreagracht atá ar fhorais a sholáthraíonn tacaíocht oideachasúil in Alt 6(j) den *Acht Oideachais 1998*, ina luaitear gurb é freagracht: 'gach duine a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm an Achta seo...cabhrú leis an nGaeilge a chothabháil mar an phríomhtheanga phobail i gceantair Ghaeltachta' (Rialtas na hÉireann, 1998: 10). Níor mhiste a lua anois sna sála ar an dá mhír sin de chuid an Achta gurbh é druidim léir scoileanna Gaeltachta sa LPT seo ceann de na hathruithe bonneagair is mó a tharla ann ó 1963 i leith. Seo mar a tharla:
Dúnadh dhá scoil i bPobal Ard an Rátha:

1. Leac Chonaill i 1969[15].
2. Leargain na Saortha i 1973.

Dúnadh seachtar scoil i bPobal Chill Chartha:

1. SN Mhucrois i 1968.
2. An Chóguis i 1974.
3. Srath Laoghaill i 1966.
4. Doire Leathan i 1979.
5. Cróibh i 1972
6. Caonachán i 1979.
7. Na Sealbha i 1968 [16]

Dúnadh sé scoil i bPobal Ghleann Cholm Cille:

1. Málainn Bhig i 1975.
2. Málainn Mhór i 1969.
3. Mín na bhFiann i 1957.
4. Mín na Croise i 1966.
5. Loch Dhoire Thoirc i 1967.
6. Teileann i 1968.

[15] Fuarthas na dátaí seo maidir le dúnadh na scoile ó dhaoine áitiúla agus ba cheart lamháil earráide a ghlacadh san áireamh.
[16] Bhí an scoil seo lonnaithe taobh amuigh den Ghaeltacht.

Ba mhillteanach an buille dúnadh na scoileanna sin do na ceantair Ghaeltachta ó thaobh sheasmhacht na Gaeilge mar theanga phobail. As na scoileanna go léir a dúnadh bhí trí cinn acu idir Chill Chartha agus Ard an Rátha. Ach ab é gur líonadh páistí isteach i Scoil Mhín Tine Dé d'aon aidhm lena coinneáil ar obair, bheadh an scoil sin druidte in éineacht leo agus bheadh an Ghaeilge ar shiúl ar fad.

3.5.2 Scolaíocht an LPT

3.5.2.1 Luathoideachas

Grúpa Tuistí agus Tachráin

Tá grúpa amháin Tuistí agus Tachráin ag feidhmiú san Ionad Lae ar an Charraig faoi láthair. Tagann an grúpa seo le chéile ar feadh 2 uair an chloig le haghaidh seisiún amháin sa tseachtain. Faoi láthair tá suas le 15 tachrán agus a dtuismitheoir ag freastal ar an ghrúpa.

Naíonraí an Cheantair

Mar a léirítear sa tabla thíos tá trí naíonra ag feidhmiú sa cheantar:

Naíonra	Tinreamh		Teanga	Toghroinn
	2017/2018	2018/2019		
Naíonra Theilinn	8	11	Gaeilge	Gleann Cholm Cille
Naíonra Ghleann Cholm Cille	13	13	Gaeilge	Málainn Bhig
Naíonra Mhuire	16	11	Béarla	Cill Chartha

Tábla 3.9: Naíonraí an LPT

Tá dhá naíonra cláraithe le Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo. agus tá an Béarla in uachtar sa tríú ceann. Is forais iad seo atá agus a bheidh ina chuidiú mhór do bhunscoileanna na háite, ach an tríú ceann a thabhairt ar ais chuig an Ghaeilge agus féachaint chuige go mbunófar naíonra eile in Ard an Rátha, an ceathrú ceann, más féidir.

3.5.2.2 Bunscolaíocht

Sé bhunscoil san iomlán atá sa LPT seo:

Scoil	Tinreamh 2018/19		Iomlán	Toghroinn
	Buachaill	Cailín		
Scoil Náisiúnta an Bhreacaigh	19	13	32	Gleann Gheis
Scoil Náisiúnta Mhín Teineadh Dé	16	10	26	Maol Mosóg
Scoil Chartha Naofa	56	62	118	Cill Chartha
Scoil Náisiúnta Mhín an Aoire	7	10	17	Gleann Cholm Cille
Scoil Náisiúnta na Carraige	37	54	91	Gleann Cholm Cille
Scoil Náisiúnta an Chaisil (i nGleann Cholm Cille)	35	39	74	Málainn Bhig

Tábla 3.10: Bunscoileanna an LPT

3.5.2.3 Iar-bhunscolaíocht

Coláiste na Carraige - tá Coláiste na Carraige faoi phátrúnacht ETB Dhún na nGall le 214 páiste (125 buachaill agus 89 cailín) ag freastal uirthi sa scoilbhliain 2018/19. Tá tionchar na meánscoile le cloisteáil i bhfreagraí Gaeilge lucht freastail siopa agus gnólachtaí achan samhradh sa cheantar, rud atá iontach tábhachtach do lucht foghlama Gaeilge a thig anseo sa tsamhradh. Bhí cáil na Gaeilge ar an scoil seo ach go suntasach, bheartaigh Bord Bainistíochta Choláiste na Carraige ag cruinniú 26/1/2018 go n-athrófaí de réir a chéile, ábhar ar ábhar, ar an Ghaeilge mar mheán teagaisc ag tosú sa bhliain scolaíochta 2019-2020. Is cúis mhisnigh do phobal na háite cuid den phobal i réim na scolaíochta a fheiceáil ag gníomhú go dearfach lom láithreach ar an dóigh seo.

3.5.3 Polasaí don Oideachas Gaeltachta

Foilsíodh an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta, 2017-2022* i mí Dheireadh Fómhair 2016. Léiríonn taighde a rinne Cigearacht na Roinne Oideachais agus Scileanna go bhfuil dúshláin shuntasacha roimh scoileanna i limistéir Ghaeltachta agus go bhfuil gá le polasaí ar leith le bearta spriocdhírithe chun feabhas a chur ar an soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge. Sa pholasaí seo leagtar amach an dóigh ina gcuideoidh an córas oideachais le tacú agus cur chun cinn úsáid na Gaeilge mar theanga dhúchasach bheo sa Ghaeltacht amach anseo.

Faoin pholasaí, is féidir le scoileanna atá lonnaithe i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta spéis a léiriú chun páirt a ghlacadh sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Chun aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta beidh ar scoileanna feidhmiú go hiomlán trí mheán na Gaeilge (seachas an curaclam don Bhéarla agus do theangacha eile) mar atá leagtha amach i gcritéir theanga-bhunaithe an Pholasaí. Cuirfear ar chumas scoileanna an t-aitheantas seo a bhaint amach thar thréimhse chúig bliana (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2018)

Léirigh líon iomlán na mbunscoileanna agus an mheánscoil sa LPT suim le haitheantas a bhaint amach mar scoileanna Gaeltachta trí iarratas a dhéanamh ar scéim na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Reáchtáladh cruinnithe poiblí sa cheantar le heolas a scaipeadh maidir leis an tumoideachas agus le ceisteanna ar bith a bhí ag an phobal a fhreagairt. Is é mar seo a leanas a reáchtáladh na cruinnithe sin:

Dáta	Eagraithe ag:	I láthair	Áit
8/6/17	Coláiste na Carraige	Príomhoide ó Colaiste na Carraige, Príomhoidí ón Charraig, Mín an Aoire, Cill Chartha agus Gleann. Baill den bhord bainistíochta. Eunan, Liam, Margaret agus Aoibheann ón Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga.	Coláiste na Carraige
24/8/17	Comhairle Paróiste Cill Chartha	Tuismitheoirí, príomhoide ó Scoil Náisiúnta Cill Chartha, ionadaí ó Údarás na Gaeltachta (Seamus Ó G), ionadaí ó oifig an Aire Joe McHugh, ionadaithe ón Chomhairle Paróiste, ón bhord bainistíochta agus ón Choiste Stiúrtha Pleanála	Aislann Cill Chartha
12/9/17	An Roinn Oideachais	Cigire ón Roinn, cruinniú le príomhoide, múinteoirí, tuismitheoirí, bord bainistíochta agus ionadaithe ón Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga	Scoil Chartha Naofa, Cill Chartha.
12/9/17	An Roinn Oideachais	Cigire ón Roinn, cruinniú le príomhoide, múinteoirí, tuismitheoirí, bord bainistíochta agus ionadaithe ón Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga.	Scoil Náisiúnta na Carraige.
13/9/17	An Roinn Oideachais	Cigire ón Roinn, cruinniú le príomhoide, múinteoirí, tuismitheoirí, bord bainistíochta agus ionadaithe ón Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga	Scoil Náisiúnta Mín an Aoire.
13/9/17	An Roinn Oideachais	Cigire ón Roinn, cruinniú le príomhoide, múinteoirí, tuismitheoirí, bord bainistíochta agus ionadaithe ón Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga.	Scoil Náisiúnta An Chaiseal
14/9/17	An Roinn Oideachais	Cigire ón Roinn, cruinniú le príomhoide, múinteoirí, tuismitheoirí, bord bainistíochta agus ionadaithe ón Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga.	Scoil Náisiúnta Mín Tine Dé
4/10/17	Coláiste na Carraige	Cigire ón Roinn, Príomhoide ó Coláiste na Carraige, Baill den BOM, Eunan ón gCoiste Stiúrtha Pleanála Teanga.	Coláiste na Carraige
12/12/17	Coláiste na Carraige	Tuismitheoirí, Múinteoirí ó na scoileanna, Príomhoide ó Colaiste na Carraige, Eunan, Margaret agus Aoibheann ón Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga. Scaifte mór.	Coláiste na Carraige
15/1/18	COGG agus Coláiste na Carraige	Cruinniú le tuismitheoirí ó na scoileanna uilig (Ard an Rátha ina measc). Scaifte ollmhór.	Coláiste na Carraige

Tábla 3.11: Sraith Cruinnithe ar an Tumoideachas 2017/2018

3.5.4 Seirbhísí don Aos Óg

Bíonn cuid mhaith den bhunadh óige sa LPT ag freastal ar champaí samhraidh éagsúla, CúlCamp, campa Cásca, campa snámha, campa ceoil, sacair, Gaeilge, cultúir, damhsa, Foróige, campaí samhraidh Dolmen, Tír Boghaine, ach is léir ón taighde gurb é an Béarla atá in uachtar. Ina dhiaidh sin, feicfear sa taighde gurb iad na leanaí óga bunscoile an dream is líonmhaire cainteoirí Gaeilge, 96.2%.

- Níl club Foróige ar bith ag feidhmiú sa LPT ach déanann roinnt pásití ón LPT freastal ar chlub Foróige sna Gleannta a reáchtáltar trí Bhéarla.
- Tá clubanna Cumainn Lúthchleas Gael i gCill Chartha, i nGleann Cholm Cille agus in Ard an Rátha.

Seo roinnt de na campaí / laethanta a reáchtáladh i mbliana:

- Club óige i gCill Chartha cláraithe le hÓige na Gaeltachta agus roinnte idir 2 aoisghrúpa–
  i. Bunchlub Óige ag freastal ar pháistí idir 7 agus 12 bliana d'aois.
  ii. Club Óige ag freastal ar phásití idir 12 agus 18 bliana d'aois. Tá an club seo ag feidhmiú i rith na bliana.
- Campaí Samhraidh leis an C.L.G. i nGleann Cholm Cille, i gCill Chartha agus i Scoil an Bhreacaigh.
- Campa Peile i rith na Cásca leis an C.L.G.
- Campa Sacar sna Cealla Beaga ag freastal ar pháistí ón LPT.
- Lá Spraoi do Theaghlaigh i nGleann Cholm Cille.

Baineann an-mhórán tábhachta leis an óige nó is iad an t-aos óg a ghlacann postanna samhraidh agus postanna deireadh seachtaine ag freastal i mbialanna, i siopaí, agus roinnt acu i dtithe leanna, an cheantair, áit a dtiocfadh leo dul i bhfeidhm ar an phobal bhuan agus shealadach araon. Is den riachtanas é go n-ardófar an uimhir líofachta ina measc ó na céatadáin thuas (ag Tábla 3.5), i gceantar C, trí na forais oideachais san áit le 'glúin nua cainteoirí Gaeilge a chur ar fáil sa Ghaeltacht' mar a moladh sa SCT (Ó Giollagáin et al., 2007c: 27).

3.5.5 Grúpaí / Coistí an LPT

Seo a leanas liosta de na príomhchoistí agus na heagraíochtaí atá ag feidhmiú sa LPT:

Réimse	Club
Spórt	CLG Naomh Columba
	CLG Chill Chartha
	CLG Ard an Rátha
Ceol/Dramaíocht	Kilcar Variety Group
	Cumann Dramaíochta Ghleann Cholm Cille
	Cairdeas na bhfidléirí
	Ceol na gConallach
	Ceartlann Ceoil
Coláistí Samhraidh	Coláiste Aoidh Mhic Bricne
	Coláiste Chara
	Oideas Gael
Ionad Taighde / Foilsitheoireacht	Acadamh Ríoga na hÉireann
Eagraíochtaí / Coistí Pobail	Aislann Chill Chartha
	Comhairle Paróiste Cill Chartha
	Cóiste Forbartha na Carraige
	Lár Comhairle Paróiste Ghleann Colm Cille
	Coiste Forbartha Mhín an Aoire
	Comhairle Paróiste Gleann Cholm Cille
	An Clachán
An Eaglais	Teach an Phobail na Carraige
	Teach an Phobail Chill Chartha
	Teach an Phobail Ard an Rátha
	Teach an Phobail Ghleann Cholm Cille
	Teach an Phobail Mhín an Aoire
Eagrais Stáit	Údarás na Gaeltachta
	Comhairle Chontae Dhún na nGall
	Fáilte Éireann

Tábla 3.12: Coistí/Eagraíochtaí an LPT

3.5.6 Seirbhísí Teanga

Tá na hionaid seo a leanas ag cur seirbhísí teanga ar fáil sa cheantar:

- Oideas Gael - cúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta.
- Coláiste Chara – ranganna Gaeilge do pháistí.
- Ionad Seirbhísí Teanga lonnaithe in Aislann Chill Chartha - cúrsaí grádaithe Gaeilge a shólathar le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta.
- Coláiste Aodh Mhic Bricne – ranganna Gaeilge do pháistí.

3.5.7 An Earnáil Ghnó

Tá go leor gnólachtaí a chuireann gach cineál seirbhíse ar fáil faoi láthair sa cheantar, ina measc siúd tá:

- Siopaí
- Tithe tábhairne
- Bialanna
- Tithe lóistín agus brúnna
- Garásití
- Monarchana
- Comhlachtaí tógála
- Gruaigeadóirí
- Comhlachtaí Iompar
- Oifig an phoist
- Comhlachtaí Éisc
- Comhlachtaí earraí cniotáilte
- Adhlacóirí
- Cuntasóirí

3.5.8 Caitheamh Aimsire

Tá gairdín pobail ag feidhmiú i ngach ceantar acu seo a leanas:

- Gleann Cholm Cille
- Cill Chartha
- Ard an Rátha

3.6 Topagrafaíocht an Cheantair

Tá Cill Chartha gar go leor do na Cealla Beaga ach ina dhiaidh sin is bealach casta go leor é fosta. I mbéal dhá ghleann agus i mbéal Chuan Tamhnaigh atá sé, rud a chiallaíonn nach féidir Slí an Atlantaigh Fhiáin a thaisteal gan dul trí Chill Chartha. De bharr na sléibhte atá thart ar cheantar Chill Chartha, ní féidir tiomáint go hArd an Rátha gan aghaidh a thabhairt siar i dtreo na Carraige nó soir i dtreo na gCealla Beaga.

Tá tarraingt ag na sluaite ar Ard an Rátha cionn is go bhfuil aghaidh an bhaile siar ar áilleacht chuanta an dá Luacharois chomh maith le radharc sléibhte is gleannta lena thaobh aneas go háirithe. Tá an baile lárnach go maith agus tá bóithre go leor ag síneadh as a chiallaíonn nach turas fada na Cealla Beaga ná Baile Dhún na nGall féin. Tá mórchuid de thalamh na leithinse thar dhá chéad méadar os cionn farraige le tá dhá shliabh mhóra na leithinse, Sliabh Liag ar an chósta theas agus Sliabh Tuaidh ar an chósta thuaidh.

Figiúr 3.3: Topagrafaíocht an LPT (CSO, 2016)

Tá achan bhóthar siar is aniar idir an dá shliabh mhóra sin, thar chnoic agus sléibhte nach iad, an bealach is tábhachtaí díobh, an R326, ina measc. Is é an bóthar le taobh Abhainn Ghlinne trí Mhín an Aoire, Chróibh agus Gleann Gheise an bealach is dírí agus is fusa ó thuaidh go hArd an Rátha. Thig trácht Ghleann Cholm Cille aniar trí Mhín an Aoire fosta. Tá bealaí casta eile ann go hArd an Rátha agus is mór is fiú iad ag turasóirí nó bíonn aghaidh na dturasóirí siar tríd an leithinis go mór sa tsamhradh go háirithe ó tionscnaíodh Slí an Atlantaigh Fhiáin. Tarraingíonn siad siar ar fad go Málainn Bhig agus go Port fiú amháin, bíodh is gur bóithre caocha ag an deireadh iad.

3.7 Lonnaíocht

Tá mórán de phobal an cheantair lonnaithe sna gleannta agus le taobh na gcodanna sin den chósta a bhfuil bóithre amach ann. Is lonnaíocht thraidisiúnta é, tithíocht sách scáinte den chuid is mó cionn is gur feirmeoireacht chaorach amháin atá, nó a bhíodh, ar bun lasmuigh de na bailte. D'aistrigh roinnt daoine isteach le taobh na mbailte, ach tá an lonnaíocht thraidisiúnta i dtithe scoite láidir go leor sa cheantar go fóill mar a léirigh dlús daonra an daonáirimh 2016 (Tábla. 3.2 thuas). D'ainneoin doghrainn agus deacrachtaí na mbealaí taistil, bíonn na pobail éagsúla ag freastal ar oícheanta ceoil agus ar eachtraí sóisialta a chéile agus i ngnóthaí spóirt mar a chéile.

3.8 Bonneagar an Cheantair

3.8.1 Fisiciúil & Teileachumarsáid

Tháinig feabhas mór ar phríomhbhóithre agus ar chéanna an cheantair le deich mbliana anuas ach tá tuilleadh infheistíochta de dhíth. Tá seirbhís leathanbhanda ar fáil sa chuid is mó den cheantar agus tá E-Fibre ar fáil ar shráidbhailte Chill Chartha agus na Carraige ach tá gá le tuilleadh infheistíochta sa tseirbhís leathanbhanda agus sa chóras teileafóin soghluaiste, ar an drochuair, le bearnaí sa chlúdach a líonadh.

3.8.2 Eacnamaíocht & Fostaíocht an Cheantair

Bhíodh traidisiún láidir iascaireachta i gCill Chartha agus i nGleann Cholm Cille, (agus ar na Cealla Beaga ar ndóiche) ach tá an earnáil thraidisiúnta seo imithe i léig de thairbhe athruithe i rialacha agus cuótanna iascaireachta. Is é an tionscal próiseála éisc (séasúrach) an fostóir is mó sa cheantar le hEargail Éisc Teoranta i Mín an Aoire, i bparóiste Ghleann Cholm Cille. Bhíodh tionscal láidir fíodóireachta / cniotála san Iar-Dheisceart, i gCill Chartha agus in Ard an Rátha ach tháinig cúlú mór ar an tionscal seo mar a tháinig ar mhórán den seantionscal traidisiúnta déantúsaíochta. É sin ráite, tá an earnáil teicstíle tábhachtach sa bhunsraith fostaíochta i gCill Chartha go fóill / faoi láthair (Údarás na Gaeltachta, 2017).

Bhí 688 post lánaimseartha agus 20 post páirtaimseartha curtha ar fáil i gcliaintchomhlachtaí an Údaráis sa cheantar in 2017. Is iad seo a leanas na comhlachtaí a bhí i gceist:

Ainm	Gnó
Arán Ard Teoranta	Báicéireacht
Earagail Éisc Teo	Proiseáil Éisc
Cuan Tamhnaigh Teo	Ábhar Teicstíle
Snáth Dún na nGall Teo	Sníomh & Snáth
Donal Mc Monagail & a Mhic Teo	Cairéalacht Cloch
Oileán Glas Teo	Próiseáil Feamnaí
Bá Dhún na nGall Teo	Earraí Cniotála
Cliabháin Cósta Teo	Déantús Eangacha
Darni Ceard Teo	Bréidín / Ábhar Teicstíle
Comhlachtaí / Gnólachtaí eile ina bhfuil níos lú na deichniúr fostaithe	

Tábla 3.13: Fostaíocht an LPT (Údarás na Gaeltachta, 2017)

3.8.3 Earnáil na Turasóireachta

Tá an turasóireacht shéasúrach láidir sa LPT, go háirithe an turasóireacht chultúrtha (Oideas Gael, An Daonbhaile, Coláiste Aoidh Mhic Bhricne agus Coláiste Chara) ach is gá an réimse seo a neartú trí thograí breise seirbhíse.

Slí an Atlantaigh Fhiáin

Tá Sliabh Liag / Bun Glas aitheanta mar cheann de na *Signature Points* ag Fáilte Éireann ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Tá agus beidh tionchar dearfach aige seo ar líon na gcuairteoirí go hÉirinn a tharraingt i dtreo an Iarthuaiscirt. Níl an t-infreastruchtúr cuí in áit go fóill le tromlach na gcuairteoirí a choinneáil sa cheantar Gaeltachta. Tá trí *Discovery Point* ar an leithinis – An Mhálainn Bhig, Cionn Mhucrois agus Malaidh Ghleann Gheis.

Tionscnamh Shliabh Liag

Tá tionscnamh Shliabh Liag aitheanta agus á chur chun cinn agus á mhaoiniú ag Comhairle Chontae Dhún na nGall & Fáilte Éireann le maoiniú ó Chlár Interreg agus le tacaíocht an Údaráis mar mhór-thogra turasóireachta i nGaeltacht Dhún na nGall.

Tionscnaimh Thurasóireachta eile

- Ionad Siúil Ghleann Cholm Cille atá lonnaithe ag ceann dhá shiúlóid chiorcalacha úra atá forbartha agus aitheanta ag Fáilte Éireann i gceantar Chionn Glinne.
- Ionad Cultúrtha Shliabh Liag /Tí Linn ar an bhóthar ó Theileann suas go Bun Glas (Sliabh Liag).
- Áras Ghleann Cholm Cille (Iar Ionad Eachtraíochta na Málainne Móire).
- An Daonbhaile / An Clachán.

Tá tionscnaimh turasóireachta eile gníomhach sa leithinis chomh maith ag cur na seirbhísí seo a leanas ar fáil:

- Dríoglann Shliabh Liag Teoranta.
- Turais bád.
- Rothaíocht.
- Turais Bus.
- Brú & Ionad Campála.
- Muileann Coirce Leitir Teoranta - bunaithe in 2014 le sean mhuileann coirce de chuid na naoú haoise déag i gCill Chartha a athchóiriú, a chaomhnú agus a fhorbairt mar ionad turasóireachta.
- Seirbhís eolais do thurasóirí ar bhonn séasúrach.

Bia agus Lóistín

- Óstan Shliabh Liag ar an Charraig – lóistín agus bialann.
- *An Rusty Mackerel* – lóistín, bialann agus teach tabhairne.

Siúlóidí

1. Tá slí de chuid Bhealach na Gaeltachta – Slí Cholm Cille atá 65 ciliméadar ar fhad ag toiseacht agus ag críochnú in Ard an Rátha. Téann an slí ar lúb thart fríd Chill Chartha, isteach 'na Carraige agus go dtí an Caiseal ar ais go hArd an Rátha.

2. Tá Lúb an Túir – ó Ghleann Cholm Cille atá 10 gciliméadar ar fhad ag toiseacht agus ag críochnú i nGleann Cholm Cille.

3. Tá Lúb an Droma – ó Ghleann Cholm Cille atá 13 chiliméadar ar fhad ag toiseacht agus ag críochnú i nGleann Cholm Cille.

4. Tá Turas an Oilithrigh atá 3.9 chiliméadar ar fhad ag toiseacht i dTeileann agus ag críochnú ar Shliabh Liag.

5. Bealach na gCruach atá 51 ciliméadar ar fhad ag toiseacht in Ard an Rátha.

6. Anaclann Dúlra an tSeascainn Mhóir atá 4 chiliméadar ar fhad in Ard an Rátha.

Bíonn an siúl sléibhe agus siúl le cósta ag tarraingt daoine chun an cheantair go seasta, ag deireadh na seachtaine go háirithe, agus is mór an cuidiú seo do thithe lóistín, do shiopaí, do thithe leanna agus do na brúnna.

3.8.4 Turasóireacht chultúir

Tá an turasóireacht chultúir ag forbairt le blianta fada, ó thús an chéid seo caite fiú amháin le coláistí samhraidh; Coláiste Aoidh Mhic Bhricne atá ag feidhmiú i dTeileann ó 1955 agus tarraingíonn obair Oideas Gael aird mhór as gach cearn in Éirinn agus i gcéin ar Ghleann Cholm Cille agus ar an taobh tíre ar fad. Níos tábhachtaí arís ná aird mhuintir na turasóireachta cultúir, is foras é seo atá lonnaithe sa LPT a bhfuil saintaithí ann ar dhaoine a chur ag labhairt na Gaeilge. Tá Coláiste Chara ag feidhmiú sa cheantar le 10 mbliana anuas fosta.

3.8.5 Ionaid Pobal / Chultúrtha

Áislann Chill Chartha

Tá an Áislann i gCill Chartha agus bíonn imeachtaí sóisialta agus cultúrtha go leor ann i rith na bliana, idir cheol, chúrsaí éagsúla, ranganna Gaeilge, ionad aclaíochta agus tá caifé ann. Reáchtáltar coláiste samhraidh ann agus bíonn dianchúrsa faoi Cháisc acu do dhaltaí mheánscoile a bhíonn ag ullmhú le haghaidh scrúduithe.

Oideas Gael

Bunaíodh Oideas Gael i 1984 agus ó shin tá na céadta duine ag tarraingt gach bliain ar a chuid cúrsaí Gaeilge agus a chláracha cultúrtha. Cuirtear meascán de chúrsaí agus de sheisiúin chultúrtha laistigh de phobail Ghaeltachta ar fáil ionas go bhféadfadh foghlaimeoirí an Ghaeilge a fhoghlaim / a fheabhsú agus páirt a ghlacadh i saol na Gaeltachta.

Ionad Oidhreachta Ard an Rátha

Caitear súil siar ar stair dhéanamh an bhréidín i gceantar Ard an Rátha san Ionad Oidhreachta i bhfoirm sean-ghrianghraif, i dtaispeántais agus i mionsamhlacha. Lena chois sin reáchtáiltear ranganna Gaeilge, ceoil agus céilí san ionad chomh maith.

3.9 Saothair Ghaeilge an Cheantair

Is cóir a lua go bhfuil an Ghaeilge á saothrú ar dhá bhealach thábhachtacha sa cheantar le blianta fada anuas go dtínár linn féin trí shaothair scríofa, in ealaín na scéalaíochta agus trí thraidisiún na hamhránaíochta. Táthar ag saothrú idir litríocht bhéil agus an litríocht scríofa. Léiríonn an dá ghné seo go bhfuil tuiscint i measc an phobail seo ar an tsaibhreas atá inár measc go fóill agus go bhfuil meas dá réir ar lucht a chleachta. Soláthraíodh obair scolártha ón cheantar le blianta fada, saothair a bhí bunaithe ar Ghaeilge an cheantair, saothair a tharraing aird daoine lasmuigh, rud a d'fhág iomrá ar an áit. Tá obair leanúnach na foclóireachta náisiúnta ar bun in Ionad Acadamh Ríoga Éireann ar an Charraig go fóill.

Ghlac cuid de mhuintir an cheantair páirt in obair scolártha agus in éigse na Gaeilge anuas na blianta fosta ó thosaigh Pádraig Ó Beirn as Málainn Bhig ag ceapadh saothar cruthaitheach breis is céad bliain ó shin agus Séamus Ó Doraidhean as Leitir, Cill Chartha 'tá dhá chéad bliain ó shin' (Mac Cuinneagáin, É., 2000: 236; Ó Domhnaill, M., 2000: 255). Tá trácht ar scoil chlasaiceach .i. Laidin agus Gréigis i gCruach 'sular bunaíodh Coláiste Adhamhnáin' (Mac Cuinneagáin, É., 2000: 236).

Foilsítear leabhair fiúntacha móide dlúthdhioscaí, thiocfaí a rá, go féiltiúil faoi láthair, leabhair agus dioscaí ina bhfuil seansaibhreas an cheantair curtha ar fáil den chéad uair. D'fhág saothrú sléibhe agus saothrú gharraí an iascaire urlabhra láidir san áit, agus murar fágadh fuíoll molta ar Theileann an éisc as treise na Gaeilge san áit, tuigeadh go raibh saibhreas cainte sa tSeanghleann fosta:

> Sin é an dóigh a bhfuair mé amach gur i nGleann Cholm Cille is feárr a bhfuil geminatae na Sean-Ghaedhilge coinnighthe go fóill agus sin é an fáth a gcuirim sonnrughadh fa leith san leabhar seo i gceist fhad na gconsan, mar nach bhfuil mórán cur síos fa dtaobh don cheist seo le fagháil i leabhair foghraidheachta eile (Wagner, H., 1979: 4).

Is ionann sin is a rá go bhfuil an dá Ghaeilge sa LPT seo, réimeanna cainte a bhaineann le feirmeoireacht sléibhe agus le hiascach na farraige. Is léir an méid sin ach súil a chaitheamh ar theidil roinnt alt de chuid Sheáin Uí Eochaidh. Tháinig traidisiún scéalaíochta, amhránaíochta agus ceol uirlise anuas go láidir sa cheantar, an naomhsheanchas lena gcois sin agus ní go hannamh a bhaineann duine as taobh amháin nó eile den LPT seo an chéad duais sa scéalaíocht ag Oireachtas na Gaeilge, is é sin, as Teileann, Mín an Aoire nó as Ard an Rátha. Is sa phobal seo amháin in Éirinn a taifeadadh laoithe Fiannaíochta, ealaín nach maireann ach amháin ar an taobh eile de Shruth na Maoile thall in Albain faoin am seo (Mac Cuinneagáin, É., 2000: 236). Béimníonn an méid seo an saibhreas cainte atá go fóill i gceantair scoite an LPT seo.

Tá liosta de shaothair as an cheantar ar fáil in Aguisín II.

4. Léargas ar Ullmhú an Phlean Teanga

4.1 Ardú Feasachta agus Scaipeadh Eolais

4.1.1 Réamhobair

Mar chuid den réamhobair i nDún na nGall Theas in 2013 eagraíodh sraith cruinnithe poiblí leis an phobal a chur ar an airdeall faoin phróiseas pleanála teanga agus an deis a bheadh ag eagraíochtaí agus grúpaí pobail iarratas a dhéanamh le bheith ina gCeanneagraíocht ar Limistéar Pleanála Teanga (LPT) Dhún na nGall Theas (Leithinis Shliabh Liag).

Tar éis ainmniúchán an cheantair ina LPT agus an phróiseas measúnaithe ar na hiarratais, roghnaíodh Lár Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille le bheith ina Ceanneagraíocht. Tugadh cuireadh do ghrúpaí pobail, do choistí agus scoileanna Dhún na nGall Theas freastal ar sheisiún eolais faoin phleanáil teanga ar an 12 Feabhra 2014. Gan mhoill ina dhiaidh sin bunaíodh Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Leithinis Shliabh Liag chun togra na pleanála teanga go háitiúil a bhrú chun cinn.

Dáta	Ionad
24/1/2013	Cruinniú poiblí gColáiste na Carraige.
16/5/2013	Cruinniú poiblí / ceardlann agus cur i láthair ó Ghlór na nGael i gColáiste na Carraige.
7/10/2013	Cruinniú poiblí / ceardlann i gColáiste na Carraige.
12/2/2014	Cruinniú poiblí / ceardlann i gColáiste na Carraige.
1/12/2014	Cruinniú le Coiste Feidhmeannach LCPG (Comhaontú le síniú)

Tábla 4.1: Cruinnithe Poiblí a tionóladh mar réamhobair

Ba é 17 Feabhra 2015 céad chruinniú an choiste stiúrtha.

4.1.2 Brandáil agus Scaipeadh Eolais

Le tús a chur leis an fheachtas feasachta, dearadh lógó do Leithinis Shliabh Liag agus baineadh úsáid as le feasacht a ardú ar an choiste agus ar an obair a bhí ar siúl aige. Chomh maith leis sin, baineadh úsáid as seo mar bhranda don phróiseas pleanála teanga sa LPT. Dearadh roinnt leaganacha éagsúla den lógó sular socraíodh ar an cheann thíos a léiríonn mapa den LPT agus ainm an tionscnaimh.

Figiúr 4.1: Lógó an LPT

Figiúr 4.2: Bileog Eolais don Phobal (leagan béarla ar fáil in Aguisín III)

Tar éis don Choiste dul i mbun oibre ar an phróiseas pleanála teanga scaipeadh an bhileog thuas ar thithe an cheantair le daoine a chur ar an eolas agus le feasacht a ardú i dtaca leis an Ghaeilge agus na buntáistí a bhaineann léi mar theanga phobail. Socraíodh leagan Gaeilge agus Béarla de na bileoga a chur ar fáil mar gur aithníodh an tábhacht a bhain le dul i bhfeidhm ar gach ball de phobal an LPT, cainteoirí Gaeilge agus daoine nach bhfuil Gaeilge acu araon.

4.1.3 Na Meáin Chumarsáide

Rinneadh fógraíocht rialta ar na meáin chumarsáide chun an pobal a choinneáil ar an eolas faoin phróiséas pleanala teanga mar shampla:

- Ar na stáisiúin raidió áitiúla – Raidió na Gaeltachta, Highland Radio agus Owenea FM.
- Sna nuachtáin áitiúla.
- Sna nuachtlitreacha i dtithe an phobail.

Eisíodh preasráitis ag na hamanna cuí le fógraíocht a dhéanamh maidir le hobair na ceanneagraíochta agus le cruinnithe poiblí a fhógairt.

4.1.4 An tIdirlíon agus na Meáin Shóisialta

Cruthaíodh suíomh gréasáin do LPT Dhún na nGall Theas agus baineadh leas as nuair a bhí an próiseas pleanála teanga faoi lán seoil. Rinneadh uasdátú go rialta air ach tá roinnt forbartha le déanamh ar an suíomh seo go fóill agus beidh seo le plé i mbearta an phlean.



Figiúr 4.3: Suíomh Gréasáin do LPT Dhún na nGall Theas

Baineadh leas as na meáin shóisialta go rialta (leathanach Facebook LCPGCC) mar phointe teagmhála le pobal an LPT a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn, le feasacht a ardú agus machnamh a chothú ar an phróiseas pleanála teanga sa LPT dá réir sin.

Figiúr 4.4: Leathnaigh Facebook LPT Dhún na nGall Theas

4.2 An Taighde

Bailíodh an t-eolas atá cheana féin ar fáil faoin LPT i nDaonáireamh na hÉireann 2011 agus 2016 agus sa SCT mar réamh-ullmhúchán don taighde príomhúil.

4.2.1 An Suirbhé

Aithníodh ón tús go mbeadh an t-ardú feasachta riachtanach le teacht ar an eolas cruinn a léireodh dearcadh teanga phobal an LPT, nó is ceantar a bhfuil éadlús daonra agus éagsúlacht go leor ann.

Fógraíodh go poiblí ar na meáin agus trí chomharthaí ollmhóra a cuireadh suas sa cheantar ar fad go mbeifí ag tabhairt faoi shuirbhé teanga sa phobal agus sna scoileanna agus go mbéarfaí faill don phobal a dtuairimí féin a roinnt agus a chur chun cinn mar chuid den phlean.

Efforts being made to retain the Irish language in south Donegal

Figiúr 4.5: Fógraíocht sna meáin

Figiúr 4.6: Fógraí ollmhóra a cuireadh suas sa cheantar

Ba den riachtanas é mar sin go ndéanfaí an taighde don phleanáil teanga tríd an oiread den phobal ar fad má b'áil linn teacht ar fhíorthuairimí faoi dhearcthaí teanga na ndaoine. Chuige sin, baineadh úsáid as 4 cheistneoir ar fad:

- an Cheistneoir Comónta (Aguisín IV)
- an Cheistneoir don Óige – Bunscoil (Aguisín V)
- an Cheistneoir don Óige – Iar-Bhunscoil (Aguisín VI)
- Ceistneoir na nEagraíochtaí & an Luchta Gnó / Seirbhísí (Aguisín VII)

Scaipeadh fograí ag lorg timirí le freastal ar na ceantair éagsúla agus nuair a bhí said faighte fógraíodh go mbeadh siad ag tabhairt cuairte ar thithe sa LPT leis na ceistneoirí a dháileadh, a mhíniú, agus a bhailiú. Cuireadh an pobal ar an eolas fosta go mbéarfaí cuairt ar fhorais éagsúla an phobail, scoileanna san áireamh agus go mbéarfaí achan deis don phobal a dtuairimí a roinnt agus a chur chun cinn sa phlean.

Seo a leanas roinnt den ábhar feasachta a bhí ar fáil ar fud an cheantair:

Pleanáil Teanga - Timirí a dhíth - / Language Planning Assistants required .
Tá Coiste Stiúrtha Limistéar Pleanála Teanga Leithinis Shliabh a' Liag ag lorg Timirí ó Pharóistí **Ghleann Cholm Cille, Cill Chartha agus Ard an Rátha** le cuidiú leo dul ó theach go teach sna paróistí ag líonadh ceistneoirí maidir le staid na Gaeilge mar pháirt d'ullmhúcháin Plean Teanga don cheantar go luath. Beidh liúntas taisteáil ar fáil chomh maith le roinnt oiliúint. Bheadh sé ina chuidiú dá mbeadh Gaeilge ag na timirí. Má tá suim agat bheith páirteach sa phroiséis seo, déan teagmháil le 087-7736247 nó oifiglcpg@gmail.com *chomh luath agus is féidir le bhur dtoil.*

The Language Planning Steering Committee of the Sliabh a' Liag Peninsula are seeking assistants from the parishes of ***Glencolmcille, Kilcar and Ardara*** *to conduct a door to door survey/questionnaire. This survey will help us ascertain the current state of the Irish Language and will be used in the preparation of the Language Plan for the area. A travel allowance will be paid to participants and training will be provided. If you are interested in being part of this process, please contact 087-7736247 or oifiglcpg@gmail.com as soon as possible please.*

Figiúr 4.7: Suíomh Gréasáin do LPT Dhún na nGall Theas

Ábhar feasachta i dtaca leis an suirbhé teanga:



Figiúr 4.8: Bileog eolais don phobal maidir le cuairt na dtimirí

Scaipeadh bileog eolais ar fud an cheantair dírithe ar dhaoine a bheadh sásta timireacht a dhéanamh agus á gcur ar an eolas faoi sheisiún treanála a bhí curtha ar fáil dóibh.

Figiúr 4.9: Bileog eolais faoi sheisiún traenála do thimirí.



BÉAL AN PHOBAIL

Tionscnamh pleanála teanga
leithinis Shliabh Liag

SUIRBHÉ TEANGA / LANGUAGE SURVEY

Beidh baill/timirí ó Choiste Pleanála Teanga Leithinis Shliabh a Liag ag dul ó theach go teach i nGaeltachtaí Ghleann Cholm Cille, Chill Chartha agus Ard an Rátha gan mhoill le ceistneoir maidir le Staid na Gaeilge sa cheantar a thomhais. Beidh tús a chur leis an cheistneoir seo ar an Luain 6ú Márta ar feadh roinnt seachtain. Beidh cartaí aitheantais a iompair acu. Ní ghlacaidh an cheistneoir ró-fhada le líonadh agus iarramaid oraibh an deis seo a ghlacadh an t-eolas riachtanach seo a thabhairt le cuidiú le athbheochan agus forbairt na Gaeilge sa cheantar a neartu. Tá na ceistneoirí seo go dhá-theangach agus gan ainm agus beidh an timire ansin le tacaíocht a thabhairt é a líonadh más gá. Bheinn fíor bhuíoch daoibh as bhur gcomhoibriú. Go raibh maith agaibh!

A team of volunteers and committee members for the Sliabh a' Liag Peninsula Language Planning area will commence a door to door survey shortly which will aim to establish the state of the Irish Language in the Gaeltachts of Glencolmcille, Kilcar and Ardara. It is anticipated that this survey will commence on Monday March 6th and continue for a number of weeks. These volunteers will carry Identification Cards. The survey will not take up too much of your time and we would ask that you all take this opportunity to provide the required information which will help the revitalisation and development of the Irish language in the area in the future. The questionnaires are bilingual and anonymous and the volunteer will provide any required assistance when filling in the information. We would greatly appreciate your co-operation with this. Many thanks!

Figiúr 4.10: Bileog eolais don phobal.



BÉAL AN PHOBAIL

Tionscnamh pleanála teanga
leithinis Shliabh Liag

Bhí _____ anseo inniu chun ceistneoir a líonadh maidir le Staid na Gaeilge sa cheantar a thomhais. Má tá deis agat, glac cúpla bomaite chun an cheistneoir dhátheangach iniata a líonadh, le do thoil. Beidh mé arais chun é a bhailiú ar an _____ nó glaoigh ar _____ le am oiriúnach a shocrú nó má tá tuileadh ceistneoirí a dhíth ort.

_____ *called today to complete a questionnaire about the the state of the Irish Language in the area. If you get the opportunity, please take a few minutes to complete the bilingual questionnaire enclosed. I will return on _____ to collect it or you can call _____ to discuss a suitable time or would like extra questionnaires.*

Figiúr 4.11: Nóta ó na timirí.



BÉAL AN PHOBAIL

Tionscnamh pleanála teanga
leithinis Shliabh Liag

Timire Pleanála Teanga

Pictiúr

AINM AN TIMIRE

Figiúr 4.12: Cárta Aitheantais an Timire

Rinneadh fógraíocht leanúnach sna meáin faoin phróiseas pleanála teanga agus an dul chun cinn á dhéanamh. Nuair a bhí an suirbhé críochnaithe cuireadh uasdátú ar fáil sna meáin i dtaca le rath an tsuirbhé agus an tacaíocht ón phobal a bhí ar fáil don Ghaeilge:

44 LOCAL NOTES DonegalPost

KILCAR/GLENCOLMCILLE NEWS

Survey indicates significant support for Irish language in South West Donegal

Survey finds support for Irish

Support for the Irish language is strong in south Donegal according to the results of 400 questionaires that were sent out to people in the parishes of Gleann Cholm Cille, Ard a' Bhtha and Cill Cartha.

The information was gathered by the Irish language steering committee for the south Donegal area, Ildal an Fhobail.

There are still a number of households that have not been covered by the survey, with regard to the status of the Irish language, which is hoped to be completed by the end of October 2017.

When compiling the language plan for the area, the ideas and suggestions proposed by individuals in the questionnaires will be considered for implementation.

If you did not receive a survey and would like one you can download it from the website http://www.boulan-phobail.ie or contact the LCPG office.

Figiúr 4.13: Scéal faoin phróiseas a bhí sa nuachtán áitiúil

4.2.2 Na Ceistneoirí

Ba ghá dar linn a bheith ilghnéitheach le freastal ar éagsúlacht dearcaidh agus cumas cainte phobal an cheantair. Chuathas i mbun suirbhé sa phobal agus ar na scoileanna. Scaipeadh na ceistneoirí agus míníodh go dtiocfadh le daoine ceistneoir a líonadh ar an idirlíon ag úsáid an phacáiste *Surveymonkey*. Líonadh agus bailíodh ceistneoirí sna tithe idir Bealtaine agus Mí na Nollag 2017.

4.2.2.1 Ceistneoir na hÓige – Bunscoil

Scaipeadh ceistneoirí taighde páipéir i mbunscoileanna an cheantair ar fad agus bailíodh iad sular scaoileadh na scoileanna amach do shaoire an tsamhraidh 2016. Léiríodh an-spéis sa taighde ag an am agus bhí a shliocht ar an líon ard freagraí.

4.2.2.2 Ceistneoir na hÓige – Meánscoil

Rinneadh an taighde san aon mheánscoil amháin atá sa cheantar seo, Coláiste na Carraige, leis an phacáiste *SurveyMonkey* ar an idirlíon. Socraíodh ceistneoirí a scaipeadh ar gach bliain sa mheánscoil seachas an idirbhliain. Fuarthas líon ard freagartha ach bhí líon an-íseal ón chúigiú agus ón séú bliain cionn is go raibh sé ag teacht salach ar scrúduithe an tsamhraidh.

Spriocghrúpa:	Dáta Tosaithe	Dáta Críochnaithe	Líon Freagraí	Ráta Freagartha
Daoine Óga (bunscoil)	Meitheamh 2016	Iúil 2016	**104**	**90-100%**[17]
Daoine Óga (meánscoil)	Bealtaine 2016	Meitheamh 2016	**132**	**90-100%**

Tábla 4.2: Ceistneoir na nDaoine Óga

4.2.2.3 An Ceistneoir Comónta

Socraíodh ceistneoirí comónta a scaipeadh ar gach uile dhuine os cionn 18 mbliana d'aois sa LPT seo. Chuaigh baill den choiste ó dhoras go doras leis na ceistneoirí agus tugadh cead do na rannpháirtithe iad a líonadh ar pháipéar nó ar líne trí chóras *SurveyMonkey*.

Spriocghrúpa:	Dáta Tosaithe	Dáta Críochnaithe	Líon Freagraí	Ráta Freagartha
Pobal an LPT.	Bealtaine 2017	Nollaig 2017	764	33.9%[18]

Tábla 4.3: An Ceistneoir Comónta – Ráta freagartha

[17] Níl % cruinn anseo mar go raibh cuid de na páistí as láthair – bhí sé ag tarraingt ar am laethanta saoire ach líon na scoláirí uilig a bhí i láthair ar scoil na ceistneoirí.

[18] Cé gur scaipeadh ceistneoir ar gach duine thar 18 mbliana déaga d'aois i ngach teach, uaireanta níor líonadh ach ceistneoir amháin sa teach.

4.2.2.4 Ceistneoir na nEagraíochtaí agus an Luchta Gnó/Seirbhísí

Scaipeadh na ceistneoirí ar an lucht gnó trí ríomhphost agus trí nasc go dtí an suirbhé ar líne ag úsáid *Surveymonkey*.

Spriocghrúpa:	Dáta Tosaithe	Dáta Críochnaithe	Líon ceistneoirí a scaipeadh	Líon Freagraí	Ráta Freagartha
Lucht Gnó/Seirbhísí	Samhain 2017	Feabhra 2018	93	38	40.9%

Tábla 4.4: Ceistneoir na nEagraíochtaí & an Lucht Gnó/Seirbhísí

4.2.3 Cruinnithe Poiblí agus Ceardlanna

Glacadh leis gur chuid dhílis den obair bunadh an limistéir teanga a choinneáil ar an eolas faoi ghníomhaíocht an choiste achan chéim den bhealach, gur den riachtanas é a chur in iúl gur mhór againn an t-aiseolas a thiocfadh isteach uathu de réir a chéile. Chuige sin, chuathas i mbun cruinnithe poiblí agus ceardlanna go tráthrialta ó Feabhra 2015 go dtí Eanáir 2018:

Dáta	Ionad
8/12/2014	Cruinniú le Aislann Chill Chartha
26/2/2015	Cruinniú Oscailte Coiste Oibre Pleanála Teanga / ceardlann i gColáiste na Carraige.
11/6/ 2015	Cruinniú Cinn Bliana Coiste Stiúrtha PT
18/4/2016	Cruinniú Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga
25/4/2016	Cruinniú poiblí / ceardlann i Seanscoil na Carraige. (Aguisín VIII)
21/1/2017	Cruinniú poiblí don phobal agus do thimirí sa Mhálainn Bhig.
9/1/2018	Cruinniú poiblí i gColáiste Aoidh Mhic Bhricne 7.00i.n
9/1/2018	Cruinniú poiblí i Seanscoil na Carraige 8.30i.n.
10/1/2018	Cruinniú poiblí, Áislann Chill Chartha 7.00i.n
10/1/2018	Cruinniú poiblí in Ionad Pobail Mhín an Aoire 8.30i.n.
11/1/2018	Cruinniú poiblí, Halla Muire i nGleann Cholm Cille 7.00i.n.
11/1/2018	Cruinniú poiblí, Halla Pharóiste Ard an Rátha 8.30i.n.

Tábla 4.5: Cruinnithe Poiblí

Fógraíodh sé cinn de chruinnithe deiridh leis na coistí áitiúla ar chártaí Nollag 2017. Seoladh thart i ríomhphoist agus sna meáin sóisialta roimhré iad fosta. Bhíothas ag dréim le hionchur an phobail arís. Eagraíodh na cruinnithe sna pobail éagsúla. Bhí tinreamh iontach maith ag roinnt de na cruinnithe deiridh seo agus bhí go leor le rá ag na daoine. Míníodh roimhré go mairfeadh achan chruinniú uair an chloig agus go rabhthas ag dréim le hionchur an phobail féin: 'agus deis agat do thuairimí a nochtadh sula bhfoilsítear do phlean'. Scaipeadh foirmeacha thart i measc an tslua le go dtiocfadh an duine a bhí cúlánta ar aon dóigh a dhearcadh a nochtadh ar an bheartas teanga agus ar an phlean. Bhí slua maith i láthair i dTeileann le moltaí dearfacha ag teacht chun tosaigh. Bhí cruinniú maith ar an Charraig, áit a raibh díospóireacht dhearfach ann. Cruinniú fiúntach a bhí san Áislann le slua

maith i láthair agus moltaí dearfacha acu. Scaifte maith in Ionad na Paróiste, rinne siad díospóireacht agus bhí moltaí dearfacha acu. (Tá nótaí as na cruinnithe le fáil in Aguisín IX.)

Figiúr 4.14: An cárta Nollaig a scaipeadh ar an phobal



Figiúr 4.15: An téacs ar an chárta Nollag

5. Torthaí an Taighde

5.1 Anailís ar an Cheistneoir do Bhunscoileanna

5.1.1 Sampláil agus Modheolaíochtaí

5.1.1.1 Scaipeadh na gCeistneoirí

Tá sé bhunscoil lonnaithe sa LPT seo – Scoil Chartha Naofa, Scoil Náisiúnta an Bhreacaigh, Scoil Náisiúnta an Chaisil, Scoil Náisiúnta Mhín an Aoire, Scoil Náisiúnta Mhín Teineadh Dé agus Scoil Náisiúnta na Carraige – agus socraíodh ceistneoirí a scaipeadh ar pháipéar ar dhaltaí rang 4, rang 5 agus rang 6 tríd scoileanna sin uilig. Bailíodh na ceistneoirí ó na bunscoileanna idir mí Meithimh agus mí Iúil 2016.

5.1.1.2 Ráta Freagartha

Bhí ráta ard freagartha ar an cheistneoir seo: meastar gur fhreagair idir 90.0% agus 100.0% de na daltaí i ngach scoil an ceistneoir. 104 ceistneoir líonta a fuarthas ar ais san iomlán.

5.1.2 Eolas Ginearálta faoin Sampla

Tá an chuid is mó den sampla ina gcónaí ar an Charraig agus in Ard an Rátha (45.2%):



Figiúr 5.1: Áit Chónaithe na Rannpháirtithe

Tugtar sa tábla thíos na háiteanna éagsúla ar fad a shonraítear sna freagraí ar an cheist seo:

Mórcheantar	Bailte fearainn agus eile a shonraítear:
Ard an Rátha	An Choill, Ard an Rátha, Ard Conaill, Bóthar an Phortaigh/Bóthar na nGleantaí, Bóthar Phort Nua, Mín Teineadh Dé, Stormhill, Tulaigh an tSiáin
An Charraig	An Bogach, An Charraig, Port Eachrann, Sraith Laoill
Cill Chartha	An Chill Bheag, An Chógais, An Mhín Bhuí, An Tabhnaigh, Baile an Teampaill, Bíofán, Caiseal Charna, Caonachán, Cashlings, Cill Chartha, Droim na Fiongaile, Mucros
Gleann Cholm Cille	An Droim Rua, Gleann Cholm Cille, Mín na bhFiann
Mín an Aoire	Abhainn tSeiscinne, An Chróibh, Mín an Aoire, Mín an Chearrbhaigh, Strafin
Teileann	An tAtharach, Cruachlann, Rann na Cille, Teileann
Taobh amuigh den Ghaeltacht	Loch Moilt

Tábla 5.1: Rangú na bhFreagraí

Is as an LPT seo ó dhúchas tromlach mór na rannpháirtithe:



Figiúr 5.2: Áit Dúchais na Rannpháirtithe

Is daltaí rang 4, rang 5 agus rang 6 a ghlac páirt sa taighde seo, agus i Scoil Náisiúnta na Carraige a bhí an céatadán ab airde rannpháirtithe:



Figiúr 5.3: Briseadh síos de réir Scoile

5.1.3 Cúlra Teanga agus Cumas Gaeilge

5.1.3.1 Cumas Gaeilge na dTuismitheoirí/Caomhnóirí

Tuairiscíonn 41.3% den sampla go bhfuil Gaeilge ó dhúchas nó Gaeilge líofa ag tuismitheoir/caomhnóir amháin dá gcuid ar a laghad, ach deir 26.9% nach bhfuil aon Ghaeilge nó nach bhfuil ach beagán Gaeilge ag ceachtar dá mbeirt tuismitheoirí/chaomhnóirí[19]:

	Cumas Gaeilge na dTuismitheoirí/Caomhnóirí	Líon	Céatadán
A	Beirt le Gaeilge ó dhúchas/líofa	8	7.7%
B	Duine le Gaeilge ó dhúchas/líofa & duine le Gaeilge réasúnta maith	15	14.4%
C	Duine le Gaeilge ó dhúchas/líofa & duine le beagán Gaeilge/gan aon Ghaeilge	20	19.2%
D	Beirt le Gaeilge réasúnta maith	11	10.6%
E	Duine le Gaeilge réasúnta maith & duine le beagán Gaeilge/gan aon Ghaeilge	21	20.2%
F	Beirt le beagán Gaeilge /gan aon Ghaeilge	28	26.9%
	Gan freagra	1	1.0%
	Iomlán	**104**	**100%**

Tábla 5.2: Cumas Gaeilge na dTuismitheoirí

[19] Sa chás nár tugadh freagra nó nach raibh a fhios ag an rannpháirtí maidir le tuismitheoirí/caomhnóir amháin, áirítear an freagra faoi A, D nó F.



Figiúr 5.4: Cumas Gaeilge na dTuismitheoirí/Caomhnóirí

Níl ach beagán Gaeilge nó níl aon Ghaeilge ag duine amháin ar a laghad de na tuismitheoirí/caomhnóirí i gcás 66.3% de na rannpháirtithe, rud a fhágann go bhfuil cúlra measctha teanga ag formhór pháistí bunscoile an LPT.

Maidir lena gcumas teanga féin, deir formhór na rannpháirtithe (61.6%) go bhfuil Gaeilge réasúnta maith acu:



Figiúr 5.5: Cumas Gaeilge na Rannpháirtithe

Mar a bheifí ag súil leis, tá Gaeilge ó dhúchas nó Gaeilge líofa ag tuismitheoir/caomhnóir amháin ar a laghad i gcás 24 duine nó 66.7% de na 36 rannpháirtí a deir go bhfuil Gaeilge ó dhúchas nó líofa acu féin[20].

[20] Is féinmheasúnú atá i gceist leis na figiúirí seo, mar sin braitheann siad ar mhuinín na rannpháirtithe as a gcuid Gaeilge, ar an tuiscint a bhaineann siad as an téarma 'Gaeilge ó dhúchas' agus ar chúlra teanga na rannpháirtithe, i measc cúinsí eile.

5.1.4 Cleachtas Teanga

5.1.4.1 Cleachtas Teanga sa Bhaile

Léiríonn an taighde seo go bhfuil an Béarla go mór in uachtar i réimse an bhaile sa LPT seo, le 80.6% de na daltaí bunscoile ag tuairisciú gur Béarla den chuid is mó nó Béarla amháin a labhraítear sa bhaile:



Figiúr 5.6: Cleachtas Teanga sa Bhaile

Meastar go bhféadfadh an Ghaeilge a bheith in uachtar i gcás 43 de na 104 teaghlach (41.3%) a dtugtar eolas fúthu sa taighde seo, mar gur teaghlaigh iad sin ina bhfuil ar a laghad tuismitheoir amháin le Gaeilge ó dhúchas nó Gaeilge líofa. Is ábhar imní é, mar sin, nach dtuairiscíonn ach deichniúr rannpháirtithe (9.6% den sampla iomlán nó 23.3% de na 43 teaghlach thuasluaite) go labhraítear Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó sa bhaile.

Maidir le cleachtas teanga na dtuismitheoirí/caomhnóirí ina measc féin, tuairiscíonn beagnach 50% de na daltaí nach labhraíonn a gcuid tuismitheoirí/caomhnóirí Gaeilge riamh le chéile:



Figiúr 5.7: Cleachtas Teanga na dTuismitheoirí/Caomhnóirí

Tá a thionchar sin le feiceáil ar chleachtas teanga na bpáistí – mar a fheictear san fhigiúr thíos, is beag dalta bunscoile a labhraíonn Gaeilge i gcónaí nó beagnach i gcónaí i réimse an bhaile:



Figiúr 5.8: Cleachtas Teanga idir Bhaill Teaghlaigh

I gcás na 23 rannpháirtí a labhraíonn Gaeilge go minic le deartháireacha agus le deirfiúracha, tuairiscíonn 15 dhuine acu (65.2%) go labhraíonn siad Gaeilge i gcónaí, beagnach i gcónaí nó go minic le tuismitheoir/caomhnóir amháin ar a laghad, agus tuairiscíonn seisear (26.1%) go labhraíonn siad Gaeilge i gcónaí, beagnach i gcónaí nó go minic lena mbeirt tuismitheoirí/chaomhnóirí.

5.1.4.2 Cleachtas Teanga sa Scoil

Mar a fheictear thíos, tá neamhréir nach beag le feiceáil idir cleachtas teanga na ndaltaí agus iad ag caint le múinteoirí agus le cairde i gcomhthéacs na scoile:



Figiúr 5.9: Cleachtas Teanga sa Scoil

Meastar go mbaineann an difríocht seo leis na caidrimh éagsúla a bheadh ag daltaí lena múinteoirí agus lena gcairde. In ainneoin go mbíonn na daltaí i gcomhthéacs foirmiúil na scoile, is caidreamh sóisialta neamhfhoirmiúil a bheadh acu lena gcuid cairde agus comhaoiseach den chuid is mó, mar sin feictear gur beag tionchar a bhíonn ag polasaí teanga na scoileanna ar an teanga a labhraíonn siad ina measc féin. Leis na múinteoirí, áfach, is caidreamh níos foirmiúla agus éagothroime a bhíonn i gceist: is ag an múinteoir atá an t- údarás sa chaidreamh seo agus mar sin leantar an cleachtas teanga a chuireann an múinteoir i bhfeidhm.

Ina dhiaidh sin féin, tá na rátaí úsáide Gaeilge seo idir múinteoirí agus daltaí bunscoile sách íseal – go háirithe nuair a chuirtear i gcomparáid iad le LPTanna eile i nGaeltacht Dhún na nGall[21] – agus caithfear breathnú sa phlean teanga ar bhealaí le dul i bhfeidhm ar an gcleachtas seo.

5.1.4.3 Cleachtas Teanga taobh amuigh den Bhaile/Scoil

Cuireadh ceist ar na rannpháirtithe cé chomh minic is a labhair siad Gaeilge taobh amuigh den scoil le seachtain anuas agus tuairiscíonn 50.0% acu nár labhair siad Gaeilge ar bith nó nár labhair siad ach beagán Gaeilge:



Figiúr 5.10: Minicíocht Labhairt na Gaeilge taobh amuigh den scoil

[21] I gcás LPT Ghaoth Dobhair agus Íochtar na Rosann, tuairiscíonn 85.6% de dhaltaí gur labhair siad Gaeilge 'i gcónaí nó beagnach i gcónaí' lena gcuid múinteoirí le seachtain anuas (Ní Dhoimhín & Ó Baoill, 2016: 18), agus i gcás LPT Chloich Cheann Fhaola, deir 63.0% de dhaltaí bunscoile (rang 5 agus 6) go labhraíonn siad Gaeilge 'gach lá' ar scoil (Mac Thréinfhir, 2017: 113).

Léiríonn sé seo gur gá breathnú sa phlean teanga ar bhealaí leis an nGaeilge a láidriú ní hamháin mar theanga theaghlaigh nó scoile ach le seasamh na Gaeilge sa phobal i gcoitinne a neartú chomh maith.

Cuireadh ceist ar na rannpháirtithe cén teanga nó cé na teangacha a labhraíonn siad le baill éagsúla den phobal agus mar a léirítear san fhigiúr thíos is le comharsana is mó a labhraítear Gaeilge, le 9.6% den sampla ag rá go labhraíonn siad Gaeilge den chuid is mó lena gcuid comharsan. Mar sin féin, is follasach gurb é an Béarla atá go mór in uachtar sna comhthéacsanna ar fad a scrúdaíodh, agus idir 83.6% agus 92.3% de na rannpháirtithe ag labhairt Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó iontu:



Figiúr 5.11: Cleachtas Teanga sa phobal

Tá an chuid is mó den deichniúr rannpháirtithe a labhraíonn Gaeilge den chuid is mó lena gcuid comharsan ina gcónaí i Mín an Aoire agus i dTeileann:



Figiúr 5.12: Líon rannpháirtithe a labhraíonn Gaeilge den chuid is mó le comharsan, de réir áit chónaithe

5.1.4.4 Cleachtas Teanga agus an Nuatheicneolaíocht

Is Béarla a bhíonn in úsáid ag formhór mór na rannpháirtithe agus iad ag plé leis an nuatheicneolaíocht chomh maith:



Figiúr 5.13: An Nuatheicneolaíocht

I measc na 31 duine óg a úsáideann Gaeilge den chuid is mó nó Béarla den chuid is mó ar an nguthán nó ag téacsáil, deir 21 duine nó 67.7% acu go labhraíonn siad Gaeilge i gcónaí, beagnach i gcónaí nó go minic le duine amháin de na baill teaghlaigh ar a laghad. Meastar, mar sin, gur le tuismitheoirí/caomhnóirí agus/nó baill teaghlaigh eile a bhítear ag caint den chuid is mó nuair a úsáidtear Gaeilge ar an nguthán. Is léiriú é seo ar threise an Bhéarla mar theanga shóisialta i measc daoine óga.

Maidir le cláir theilifíse, tuairiscíonn 50% de na rannpháirtithe nach mbíonn siad ag breathnú ar chláir Ghaeilge go minic ach tá 42.3% a thuairiscíonn go n-amharcann siad ar chláracha Gaeilge ar an teilifís go minic :



Figiúr 5.14: Cláir Theilifíse

5.1.4.5 Caitheamh Aimsire agus Campaí Samhraidh/Cásca

Tugtar léargas sa tábla thíos ar na gníomhaíochtaí caithimh aimsire ar fad a mbíonn páistí bunscoile an LPT á ndéanamh, cé mhéad páiste a bhíonn á ndéanamh, agus cén teanga a labhraíonn siad agus iad ann:

Caitheamh Aimsire	Líon rannpháirtithe	Gaeilge	Meascán de Ghaeilge agus Béarla	Béarla
Peil[22]	70	5	17	48
Snámh	28	3	10	15
Ceol	25	3	1	21
Club Óige	24	14	-	11
Cispheil	18	1	1	16
Damhsa	13	4	-	9
Amhránaíocht/Cór	12	6	3	3
Drámaíocht	1	-	-	1
Júdó	1	-	-	1
Lúthchleasaíocht	1	-	-	1
Marcaíocht Capall	1	-	-	1

Tábla 5.3: Caitheamh Aimsire

Is léir mar sin gurb é an Béarla atá go mór in uachtar i measc pháistí bunscoile an LPT agus iad i mbun caithimh aimsire: de na 11 chaitheamh aimsire a luaitear, níl an Ghaeilge in uachtar ach i gcás péire acu, is iad sin club óige agus amhránaíocht/cór. De bharr go dtuairiscíonn 96.2% de na rannpháirtithe go bhfuil Gaeilge ó dhúchas, Gaeilge líofa nó Gaeilge réasúnta maith acu (Figiúr 5.1.7), níl aon chúis nach bhféadfaidís a gcuid caitheamh aimsire a dhéanamh trí Ghaeilge amháin den chuid is mó. Is léir, mar sin, go gcaithfear breathnú sa phlean teanga ar sholáthar na gcaitheamh aimsire seo, ar oiliúint agus tacaíocht teanga a chur ar fáil do na háisitheoirí/teagascóirí/traenálaithe agus ar thacaíochtaí eile a chuirfeadh ar chumas na ndaoine sin cleachtas teanga atá níos fabhraí don Ghaeilge a chur i bhfeidhm le linn na ngníomhaíochtaí caithimh aimsire.

Mar a léirítear thíos, is amhlaidh an scéal, a bheag nó a mhór, ag campaí samhraidh agus Cásca. Tá an Béarla in uachtar i ndeich gcinn de na 14 champa a luaitear:

Campa	Líon rannpháirtithe	Gaeilge	Meascán de Ghaeilge agus Béarla	Béarla
CúlCamp (CLG)	36	7	7	22
Campa Samhraidh[23]	12	5	-	7
Campa Cásca[24]	9	1	3	5
Tír Boghaine	9	8	-	1

[22] Ní dhéanann cuid mhaith de na rannpháirtithe aon idirdhealú idir peil agus sacar, mar sin cuirtear an dá chaitheamh aimsire le chéile sa tábla seo. Ina dhiaidh sin féin, meastar gur peil atá i gceist ag formhór na rannpháirtithe.
[23] Ní shonraítear cén campa atá i gceist.
[24] Ní shonraítear cén campa atá i gceist.

Campa Ceoil[25]	6	-	1	5
Campa Naomh Columba	4	-	-	4
Campa Snámha	4	1	-	3
Campa Sacair	3	-	1	2
Coláiste Gaeilge	3	3	-	-
Campa Cultúir	2	-	-	2
Campa Damhsa	2	-	-	2
Campa Samhraidh Chill Chartha	2	2	-	-
Campa Fhoróige	1	-	-	1
Dolmen Summer Camp	1	-	1	-

Tábla 5.4: Campaí Samhraidh/Cásca

5.1.4.6 Tearmainn Teanga

Deir beagnach an ceathrú cuid de na rannpháirtithe (24.0%) go bhfuil áit nó áiteanna faoi leith sa cheantar (taobh amuigh den scoil) a labhraíonn siad Gaeilge i gcónaí le daoine eile ann. Sonraíonn 23 duine de na 25 rannpháirtithe sin cé na háiteanna atá i gceist:



Figiúr 5.15: Tearmainn Teanga

Is léir mar sin go mbíonn tionchar mór ag an timpeallacht teanga ar chleachtas teanga na bpáistí bunscoile agus go gcuirfí leis an méid Gaeilge a labhraíonn siad dá gcuirfí polasaí láidir teanga i bhfeidhm ag imeachtaí agus in ionaid a mbíonn siad ag freastal orthu go minic.

5.1.5 Dearcadh Teanga

Iarradh ar na rannpháirtithe a dtuairimí a léiriú i leith deich ráiteas a bhaineann le cúrsaí teanga. Baineann na chéad cheithre cinn le dearcadh ginearálta i leith na Gaeilge:

[25] Luann cuid de na rannpháirtithe Scoil Samhraidh Cheoil Dhún na nGall go sonrach.



Figiúr 5.16: Dearcadh i Leith na Gaeilge

Is léir ó na torthaí seo go bhfuil dearcadh réasúnta dearfach ag óige an LPT i leith na Gaeilge go ginearálta: deir 72.1% acu gur mhaith leo níos mó deiseanna a bheith acu í a labhairt agus creideann 85.6% go bhfuil an Ghaeilge feiliúnach do shaol an lae inniu.

Easaontaíonn seachtar rannpháirtithe, nó 6.7% den sampla, leis an ráiteas 'is maith liom an Ghaeilge', agus deir an seachtar céanna gur Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó a labhraítear sa bhaile. Tagann an toradh seo go beacht le taighde idirnáisiúnta a léiríonn go mbíonn tionchar mór ag cleachtas agus ar idé-eolaíocht teanga na dtuismitheoirí agus ag polasaí teanga an teaghlaigh ar dhearcadh teanga na bpáistí (Curdt-Christiansen, 2009: 351, 354-5; Kirsch, 2011: 96 agus Ní Dhoimhín, 2015: 10-14 mar shampla).

Baineann na sé ráiteas eile le taithí phearsanta an rannpháirtí ar chúrsaí teanga:



Figiúr 5.17: Dearcadh i Leith na Gaeilge

Arís, tá dóchas le brath ar chuid de na torthaí seo ó thaobh an phlean teanga de: maíonn beagnach dhá thrian den sampla (66.3%) go spreagann a dtuismitheoirí/caomhnóirí iad le Gaeilge a labhairt, dearbhaíonn 60.6% go bhfuil siad muiníneach as a gcuid Gaeilge agus aontaíonn céatadán an-ard (88.5%) go bhfreagróidís i nGaeilge i gcónaí dá labhrófaí Gaeilge leo. Bunaithe air sin, beidh sé inmholta sa phlean teanga cur leis an úsáid a bhaintear as an nGaeilge sa phobal i gcoitinne: i siopaí, seirbhísí agus comhlachtaí agus mar chuid d'imeachtaí pobail agus de ghníomhaíochtaí caithimh aimsire a mbíonn daoine óga páirteach iontu. Bunaithe ar na torthaí seo, shamhlófaí go bhféadfaí cur le húsáid na Gaeilge i measc na hóige dá gcuirfí leis an méid Gaeilge a labhraítear leo agus mórthimpeall orthu.

5.1.5.1 Dearcadh i leith imeachtaí Gaeilge

Léiríonn formhór na rannpháirtithe go mbeadh spéis acu freastal ar imeachtaí éagsúla Gaeilge:



Figiúr 5.18: Imeachtaí

Mar sin, is iad na himeachtaí ba mhó a mbeadh tóir orthu i measc páistí bunscoile ná:

- Imeachtaí sóisialta le scoileanna eile sa cheantar;
- Tráth na gceist i nGaeilge; agus
- Scéim mhalairte le scoileanna i nGaeltachtaí eile.

5.1.5.2 Smaointe eile

Ag deireadh an cheistneora, iarradh ar na rannpháirtithe a gcuid tuairimí agus moltaí féin don phlean teanga a bhreacadh síos. Thug 55 páiste, nó 52.9% den sampla, freagra bailí ar an cheist seo, agus déantar a gcuid freagraí a rangú de réir téama sa tábla thíos:

Téama	Sonraí	Líon rannpháirtithe
Caitheamh aimsire	'Bothán na bhFear' as Gaeilge; ceardlanna scríbhneoireachta cruthaithí trí Ghaeilge; ceardlanna ealaíne; ceol; club óige trí Ghaeilge; club rothaíochta; damhsa; drámaíocht; snámh; spórt (peil, iománaíocht, sacar, Gaeilge a bheith ag réiteoirí, go mbeadh an CLG áitiúil ag úsáid níos mó Gaeilge).	39

Imeachtaí	Campaí Gaeilge; ceolchoirmeacha; comórtais a bhaineann leis an nGaeilge; dioscónna; laethanta spraoi; ócáidí rothaíochta; scoláireachtaí do choláistí samhraidh; tráth na gceist; turais scoile (le polasaí docht teanga).	13
An Ghaeilge sa Phobal	Aifreann Gaeilge; níos mó Gaeilge a bheith á labhairt sa phobal; níos mó Gaeilge a bheith in úsáid ag gnónna; níos mó Gaeilge a labhairt le seandaoine/daoine fásta.	11
Cluichí	Cluichí boird	10
Acmhainní eile	Aipeanna Gaeilge; leabhair ghramadaí; scannáin agus leabhair a mbíonn tóir orthu a aistriú go Gaeilge.	4
An Córas Oideachais	Bus saor in aisce le daltaí a thabhairt chuig meánscoil Ghaeilge; Gaeilge a bheith ag na múinteoirí uilig; na hábhair uilig a bheith trí Ghaeilge; naíscoil Ghaeilge a bheith ar fáil in Ard an Rátha.	4
Réimse an Teaghlaigh	Níos mó Gaeilge a labhairt sa bhaile.	3

Tábla 5.5: Smaointe eile

Agus bearta á gceapadh don phlean teanga, ba chóir tús áite a thabhairt do mholtaí na ndaoine óga seo.

5.1.6 Tátal

Cé go bhfeictear sa taighde seo go bhfuil dearcadh dearfach i leith na Gaeilge ag formhór na ndaoine óga, is léir nach leor é sin le cinntiú go mairfidh an Ghaeilge mar theanga labhartha i measc óige an LPT: in ainneoin na dea-thola seo, ní thuairiscíonn ach aon trian den sampla (34.6%) go bhfuil Gaeilge ó dhúchas nó Gaeilge líofa acu, agus tá an Béarla in uachtar mar theanga chumarsáide i nach mór gach réimse den saol, sa bhaile, sa scoil agus sa phobal[26].

Mar sin féin, léirítear sa taighde seo go bhfuil go leor féidearthachtaí ann leis an Ghaeilge a láidriú mar theanga shóisialta i measc na hóige: deir formhór na ndaoine óga go bhfreagróidís i nGaeilge dá labhrófaí Gaeilge leo, agus mar sin shamhlófá go bhféadfaí cleachtas níos fabhraí don Ghaeilge a chothú i measc na hóige trí imeachtaí agus gníomhaíochtaí caithimh aimsire a chur ar fáil trí Ghaeilge agus trí sheasamh na Gaeilge sa phobal i gcoitinne a threisiú.

[26]Ach amháin agus na daoine óga ag caint lena gcuid múinteoirí i gcomhthéacs na scoile.

5.2 Anailís ar an Cheistneoir don Mheánscoil

5.2.1 Sampláil agus Modheolaíochtaí

5.2.1.1 Scaipeadh na gCeistneoirí

Is é Coláiste na Carraige an t-aon mheánscoil atá lonnaithe sa LPT seo. Socraíodh ceistneoirí a scaipeadh ar gach bliain sa mheánscoil seachas an idirbhliain, agus is ar líne trí chóras *SurveyMonkey* a líonadh na ceistneoirí seo. Líonadh na ceistneoirí ar fad sa mheánscoil i mí Bealtaine agus Mí Meithimh 2016.

5.2.1.2 Ráta Freagartha

Bhí ráta ard freagartha (idir 90.0% agus 100.0%) i gceist leis an gcéad bhliain, an dara bliain agus an tríú bliain. Mar gheall ar na scrúduithe samhraidh, áfach, níor tháinig mórán freagraí ar ais ón gcúigiú bliain ná ón séú bliain. 132 freagra a fuarthas ar ais san iomlán.

5.2.2 Eolas Ginearálta faoin Sampla

Tá an chuid is mó den sampla ina gcónaí i gCill Chartha agus sa Charraig (67.4%):



Figiúr 5.19: Áit Chónaithe na Rannpháirtithe

Tugtar sa tábla thíos na háiteanna éagsúla ar fad a shonraítear sna freagraí ar an gceist seo:

Mórcheantar	Bailte fearainn agus eile a shonraítear:
Cill Chartha	An Chill Bheag, An Chógais, An Chruach Bheag, An Tabhnaigh, Bíofán, Cill Chartha, Mucros, Na Sealbha
An Charraig	An Bogach, An Charraig, Bóthar an Ghleanna, Port Eachrann, Sraith Laoill
Gleann Cholm Cille	An Curraoin, Caiseal, Gleann Cholm Cille, Málainn Mhóir, Mín an Daimh,

	Mín na bhFiann, Suidheamh
Teileann	An Baile Mór, Cruachlann, Teileann
Mín an Aoire	Abhainn tSeiscinne, An Leargain Bhreac, Mín an Aoire, Mín an Chearrbhaigh
Taobh amuigh den Ghaeltacht	Tamhnach an tSalainn

Tábla 5.6: Rangú na bhFreagraí

Is as an LPT seo ó dhúchas tromlach mór na rannpháirtithe:



Figiúr 5.20: Áit Dúchais na Rannpháirtithe

De na 12 rannpháirtí arb as áit 'eile' ó dhúchas iad, is as Sasana seachtar acu agus tagann an chuid eile ó Stáit Aontaithe Mheiriceá, ó mhór-roinn na hEorpa agus ón Rúis.
Tá 88.6% den sampla comhdhéanta de dhaltaí na sraithe sóisearaí:



Figiúr 5.21: Briseadh síos de réir Ranga

5.2.3 Cúlra Teanga agus Cumas Gaeilge

5.2.3.1 Cumas Gaeilge na dTuismitheoirí/Caomhnóirí

Tuairiscíonn 36.4% den sampla go bhfuil Gaeilge ó dhúchas nó Gaeilge líofa ag tuismitheoir/caomhnóir amháin dá gcuid ar a laghad, ach deir aon trian den sampla (33.3%) nach bhfuil aon Ghaeilge nó nach bhfuil ach beagán Gaeilge ag ceachtar dá mbeirt tuismitheoirí/chaomhnóirí[27]:

	Cumas Gaeilge na dTuismitheoirí/Caomhnóirí	Líon	Céatadán
A	Beirt le Gaeilge ó dhúchas/líofa	9	6.8%
B	Duine le Gaeilge ó dhúchas/líofa & duine le Gaeilge réasúnta maith	18	13.6%
C	Duine le Gaeilge ó dhúchas/líofa & duine le beagán Gaeilge/gan aon Ghaeilge	21	15.9%
D	Beirt le Gaeilge réasúnta maith	9	6.8%
E	Duine le Gaeilge réasúnta maith & duine le beagán Gaeilge/gan aon Ghaeilge	29	22.0
F	Beirt le beagán Gaeilge /gan aon Ghaeilge	44	33.3%
G	'Níl a fhios agam'	2	1.6%
	Iomlán	**132**	**100%**

Tábla 5.7: Cumas Gaeilge na dTuismitheoirí/Caomhnóirí



Figiúr 5.22: Cumas Gaeilge na dTuismitheoirí/Caomhnóirí

Níl ach beagán Gaeilge nó níl aon Ghaeilge ag duine amháin ar a laghad de na tuismitheoirí/caomhnóirí i gcás 71.2% de na rannpháirtithe, rud a fhágann go bhfuil cúlra measctha teanga ag formhór dhaltaí meánscoile an LPT.

[27] Sa chás nár tugadh freagra nó nach raibh a fhios ag an rannpháirtí maidir le tuismitheoir/caomhnóir amháin, áirítear an freagra faoi A, D nó F.

Maidir lena gcumas teanga féin, deir formhór na rannpháirtithe (65.9%) go bhfuil Gaeilge réasúnta maith acu:



Figiúr 5.23: Cumas Gaeilge na Rannpháirtithe

Is suimiúil nach bhfuil Gaeilge ó dhúchas nó Gaeilge líofa ag tuismitheoir/caomhnóir amháin ar a laghad ach amháin i gcás 14 dhuine nó 45.2% de na 31 rannpháirtí a deir go bhfuil Gaeilge ó dhúchas nó líofa acu féin[28].

5.2.4 Cleachtas Teanga

5.2.4.1 Cleachtas Teanga sa Bhaile

Léiríonn an taighde seo go bhfuil an Béarla go mór in uachtar i réimse an bhaile sa LPT seo, le 93.2% de na daltaí meánscoile ag tuairisciú gur Béarla den chuid is mó nó Béarla amháin a labhraítear sa bhaile:



Figiúr 5.24: Cleachtas Teanga sa Bhaile

[28] Is féinmheasúnú atá i gceist leis na figiúirí seo, mar sin braitheann siad ar mhuinín na rannpháirtithe as a gcuid Gaeilge, ar an tuiscint a bhaineann siad as an téarma 'Gaeilge ó dhúchas' agus ar chúlra teanga na rannpháirtithe, i measc cúinsí eile.

Measatar go bhféadfadh an Ghaeilge a bheith in uachtar i gcás 48 de na 132 teaghlach (36.4%) a dtugtar eolas fúthu sa taighde seo, mar gur teaghlaigh iad sin ina bhfuil ar a laghad tuismitheoir amháin le Gaeilge ó dhúchas nó Gaeilge líofa. Is ábhar imní é, mar sin, nach dtuairiscíonn ach seisear rannpháirtithe (4.5% den sampla iomlán nó 12.5% de na 48 teaghlach thuasluaite) go labhraítear Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó sa bhaile.

Maidir le cleachtas teanga na dtuismitheoirí/caomhnóirí ina measc féin, tuairiscíonn 50% de na daltaí nach labhraíonn a gcuid tuismitheoirí/caomhnóirí Gaeilge riamh le chéile:



Figiúr 5.25: Cleachtas Teanga na dTuismitheoirí/Caomhnóirí

Tá a thionchar sin le feiceáil ar chleachtas teanga na bpáistí – mar a fheictear san fhigiúr thíos, is beag dalta meánscoile a labhraíonn Gaeilge i gcónaí nó beagnach i gcónaí i réimse an bhaile:



Figiúr 5.26: Cleachtas Teanga idir Bhaill Teaghlaigh

5.2.4.2 Cleachtas Teanga sa Scoil

Tá na rátaí úsáide Gaeilge idir daltaí agus a múinteoirí agus idir daltaí agus a gcuid cairde i bhfad níos ísle i measc daltaí meánscoile ná daltaí bunscoile:



Figiúr 5.27: Cleachtas Teanga sa Scoil (Bunscoil)



Figiúr 5.28: Cleachtas Teanga sa Scoil (Meánscoil)

Is minic a labhraíonn na daltaí meánscoile Gaeilge lena gcuid múinteoirí ná lena gcuid cairde, ach mar sin féin labhraíonn dhá thrian den sampla Gaeilge le múinteoirí 'anois is arís', 'go hannamh' nó 'riamh'. Agus na rannpháirtithe ag labhairt lena gcuid cairde, ardaíonn an céatadán go dtí 97.7%.

5.2.4.3 Cleachtas Teanga taobh amuigh den Bhaile/Scoil

Cuireadh ceist ar na rannpháirtithe cé chomh minic is a labhair siad Gaeilge taobh amuigh den scoil le seachtain anuas agus arís feictear go bhfuil minicíocht úsáide na Gaeilge níos ísle i gcás na ndaltaí meánscoile ná na ndaltaí bunscoile:



Figiúr 5.29: Minicíocht Labhairt na Gaeilge taobh amuigh den Scoil (Bunscoil)



Figiúr 5.30: Minicíocht Labhairt na Gaeilge (Meánscoil)

Léiríonn sé seo gur gá breathnú sa phlean teanga ar bhealaí leis an nGaeilge a láidriú ní hamháin mar theanga theaghlaigh nó scoile ach le seasamh na Gaeilge sa phobal i gcoitinne a neartú chomh maith.

Mar a léirítear thíos, labhraíonn seachtar daltaí meánscoile (5.3%) Gaeilge den chuid is mó lena gcuid comharsan, ach taobh amuigh dó sin is beag Gaeilge a labhraíonn na rannpháirtithe i gcomhthéacsanna éagsúla poiblí:



Figiúr 5.31: Cleachtas Teanga sa Phobal

5.2.3.3.1 Cleachtas Teanga agus an Nuatheicneolaíocht

Is Béarla a bhíonn in úsáid ag formhór mór na rannpháirtithe agus iad ag plé leis an nuatheicneolaíocht chomh maith:



Figiúr 5.32: An Nuatheicneolaíocht

Maidir le cláir theilifíse, tuairiscíonn an leathchuid de na rannpháirtithe (53.8%) nach mbíonn siad ag breathnú ar chláir Ghaeilge go minic:



Figiúr 5.33: Cláir Theilifíse

5.2.3.3.2 Caitheamh Aimsire agus Campaí Samhraidh/Cásca

Tugtar léargas sa tábla thíos ar na gníomhaíochtaí caithimh aimsire ar fad a mbíonn dalta meánscoil an LPT á ndéanamh, cé mhéad a bhíonn á ndéanamh, agus cén teanga a labhraíonn siad agus iad ann[29]:

Caitheamh Aimsire	Líon rannpháirtithe	Gaeilge	Meascán de Ghaeilge agus Béarla	Béarla
Peil	69	4	5	60
Club óige	30	8	3	19
Cispheil	24	-	-	24
Lúthchleasaíocht	17	-	-	17
Ceol	14	-	2	12
Amhránaíocht/Cór	12	1	3	8
Snámh	10	-	-	10
Damhsa	8	1	1	6
Ranganna ealaíne	5	-	1	4
Rothaíocht	5	1	-	4
Rámhaíocht	4	-	-	4
Cearáité	2	-	-	2
Drámaíocht	2	-	-	2
Cadhcáil	1	-	-	1
Galf	1	-	-	1
Gleacaíocht	1	-	-	1
Rugbaí	1	-	-	1
Tonnmharcaíocht	1	-	-	1

Tábla 5.8: Caitheamh Aimsire

[29] Thug 112 rannpháirtí freagra bailí ar an gceist seo.

Mar sin, níl an Ghaeilge in uachtar i measc dhaltaí meánscoile an LPT in aon cheann de na gníomhaíochtaí caithimh aimsire a bhíonn á gcleachtadh acu. Mar sin, meastar go gcaithfear breathnú sa phlean teanga ar sholáthar na gcaitheamh aimsire seo, ar oiliúint agus tacaíocht teanga a chur ar fáil do na háisitheoirí/teagascóirí/traenálaithe agus ar thacaíochtaí eile a chuirfeadh ar chumas na ndaoine sin cleachtas teanga atá níos fabhraí don Ghaeilge a chur i bhfeidhm le linn na ngníomhaíochtaí caithimh aimsire.

Is an coláiste samhraidh Gaeilge an campa is mó a mbíonn déagóirí an LPT ag freastal air agus léiríonn na rannpháirtithe go mbíonn polasaí láidir teanga i bhfeidhm ansin. Tá an lámh in uachtar ag an Bhéarla ar an Ghaeilge sna campaí samhraidh agus Cásca eile ar fad, áfach[30]:

Campa	Líon rannpháirtithe	Gaeilge	Meascán de Ghaeilge agus Béarla	Béarla
Coláiste Gaeilge[31]	27	-	-	27
CúlCamp (CLG)	20	2	3	15
Campa Cásca[32]	5	-	1	4
Ceardlann Damhsa Ghaelaigh	2	-	-	2

Tábla 5.9: Campaí Samhraidh/Cásca

5.2.3.3.3 Tearmainn Teanga

Deir an ceathrú cuid de na rannpháirtithe (26.5%) go bhfuil áit nó áiteanna faoi leith sa cheantar (taobh amuigh den scoil) a labhraíonn siad Gaeilge i gcónaí le daoine eile ann. Sonraíonn 34 duine de na 35 rannpháirtithe sin cé na háiteanna atá i gceist:



Figiúr 5.34: Tearmainn Teanga

[30] Thug 48 rannpháirtí freagra bailí ar an cheist seo.
[31] Luann cuid de na rannpháirtithe Coláiste Chara, Cill Chartha, go sonrach.
[32] Ní shonraítear cén campa atá i gceist.

Is léir mar sin go mbíonn tionchar mór ag an timpeallacht teanga ar chleachtas teanga na ndéagóirí agus go gcuirfí leis an méid Gaeilge a labhraíonn siad dá gcuirfí polasaí láidir teanga i bhfeidhm ag imeachtaí agus in ionaid a mbíonn siad ag freastal orthu go minic.

5.2.5 Dearcadh Teanga

Iarradh ar na rannpháirtithe a dtuairimí a léiriú i leith deich ráiteas a bhaineann le cúrsaí teanga. Baineann na chéad cheithre cinn le dearcadh ginearálta i leith na Gaeilge:



Figiúr 5.35: Dearcadh i leith na Gaeilge (A)

Is léir ó na torthaí seo go bhfuil dearcadh réasúnta dearfach ag óige an LPT i leith na Gaeilge go ginearálta. Baineann na sé ráiteas eile le taithí phearsanta an rannpháirtí ar chúrsaí teanga:



Figiúr 5.36: Dearcadh i leith na Gaeilge (B)

Arís, tá dóchas le brath ar chuid de na torthaí seo ó thaobh an phlean teanga de: maíonn an leathchuid den sampla (50.0%) go spreagann a dtuismitheoirí/caomhnóirí iad le Gaeilge a labhairt, easaontaíonn 55.3% go bhfuil sé an-deacair an Ghaeilge a scríobh agus a labhairt i gceart agus aontaíonn céatadán an-ard (84.0%) go bhfreagróidís i nGaeilge i gcónaí dá labhrófaí Gaeilge leo. Bunaithe air sin, beidh sé inmholta sa phlean teanga cur leis an úsáid a bhaintear as an nGaeilge sa phobal i gcoitinne: i siopaí, seirbhísí agus comhlachtaí agus mar chuid d'imeachtaí pobail agus de ghníomhaíochtaí caithimh aimsire a mbíonn daoine óga páirteach iontu.

Bunaithe ar na torthaí seo, shamhlófaí go bhféadfaí cur le húsáid na Gaeilge i measc na hóige dá gcuirfí leis an méid Gaeilge a labhraítear leo agus mórthimpeall orthu.

5.2.5.1 Dearcadh i leith imeachtaí Gaeilge

Léiríonn formhór na rannpháirtithe go mbeadh spéis acu freastal ar imeachtaí éagsúla Gaeilge:



Figiúr 5.37: Imeachtaí

Mar sin, is iad na himeachtaí ba mhó a mbeadh tóir orthu i measc daltaí meánscoile ná:

- Tráth na gceist i nGaeilge;
- Imeachtaí sóisialta le scoileanna eile sa cheantar;
- Scéim mhalairte le scoileanna i nGaeltachtaí eile; agus
- Club óige trí Ghaeilge.

Ina dhiaidh sin féin, is fiú cuimhneamh gur daltaí ón gcéad bhliain go dtí an tríú bhliain iad 88.6% den sampla, mar sin ní gá go mbeadh na torthaí seo ionadaíoch ar dhéagóirí níos sine.

5.2.5.2 Smaointe eile

Ag deireadh an cheistneora, iarradh ar na rannpháirtithe a gcuid tuairimí agus moltaí féin don phlean teanga a bhreacadh síos. Thug 52 rannpháirtí 39.4% den sampla, freagra bailí ar an gceist seo, agus déantar a gcuid freagraí a rangú de réir téama sa tábla thíos:

Téama	Sonraí	Líon rannpháirtithe
Imeachtaí	Biongó; dioscó trí Ghaeilge; imeachtaí a mbeadh spéis ag déagóirí iontu; imeachtaí pobail trí Ghaeilge; imeachtaí sóisialta iarscoile trí Ghaeilge; níos mó imeachtaí dátheangacha; níos mó imeachtaí Gaeilge le scoileanna eile (moltar Lá Gaeilge a reáchtáil le scoileanna Gaeltachta eile, bannaí ceoil, srl.); tráth na gceist agus imeachtaí eile le scoileanna eile	17
An Córas Oideachais	Ábhair scoile eile a dhéanamh trí Ghaeilge (luaitear matamaitic agus eolaíocht); ba chóir go spreagfadh múinteoirí na daltaí le níos mó Gaeilge a úsáid; ba chóir téacsleabhair a chur ar fáil sa chanúint áitiúil; cúrsa lánaimseartha tríú leibhéal a reáchtáil; Lá Gaeilge a réachtáil sa scoil nuair a chaithfí Gaeilge a labhairt don lá ar fad; níos mó Gaeilge a úsáid sa scoil; níos mó ranganna Gaeilge; polasaí níos doichte teanga a bheith i bhfeidhm sa scoil; scéim mhalairte le scoileanna ó chontaetha agus ó thíortha eile; scrúdú cainte a bheith ann ag deireadh gach bliana ón gcéad bhliain go dtí an Ardteistiméireacht	15
Caitheamh aimsire	Club óige trí Ghaeilge; spóirt éagsúla trí Ghaeilge (luaitear peil)	8
An Ghaeilge sa Phobal	Aifreann Gaeilge; comharthaí bóthair i nGaeilge; níos mó deiseanna labhartha Gaeilge a chur ar fáil; níos mó Gaeilge a úsáid; níos mó post trí Ghaeilge (luaitear ról Údarás na Gaeltachta)	7
Acmhainní eile	Níos mó áiseanna sa cheantar trí Ghaeilge; níos mó clár Gaeilge ar RTÉ/RTÉ2; nuachtán náisiúnta Gaeilge	4

Réimse an Teaghlaigh	Ba chóir go spreagfadh tuismitheoirí a bpáistí le Gaeilge a labhairt; níos mó Gaeilge a labhairt sa bhaile	4
Deiseanna neamhfhoirmeálta foghlama	Cúrsaí Gaeilge ar líne; ranganna seachtainiúla Gaeilge saor in aisce	3
Eile	Deontais do dhaoine a fhoghlaimíonn Gaeilge, bronnta ar thoradh scrúdaithe cainte	1
Dearcthaí ginearálta	Ba thrua í a chailleadh; cuid thábhachtach den chultúr í an Ghaeilge; tá sé deacair Gaeilge a labhairt le cainteoirí dúchais Gaeilge	4

Tábla 5.10: Smaointe Eile

Agus bearta á gceapadh don phlean teanga, ba chóir tús áite a thabhairt do mholtaí na ndaoine óga seo.

5.2.6 Tátal

Nuair a chuirtear na torthaí seo i gcomparáid le torthaí an taighde a rinneadh i measc dhaltaí bunscoile an LPT, feictear go bhfuil an cumas Gaeilge níos ísle agus gur lú Gaeilge a labhraítear, ar an iomlán, sna réimsí éagsúla den saol san aoisghrúpa is sine. Tá gá le cur in aghaidh na treochta seo chun an t-iompú teanga ó Ghaeilge go Béarla i bpobal an LPT a mhoilliú agus chun an Ghaeilge a threisiú mar theanga phobail agus mar theanga theaghlaigh.

5.3 Anailís ar Cheistneoir an Phobail

5.3.1 Sampláil agus Modheolaíochtaí

5.3.1.1 Scaipeadh na gCeistneoirí

Socraíodh ceistneoirí a scaipeadh ar gach uile dhuine atá ina chónaí sa LPT seo. Chuaigh baill den choiste ó dhoras go doras leis na ceistneoirí agus tugadh cead do na rannpháirtithe iad a líonadh ar pháipéar nó ar líne trí chóras *SurveyMonkey.* Líonadh na ceistneoirí ar fad idir mí Bealtaine agus mí na Nollag 2017.

5.3.1.2 Ráta Freagartha

De réir thorthaí Dhaonáireamh 2016, tá 3,036 duine ina gcónaí sa LPT seo (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017) agus 2,253 atá 18 mbliana d'aois nó níos sine. Fuarthas 764 freagra bailí san iomlán, rud a fhágann go raibh ráta freagartha 33.9% ar an gceistneoir seo, bunaithe ar an daonra iomlán de dhaoine fásta.

5.3.2 Eolas Ginearálta faoin Sampla

Léirítear thíos áit chónaithe na rannpháirtithe:



Figiúr 5.38: Áit chónaithe na Rannpháirtithe de réir Mórcheantair

Tógadh beagnach trí cheathrú cuid (74.3%) de na rannpháirtithe sa LPT:

Mórcheantar	Bailte fearainn agus mionbhailte a áirítear faoin mórcheantar	Líon rannpháirtithe
Cill Chartha	An Bábhún, An Caiseal, An Chill Bheag, An Chógais, An Dúinín, An Rualach, An Tabhnaigh, Baile an Droichid/Cill Chartha, Baile an Teampaill, Baile Mhic Pháidín, Caiseal Charna, Caonachán, Cill Chathasaigh, Cruach Chaorach, Doire Leathan, Droim na Fiongaile, Droim Riach, Iomascan, Leitir, Mínte Caoracháin, Mucros, Na Caislíní, Na Curra, Srath Bruithne	214
An Charraig	An Charraig, An Charraig Uachtar, An Charraig Íochtar, Port Eachrann, An Bogach, Sraith Laoill, Cuiscrigh	153
Teileann	An Baile Mór, An Cheapach, An Seanbhaile, An tAtharach, Cruachlann, Iomaire Mhuireanáin, Leirg an Dachtáin, Rann na Cille, Teileann	118
Gleann Cholm Cille	An Baile Ard, An Chríonmhín, An Droim, An Droim Rua, An Dumhaigh, An Fothair, An Gaineamh, Bíofán, Cionn na Coilleadh, Cointe Cró, Dún Allt, Gleann Mhálainne, Málainn Bhig, Málainn Mhóir, Mín an Draighin, Mín na bhFiann, Suidheamh	107
Mín an Aoire	Abhainn tSeiscinne, Ailt Chloch, An Bhráid, An Srath Buí, Cróibh, Learga na Saorthach, Mín an Aoire, Mín an Chearbhaigh, Mín na Croise, Srath na Circe	87
Ard an Rátha	Áighe, Allt na gCapall, An Machaire, Barr Coilleadh, Breacaigh, Cnoc na gCapall, Gleann Gheis, Leac Chonaill, Mín Teineadh Dé, Mínte Seisce, Seascan na Gréine	84
Gan freagra		1
Iomlán		764

Tábla 5.11: Áit chónaithe na Rannpháirtithe de réir Baile Fearainn/Mionbhaile

De na 25 rannpháirtí a tógadh in áit 'eile', is sa Ríocht Aontaithe a tógadh 20 duine acu (80.0% de na 25 rannpháirtí sin nó 2.6% den sampla iomlán). An tSiombáib, an Astráil,



Figiúr 5.39: Áit Dúchais na Rannpháirtithe

An Nua-Shéalainn, an Ghearmáin agus Stáit Aontaithe Mheiriceá na tíortha eile a luaitear.

Is mná iad 52.2% den sampla (399 duine) agus fir iad 47.6%[33]. Tugtar san fhigiúr thíos próifíl aoise an tsampla:



Figiúr 5.40: Próifíl Aoise an tSampla

Aoisghrúpa	Mná	Fir	Iomlán
18-25	18	17	35
26-40	74	50	124
41-55	104	85	189
56-66	95	109	205
67+	103	97	200
Gan freagra	5	6	12[34]
Iomlán	**399**	**364**	**764**

Tábla 5.12: Próifíl Aoise an tSampla

[33] Níor fhreagair duine amháin an cheist seo.
[34] Níor fhreagair duine amháin an cheist maidir le hinscne.

5.3.3 Cúlra Teanga agus Cumas Teanga

5.3.3.1 Cúlra Teanga

Léirítear sa tábla thíos freagraí na rannpháirtithe i dtaca le cumas teanga a dtuismitheoirí/caomhnóirí:

	Gaeilge ó dhúchas	Gaeilge líofa	Gaeilge mheasartha	Beagán Gaeilge	Gan Gaeilge ar bith	Níl a fhios agam/Ní bhaineann	Gan freagra	Iomlán
Máthair	234	100	137	136	83	68	6	764
Athair	225	99	152	117	65	100	6	764
Cúramóir eile	2	13	11	13	4	715	6	764

Tábla 5.13: Cumas Teanga na dTuismitheoirí

Tuairiscíonn 33.0% den sampla (252 duine) go bhfuil/go raibh Gaeilge ó dhúchas nó Gaeilge líofa ag a mbeirt tuismitheoirí/chaomhnóirí[35] agus astu sin deir 191 duine (75.8% de na 252 duine thuasluaite nó 25.0% den sampla iomlán) gur Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó a d'úsáidtí sa bhaile agus iad ag fás aníos. San iomlán maíonn 35.9% den sampla gurb í an Ghaeilge a bhí in uachtar mar theanga labhartha sa bhaile agus iad ag fás aníos:



Figiúr 5.41: Teanga Bhaile na Rannpháirtithe agus iad ag fás anios

[35] Cuirtear tuismitheoirí/caomhnóirí aonair a bhfuil Gaeilge ó dhúchas/líofa acu san áireamh anseo.

5.3.3.2 Cumas Teanga

Maidir lena gcumas teanga féin, deir beagnach an ceathrú cuid den sampla (24.0%) go bhfuil Gaeilge líofa acu:



Figiúr 5.42: Cumas Gaeilge na Rannpháirtithe

De na 183 duine a thuairiscíonn go bhfuil Gaeilge líofa acu, meastar gur cainteoirí dúchais Gaeilge 158 duine nó 86.3% acu ar a laghad[36].
Cé go ndeir 183 rannpháirtí go bhfuil Gaeilge líofa acu, ní deir ach 139 duine (18.2% den sampla) go bhfuil a gcumas labhartha Gaeilge an-mhaith:



Figiúr 5.43: Scileanna Teanga

[36] Deir na 158 duine seo go bhfuil Gaeilge líofa acu, gur tógadh sa Ghaeltacht iad agus go bhfuil/go raibh tuismitheoirí/caomhnóir amháin ar a laghad acu a raibh Gaeilge ó dhúchas nó Gaeilge líofa aige/aici.

Mar sin féin, maíonn céatadán suntasach den phobal go mbeadh spéis acu a gcuid scileanna teanga a fheabhsú, go háirithe a gcuid scileanna labhartha agus tuisceana Gaeilge:



Figiúr 5.44: Scileanna Teanga a fheabhsú

5.3.4 Cleachtas Teanga

5.3.4.1 Cleachtas Teanga na Rannpháirtithe

Deir thart ar an gceathrú cuid den sampla (188 duine nó 24.5%) gur cainteoirí laethúla Gaeilge iad:



Figiúr 5.45: Minicíocht Labhairt na Gaeilge

Mar a bheifí ag súil leis, is daoine a bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mheasartha acu tromlach na gcainteoirí laethúla Gaeilge sin:



Figiúr 5.46: Cumas Gaeilge na gCainteoirí Laethúla Gaeilge

Mar sin féin, labhraíonn níos lú ná 50% de na daoine a bhfuil Gaeilge líofa nó mheasartha acu Gaeilge ar bhonn seachtainiúil nó níos minice (218 duine nó 49.1% de na 444 duine a bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mheasartha acu a labhraíonn Gaeilge go laethúil nó go seachtainiúil).

Is san aoisghrúpa is óige sa sampla a bhfuil an céatadán is airde cainteoirí laethúla Gaeilge:

Aoisghrúpa	Iomlán	CLG	%CLG
18-25	35	13	37.1%
26-40	124	31	25.0%
41-55	189	50	26.5%
56-66	205	47	22.9%
67+	200	43	21.5%

Tábla 5.14: Cainteoirí Laethúla Gaeilge de réir Aoisghrúpa

Tuairiscíonn líon ard rannpháirtithe (289 duine nó 37.8% den sampla) go labhraíonn siad Béarla le duine a bhfuil a fhios acu Gaeilge a bheith ar a dtoil acu ar bhonn laethúil:



Figiúr 5.47: "Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Béarla le duine a bhfuil a fhios agat Gaeilge a bheith ar a dtoil acu?"

Is daoine a bhfuil beagán Gaeilge acu nó nach bhfuil Gaeilge ar bith acu 125 duine nó 43.3% de na daoine a labhraíonn Béarla le Gaeilgeoirí ar bhonn laethúil. Is ábhar imní é sin mar go bhfágann sé gurb ionann 56.7% de na daoine agus daoine a bhfuil Gaeilge líofa nó mheasartha acu agus a mbeadh sé de chumas acu, dá bharr, an comhrá sin a bheith acu i nGaeilge.

Nuair a cuireadh ceist ar na rannpháirtithe cén fáth a labhraíonn siad Béarla le daoine a bhfuil Gaeilge acu, d'fhreagair an tromlach gur 'cleachtadh, faisean nó nós atá ann' nó nach bhfuil sé 'de mhisneach [acu féin] Gaeilge a labhairt leo':



Figiúr 5.48: "Cad chuige a labhraíonn tú Béarla le duine má tá Gaeilge ag an bheirt agaibh?"

5.3.4.2 Cleachtas Teanga sa Teaghlach

Cuireadh ceist ar na rannpháirtithe sa sampla ar tuismitheoirí iad céard é teanga chumarsáide an teaghlaigh. De na 443 rannpháirtí a thug freagra ar an gceist[37], deir an tromlach gur níos mó Béarla ná Gaeilge a labhraítear i measc an teaghlaigh:



Figiúr 5.49: Cleachtas Teanga sa Teaghlach

Arís, is ábhar imní é an laghad rannpháirtithe a thuairiscíonn go bhfuil an Ghaeilge in uachtar

[37] Deir 302 rannpháirtí nach mbaineann an cheist leo agus níor fhreagra 19 rannpháirtí í.

sa teaghlach. Maíonn 93 duine de na 443 rannpháirtí (21.0%) a bhí i gceist sa cheist seo go bhfuil Gaeilge líofa acu agus meastar, dá bharr, go bhféadfadh an Ghaeilge a bheith in uachtar i gcás an chúigiú cuid de na teaghlaigh ar a laghad. Ní thuairiscíonn ach 44 duine de na 93 cainteoir líofa Gaeilge sin go labhraítear Gaeilge amháin nó níos mó Gaeilge ná Béarla ina dteaghlaigh, áfach.

Cuireadh ceist ar na tuismitheoirí cén fáth a ndearnadh an cinneadh teanga faoi leith a labhairt leis an teaghlach. Deir formhór na dtuismitheoirí gurb é sin 'teanga an teaghlaigh' gan aon mhíniú eile a thabhairt, ach mar sin féin deir céatadán suntastach (20.5%) díobh siúd a labhraíonn Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó gur mar gheall ar chúiseanna sóisialta a rinneadh an cinneadh:



Figiúr 5.50: Na cúiseanna taobh thiar de pjolasaí teanga an teaghlaigh

Deir 29 duine de na rannpháirtithe a labhraíonn Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó lena dteaghlaigh go bhfuil cúiseanna 'eile' i gceist, agus is easpa cumais sa Ghaeilge an chúis is mó a shonraítear:

Cúis	Líon daoine	Céatadán[38]
Easpa cumais sa Ghaeilge nó easpa muiníne i gcás tuismitheoir amháin nó na beirte tuismitheoirí nó na bpáistí	21	5.6%
Nós	4	1.1%
Cúiseanna éagsúla eile	4	1.1%

Tábla 5.15: Cúiseanna Eile

[38] Is ionann an céatadán seo agus céatadán de na 376 tuismitheoir a deir go labhraítear Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó ina dteaghlaigh.

5.3.4.3 Cleachtas Teanga sa Phobal

Cuireadh ceist ar na rannhpáirtithe cé chomh minic agus a labhraíonn siad Gaeilge in áiteanna éagsúla sa phobal.

Tá sé le tuiscint ón bhfigiúr thíos gurb é an Béarla atá in uachtar sna háiteanna ar fad a luaitear, agus gur sa bhaile, sa chóras oideachais agus le cairde is mó a úsáidtear an Ghaeilge[39]:



Figiúr 5.51: Cleachtas Teanga sa Phobal (A)

Is sa chomharsanacht is lú a labhraítear Gaeilge: ní deir ach 12.3% den sampla go labhraíonn siad Gaeilge i gcónaí, beagnach i gcónaí nó go minic sa chomharsanacht, rud a thugann le fios go bhfuil an Ghaeilge go mór i mbaol mar theanga phobail sa LPT.

Maidir le seirbhísí éagsúla – idir shiopaí/gnóthaí agus sheirbhísí sóisialta, áitiúla, sláinte, eaglasta agus Stáit – is mar chuid de sheirbhísí eaglasta is mó a úsáidtear an Ghaeilge:



Figiúr 5.52: Cleachtas Teanga sa Phobal (B)

[39] Deir 26.0%, 16.1% agus 14.6% de na rannpháirtithe go labhraíonn siad Gaeilge i gcónaí, beagnach i gcónaí nó go minic sna háiteanna sin faoi seach.

De bharr gur mó i bhfad líon na ndaoine sa LPT a bhfuil sé de chumas acu Gaeilge a labhairt ná líon na ndaoine a labhraíonn í, meastar go bhféadfaí cur le húsáid na Gaeilge, go háirithe maidir leis na seirbhísí a luaitear i bhFigiúr 4.8, trí sholáthróirí na seirbhísí éagsúla sin a spreagadh le polasaí teanga atá fabhrach don Ghaeilge a chur i bhfeidhm.

5.3.5 Dearcadh Teanga

Iarradh ar na rannpháirtithe a gcuid tuairimí a léiriú i leith 11 cheann de ráitis maidir le cúrsaí teanga go ginearálta agus i LPT Dhún na nGall Theas go sainiúil:



Figiúr 5.53: Dearcadh i leith na Teanga (A)

Mar a léirítear san fhigiúr thuas, ar an iomlán léiríonn tromlach na rannpháirtithe dearcadh dearfach i leith na Gaeilge. Cé go bhfuil go leor tacaíochta ann don teanga sa phobal i bprionsabal, áfach, tá sé suntasach go dtagann titim áirithe ar na figiúirí nuair is bearta coincréiteacha praiticiúla a bhíonn i gceist. Mar shampla, aontaíonn 88.8% den sampla go bhfuil sé tábhachtach go mairfeadh an Ghaeilge sa Ghaeltacht, 75.4% go dtugann an stádas Gaeltachta buntáistí áirithe don LPT agus 71.2% go bhfuil an Ghaeilge feiliúnach don saol nua-aimseartha, ach ní chreideann ach 51.5% gur chóir go mbeadh an teanga ina coinníoll fostaíochta do ghnólachtaí sa cheantar agus ní easaontaíonn ach 29.5% leis an ráiteas “is fearr liom a bheith ag labhairt Béarla ná Gaeilge”.

Baineann na cúig ráiteas eile níos mó le cleachtas teanga an rannpháirtithe féin. Arís, léirítear sna freagraí dearcadh dearfach i leith na Gaeilge agus tacaíocht don phlean teanga, le 68.4% den sampla ag iarraidh níos mó deiseanna úsáide Gaeilge agus 63.8% sásta comhoibriú leis an bpobal chun an Ghaeilge a neartú:



Figiúr 5.54: Dearcadh i leith na Teanga (B)

Mar a bheifí ag súil leis, is cainteoirí líofa nó measartha maith Gaeilge iad 80.2% de na daoine a aontaíonn go n-úsáideann siad Gaeilge chomh minic agus is féidir agus 67.1% de na daoine ar mhaith leo níos mó deiseanna úsáide Gaeilge.

5.3.5.1 Tuismitheoirí

Cuireadh ceist ar na tuismitheoirí sa sampla a bhfuil páistí acu sa naíonra ar mhaith leo deis a fháil leanúint leis an tumoideachas Gaeilge sa bhunscoil agus léirítear ina gcuid freagraí tacaíocht láidir don *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022:*



Figiúr 5.55: "Ar mhaith leat deis a fháil leanúint leis an tumoideachas Gaeilge sa bhunscoil?"[40]

Cuireadh an cheist chéanna ar thuismitheoirí páistí naíonra agus bunscoile maidir leis an meánscoil agus arís léirítear tacaíocht láidir don tumoideachas:

[40] D'fhreagair 548 rannpháirtí nár bhain an cheist seo leo agus níor thug 25 duine aon fhreagra, mar sin tá na céatadáin seo bunaithe ar na 191 duine a thug freagra bailí ar an gceist seo.



Figiúr 5.56: "Ar mhaith leat deis a fháil leanúint leis an tumoideachas Gaeilge sa mheánscoil?"[41]

5.3.5.2 Clubanna, Cumainn agus Grúpaí Sóisialta

Tugadh deis do bhaill clubanna/cumann/grúpaí sóisialta na tacaíochta teanga a bheadh ag teastáil uathu leis an Ghaeilge a chur chun cinn ag imeachtaí agus ag cruinnithe de chuid an chlub/an chumainn/an ghrúpa a lua. Thug 95 duine, nó 12.4% den sampla, freagra bailí ar an gceist seo, agus déantar a gcuid freagraí a rangú de réir téama sa tábla thíos:

Téama	Sonraí	Líon rannpháirtithe
Deiseanna foghlama agus úsáide Gaeilge	Ciorcail comhrá; club sóisialta trí Ghaeilge i dTeileann a thiocfadh le chéile uair nó dhó sa tseachtain; cúrsaí/ranganna oíche Gaeilge le haghaidh bainisteoirí, traenálaithe, cúntóirí, cinnirí, srl.; deiseanna le Gaeilge a chleachtadh; feiseanna; imeachtaí nua-aimseartha a mbeadh spéis ag daoine óga iontu; lá Gaelach a bheith sa chlub; oícheanta/laethanta Gaelacha i gcaiféanna, i dtithe tábhairne, i gclubanna, srl.; ranganna don aos óg; ranganna/cúrsaí, ceardlanna agus imeachtaí Gaeilge saor in aisce	34
An CLG	An comórtas Scór; cuid de na seisiúin traenála faoi aois a bheith trí Gaeilge; Gaeilge a bheith á labhairt ag na daoine a bhíonn ag an ngeata ag cluichí; naisc níos láidre le CLG Ard an Rátha (m.sh. cúnamh a thabhairt do thraenálaithe foclóir Gaeilge a fhorbairt, na seisiúin traenála a bheith trí Ghaeilge, srl.); níos mó Gaeilge a bheith in úsáid sa CLG; ranganna a chur ar fáil tríd an CLG	12

[41] D'fhreagair 528 rannpháirtí nár bhain an cheist seo leo agus níor thug 31 duine aon fhreagra, mar sin tá na céatadáin seo bunaithe ar na 205 duine a thug freagra bailí ar an gceist seo.

Úsáid na Gaeilge	Ba chóir go labhrófaí Gaeilge sna siopaí; chaithfeadh gach duine a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge; daoine a spreagadh le beannachtaí simplí Gaeilge a úsáid ar dtús agus tógáil air sin; ní labhraíonn aon duine sa chlub Gaeilge; níor chóir go labhrófaí an iomarca Gaeilge mar nach dtuigfeadh gach duine í; níos mó Gaeilge a bheith le cloisteáil sa phobal	12
Ábhair	Foclóirí a bheith ar fáil; fógraíocht trí Ghaeilge; níos mó cáipéisí dátheangacha; níos mó comharthaíochta i nGaeilge; póstaeir Ghaeilge a chur ar fáil d'ionaid agus do ghrúpaí áitiúla le poiblíocht a dhéanamh ar a gcuid imeachtaí	11
Coistí agus cruinnithe club/cumainn/grúpa	An teanga a bheith in úsáid céatadán áirithe den am i gcónaí; cruinnithe dátheangacha; cuid de gach cruinniú a bheith i nGaeilge; Gaeilge a bheith ag gach ball coiste; níos mó Gaeilge a labhairt ag cruinnithe	9
Cainteoirí dúchais/líofa Gaeilge	Cainteoirí dúchais/líofa Gaeilge a bheith foighdeach le daoine nach bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu ach atá ag déanamh iarrachta; na daoine sa chumann a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu a bheith sásta cuidiú le cúrsaí teanga ag imeachtaí agus ag cruinnithe	6
Dearcadh teanga	Chaithfeadh dearcadh dearfach a bheith ag daoine i leith na teanga; meas a bheith ag daoine ar an teanga	6
An Córas Oideachais	Ba chóir don rialtas tuilleadh airgid a chur ar fáil le háiseanna a cheannacht do na naíonraí; bunscoileanna agus meánscoileanna lán- Ghaelacha a bheith ar fáil; cúrsaí Gaeilge a chur ar fáil do dhaoine a bhíonn ag obair le páistí sna naíonraí agus sna scoileanna; naíonra a bheith ar fáil	5
Ceannaireacht agus tacaíocht eile	Cúntóirí teanga a bheith ar fáil do na cumainn; tacaíocht ó na ceannairí; theastódh ceannaire maith chun luach agus tábhacht na Gaeilge a chur in iúl	5
Spreagthaí	Daoine a spreagadh le breathnú ar TG4; daoine a spreagadh le Gaeilge a labhairt ag imeachtaí; duaiseanna (i. airgead) a chur ar fáil do na baill de na grúpaí/cumainn/clubanna a bhfuil Gaeilge mhaith acu agus a labhraíonn í; spreagthaí airgeadais a bheith ann	5
Níos mó tacaíochta ó na heagraíochtaí agus ó na grúpaí Gaeilge sa LPT	Duine le Gaeilge a thiocfadh isteach le cuidiú leis an gcumann/club/grúpa an teanga a chur chun cinn agus a úsáid, foirmeacha a líonadh, srl.; poiblíocht a dhéanamh ar na meáin shóisialta	4
Seirbhís aistriúcháin	Níos mó seirbhísí nó níos mó poiblíochta a dhéanamh ar na seirbhísí atá ann; seirbhís aistriúcháin a bheith ann do scríbhneoirí/d'fhilí	4

Eile	Níl aon tacaíocht teanga ag teastáil; níl an cumann ag iarraidh a ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge; níor mhaith liom dá mbeadh na grúpaí sóisialta á n-úsáid leis an nGaeilge a chur chun cinn; teastaíonn spiorad pobail níos fearr; cumarsáid níos fearr a chothú idir Údarás na Gaeltachta agus cumainn/clubanna sa cheantar	6

Tábla 5.16: Moltai ó Chlubanna, ó Chumainn agus ó Ghrúpaí Sóisialta

5.3.4.6 Moltaí Eile

Ag deireadh an cheistneora iarradh ar na rannpháirtithe moltaí eile a bheadh acu don phlean teanga nó don Ghaeilge sa LPT a lua. Thug 327 duine, nó 42.8% den sampla, freagra bailí ar an gceist seo, agus déantar a gcuid freagraí a rangú de réir téama sa tábla thíos:

Téama	Sonraí	Líon rannpháirtithe
Dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge	Ba chóir a bheith bródúil as an nGaeilge; ba chóir béim a chur ar chanúint thraidisiúnta na háite; ba mhaith liom a bheith in ann Gaeilge a labhairt; ba mhaith liom go mairfeadh an Ghaeilge; béim a chur ar an nglúin óg; caillfear an teanga mura mbíonn sí ag an aos óg; comhoibriú leis an teanga a chur chun cinn; feachtas feasachta teanga; Gaeilge a bheith ag gach duine; go n-éirí leis an bplean teanga; níos mó Gaeilge a bheith á labhairt agus le cloisteáil ar bhonn laethúil; níos mó Gaeilge a labhairt sa bhaile; tá ról tábhachtach ag an teaghlach agus ag gníomhaíochtaí spóirt agus cultúrtha; tá sé de cheart ag gach ceantar a theanga féin a labhairt	96
Deiseanna úsáide/imeachtaí	An Ghaeilge a chur chun cinn trí chlubanna spóirt agus sóisialta; clubanna óige trí Ghaeilge do pháistí; deiseanna úsáide do thosaitheoirí/d'fhoghlaimeoirí; duine a bhfuil Gaeilge mhaith a bheith i láthair ag imeachtaí le héascú a dhéanamh ar chúrsaí teanga; imeachtaí dátheangacha; imeachtaí do theaghlaigh agus do pháistí; maidin tae/caife agus deis cainte d'fhoghlaimeoirí; maoiniú a bheith ar fáil le tacú le himeachtaí Gaeilge, m.sh. d'fhógraíocht agus do phóstaeir; níos mó imeachtaí seach-churaclaim trí Ghaeilge do dhaoine óga; suaitheantais le cur in iúl go bhfuil/nach bhfuil Gaeilge ag an duine sin; tráth na gceist, féilte (féile Sheachtain na Gaeilge san áireamh), céilí, seachtain Ghaelach gach mí, oícheanta Gaelacha agus oícheanta airnéil, drámaí, 'Pop-up Gaeltacht', campaí samhraidh	73
An Córas Oideachais	Ba chóir go mbeadh gach duine atá ag plé le páistí sa chóras oideachais líofa le Gaeilge; ba chóir go n-úsáidfeadh na múinteoirí Gaeilge amháin; ba chóir níos mó béime a chur ar an nGaeilge labhartha; caithfear an	72

	Ghaeilge a dhéanamh níos suimiúla do dhaltaí scoile; caithfear scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta na ndaoine óga a fheabhsú; cinntiú go bhfuil an Ghaeilge á labhairt sa bhunscoil; comhoibriú idir múinteoirí agus tuismitheoirí; comórtais do pháistí óga; cruinniú a eagrú le tuismitheoirí na bpáistí scoile agus iad a spreagadh le Gaeilge a úsáid sa bhaile; Gaeilge labhartha a bheith mar obair bhaile ag daltaí le tuismitheoirí a spreagadh níos mó Gaeilge a labhairt sa bhaile; go bhfaighidh na scoileanna aitheantas mar scoileanna Gaeltachta faoin b*Polasaí don Oideachas Gaeltachta*; lá Gaelach sna scoileanna; naíonra a chur ar fáil (luaitear Ard an Rátha go sonrach); níor chóir go mbeadh an Ghaeilge éigeantach don Ardteistiméireacht; níos mó Gaeilge a bheith á labhairt ag am lóin; níos mó Gaeilge a bheith á labhairt i gColáiste na Carraige; scolaíocht agus naíonra trí Ghaeilge amháin; spreagthaí breise do dhaltaí sa mheánscoil; tá an Ghaeilge atá sna leabhair scoile ag déanamh scrios ar an teanga; tumoideachas a fheidhmiú sna scoileanna	
Deiseanna foghlama Gaeilge	Cúrsaí oíche; cúrsaí samhraidh do dhaoine óga/áit gan táille do dhaoine áitiúla sna coláistí samhraidh Gaeltachta; deiseanna neamhfhoirmiúla foghlama, trí cheol nó spórt, mar shampla; foclóirí, srl. do thuismitheoirí; leabhráin Ghaeilge a dháileadh ar na tithe; na ranganna a reáchtáil sa scoil áitiúil; ranganna dírithe ar mhuintir na háite seachas ar chuairteoirí; ranganna do thuismitheoirí; ranganna saor in aisce Gaeilge do gach aoisghrúpa agus do gach leibhéal; réimse níos leithne cúrsaí in Oideas Gael	72
An Réimse Poiblí agus an Láthair Oibre	Aifreann trí Ghaeilge; an Ghaeilge a bheith mar theanga na trádála san áit; an Tairiscint Ghníomhach a úsáid/beannú i nGaeilge amháin; ba chóir do ghnólachtaí áitiúla daoine le Gaeilge a fhostú; ba chóir go n-úsáidfeadh na sagairt agus na gardaí Gaeilge amháin; ba chóir go n-úsáidfí níos mó Gaeilge sna siopaí, sna gnólachtaí agus sna monarchana; ba chóir níos mó Gaeilge a úsáid le cuairteoirí go dtí an ceantar; níos mó Gaeilge a úsáid ag cruinnithe; níos mó Gaeilge a úsáid ar an láthair oibre; nuachtlitir as Gaeilge don phobal	43
Spreagadh	Córas duaiseanna le daoine a spreagadh; daoine (go háirithe daoine óga) a spreagadh le hiarracht a dhéanamh an teanga a fhoghlaim/a úsáid; Scéim Labhairt na Gaeilge a thabhairt ar ais; tuismitheoirí a spreagadh le Gaeilge a labhairt agus a úsáid lena	27

	gclanna	
An Tírdhreach Teangeolaíoch	Níos mó Gaeilge a úsáid ar ábhar a bhaineann le Slí an Atlantaigh Fhiáin; níos mó Gaeilge a úsáid ar chomharthaí/ar fhógraí sa cheantar	22
Cúrsaí Eacnamaíochta agus Bonneagair	Caithfidh an rialtas tacaíocht airgeadais a chur ar fáil don togra; forbairt ghinearálta agus bóithre a dheisiú; fostaíocht sa cheantar le daoine óga a choinneáil san áit; teastaíonn clúdach níos fearr gutháin agus leathanbhanda sa cheantar; tús áite a thabhairt do dhaoine le Gaeilge agus deontais tithíochta/cead pleanála á gceadú	15
An CLG	Ba chóir go labhródh na traenálaithe/bainisteoirí níos mó Gaeilge; ba chóir go mbeadh níos mó tacaíochta ann don Ghaeilge ón CLG; traenáil trí Ghaeilge do dhaoine óga	13
Dearcthaí diúltacha i leith na Gaeilge	Níl aon mhaith sa Ghaeilge don cheantar/don teaghlach; níl aon tábhacht leis an nGaeilge taobh amuigh den scoil; níor chóir an chanúint a chur chun tosaigh; níor chóir go mbeadh an chomharthaíocht sa cheantar i nGaeilge; níor choir tumoideachas a chur i bhfeidhm sna scoileanna/níor chóir aon Ghaeilge a bheith sna scoileanna; tá an Ghaeilge ródheacair an chanúint a chur chun tosaigh; níor chóir go mbeadh an chomharthaíocht sa cheantar i nGaeilge; níor choir tumoideachas a chur i bhfeidhm sna scoileanna/níor chóir aon Ghaeilge a bheith sna scoileanna; tá an Ghaeilge ródheacair	13

Tábla 5.17: Moltaí Eile

5.3.5 Tátal

Is léir ó thorthaí an taighde seo go bhfuil an Ghaeilge go mór i mbaol mar theanga phobail, teaghlaigh agus shóisialta in LPT Dhún na nGall Theas. Mar sin féin, tuairiscítear go bhfuil ardchumas Gaeilge ag sciar suntasach den phobal (rannóg 3.2) agus léirítear chomh maith go bhfuil tacaíocht ann i measc an phobail don teanga agus don phróiseas pleanála teanga agus go mbeadh spéis ag an bpobal in imeachtaí agus i dtograí a chuirfeadh an teanga chun cinn. Is léir ó na torthaí seo chomh maith go mbeadh éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus gur mhaith leis an bpobal cur le feiceálacht na Gaeilge sa LPT, go háirithe ar chomharthaí inmheánacha agus seachtracha i siopaí agus i gcomhlachtaí eile.

5.4 Anailís ar an Cheistneoir don Lucht Gnó/Seirbhísí[42]

5.4.1 Sampláil agus Modheolaíochtaí

5.4.1.1 Scaipeadh na gCeistneoirí

Tá 93 gnó lonnaithe sa LPT seo agus scaipeadh an ceistneoir orthu uilig trí ríomhphost agus trí nasc go suirbhé ar líne idir an 28 Samhain 2017 agus an 6 Feabhra 2018.

5.4.1.2 Ráta Freagartha

D'fhreagair 38 gnó an ceistneoir, rud a fhágann go raibh ráta freagartha de 40.9% air.

5.4.2 Eolas Ginearálta

5.4.2.1 Eolas Ginearálta faoi na Freagróirí

Is úinéirí gnó formhór na ndaoine a d'fhreagair an ceistneoir seo:



Figiúr 5.57: Ról na bhFreagróirí

Deir 30 freagróir gurb as an nGaeltacht ó dhúchas iad, agus is as an LPT seo 29 duine acu sin. Is as Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann an chuid eile acu.

5.4.2.2 Eolas Ginearálta faoi na Gnóthaí

Tugann 31 ceann de na gnóthaí ainm an ghnó. Is iad sin:

Áislann Chill Chartha CLG, An Cailín Gruaige, An Chistin, Beachóga Dhún na nGall, Carrick Chinese Takeaway, Central Bar Carrick, Charlie McGuire t/a Ionad Siúil, Cliabhan Costa Teo, Concrete Aqua Guard Ltd, Cook's Pantry, Devno Fixings Ltd, Drioglann Shliabh Liag

[42] Ar mhaithe le gontacht, bainfear úsáid as an bhfocal 'gnó' sa tuairisc seo le cur síos a dhéanamh ar ghnónna, ar ghnólachtaí, ar sheirbhísí, srl.

CGA, feedpods, Fiontar Cill Chartha Ltd, Glencolmcille Folk Village, Handknit Sweaters 6 , Ireland by Bike Ltd. (ainm á athrú go 'Amuigh Faoin Aer Teoranta' faoi láthair), Molloy Home Improvement Services, Ocean Spray B&B, Oideas Gael CTR, Patrick Mc Shane Car and Bus Hire, Peadar, Rathlin Tír Chonaill Teo, RORY O DONNELL LTD., Sár-Eangacha Teoranta, Sharpe Az Hairdressimg Salon, Silver Strand B&B, Snath Dun Na nGall Teoranta, Teelin Bay House bed and breakfast, The SIM Clinic, WestBIC

D'fhreagair 33 freagróir an cheist maidir le líon na ndaoine a oibríonn sa ghnó. Ar an iomlán tá 216 duine ag obair sna 33 gnó seo – 115 oibrí lánaimseartha, 84 oibrí páirtaimseartha agus 17 n-oibrí dheonacha. Tá 38 duine ag obair sa ghnó is mó a d'fhreagair an cheist seo agus tuairiscíonn triúr freagróirí nach bhfuil ach duine amháin ag obair ina ngnóthaí. Is gnóthaí neamhspleácha an chuid is mó den sampla (30 gnó)[43].
Baineann formhór an tsampla leis an earnáil seirbhísí agus leis an earnáil fáilteachais agus turasóireachta:



Figiúr 5.58: Cineál na nGnóthaí

Deir 23 freagróir go mbíonn a ngnó ag freastal ar dhaoine de gach aois, agus deichniúr go mbíonn a ngnó ag freastal ar dhaoine fásta amháin[44].

5.4.3 An Gnó agus an Ghaeilge

5.4.3.1 Tábhacht na Gaeilge don Ghnó

Mar a léirítear san fhigiúr thíos, measann tromlach na bhfreagróirí seo go ndéanann an turasóireacht chultúrtha agus teanga leas dá ngnóthaí, agus go mbeidh tionchar aige orthu mura maireann an Ghaeilge mar theanga phobail sa LPT. Mar sin féin, creideann níos lú ná an leathchuid de na freagróirí go mbíonn a ngnóthaí ag saothrú airgid (go díreach nó go hindíreach) mar gheall ar an teanga, rud a léiríonn go bhfuil gá, b'fhéidir, le feasacht a ardú i measc lucht gnó an LPT ar thábhacht na teanga agus na turasóireachta teanga don áit:

[43] Deir triúr freagróirí gur cuid de sreang gnólachtaí a ngnó agus níor fhreagair cúigear an cheist.
[44] Níor fhreagair cúigear an cheist seo.



Figiúr 5.59: Tábhacht na Gaeilge do na Gnóthaí

5.4.3.2 Cumas Gaeilge

5.4.3.2.1 Cumas Gaeilge na bhFreagróirí

I gcás na bhfreagróirí féin, ní thuairiscíonn ach 14 dhuine go bhfuil Gaeilge ó dhúchas nó Gaeilge líofa acu. Mar a bheifí ag súil leis, áfach, is as an nGaeltacht 13 dhuine acu sin. Tuairiscíonn ochtar freagróirí go bhfuil Gaeilge réasúnta maith acu agus deir 16 fhreagróir go bhfuil siad ar bheagán Gaeilge nó nach bhfuil Gaeilge ar bith acu.

5.4.3.2.2 Cumas Gaeilge na Foirne

Rinne na 33 freagróir a thug eolas maidir leis an líon foirne ina ngnóthaí cur síos ar chumas Gaeilge na foirne. De na 216 duine atá ag obair go lánaimseartha, go páirtaimseartha nó go deonach sna gnóthaí seo, tuairiscítear go bhfuil cumas éigin sa Ghaeilge ag 154 duine, nó 71.3%, acu agus Gaeilge ó dhúchas nó Gaeilge líofa ag 29.2% acu sin.



Figiúr 5.60: Cumas Gaeilge na Foirne

5.4.3.3 Cleachtas Teanga

Mar is léir ón bhfigiúr thíos, ní úsáidtear mórán Gaeilge idir bhaill foirne ná i gcumarsáid scríofa:



Figiúr 5.61: Cleachtas Teanga sna Gnóthaí

Ní deir aon fhreagróir go n-úsáidtear Gaeilge amháin ar chomharthaí ná ar fhógraíocht a ghnó, ach is suntasach gur mó líon na ngnóthaí a úsáideann comharthaíocht dhátheangach ná na gnóthaí a úsáideann comharthaí i mBéarla amháin:



Figiúr 5.62: Teanga agus Comharthaíocht/Fógraíocht

Maidir le cumarsáid ó bhéal le custaiméirí, ní dhéantar an chéad teagmháil i nGaeilge i gcónaí ach i gcás dhá ghnó:



Figiúr 5.63: Cleachtas Teanga le Custaiméirí

5.4.3.4 Beartas Teanga

Ní deir ach freagróir amháin go bhfuil Oifigeach Gaeilge fostaithe ag an ngnó[45]. Deir seisear eile go bhfuil ball foirne eile freagrach as cur chun cinn na Gaeilge sa ghnó, rud a fhágann go bhfuil ar a laghad 26 gnó sa sampla[46] nach bhfuil aon bhealach foirmiúil acu leis an nGaeilge a chur chun cinn sa láthair oibre.

Ní thuairiscíonn ach ceathrar freagróirí go bhfuil plean teanga i bhfeidhm sa ghnó. Cé nach féidir ginearálú a dhéanamh ar shampla atá chomh beag leis sin, mar a fheictear san fhigiúr thíos tá tuairimí éagsúla ag an gceathrar faoi éifeacht agus faoi thionchar na bpleananna teanga seo agus is cinnte go rachadh sé chun a leasa dá mbeadh treoir, comhairle agus tacaíocht ar fáil maidir le dearadh agus cur i bhfeidhm éifeachtach plean teanga i réimse an ghnó:

45 Deir 32 freagróir nach bhfuil Oifigeach Gaeilge ag a ghnó agus níor fhreagair cúigear an cheist.

46 Níor fhreagair cúigear an cheist seo.



Figiúr 5.64: Tuairim i leith na bPleananna Teanga

5.4.3.5 Deacrachtaí agus Dúshláin

Léirítear san fhigiúr thíos na deacrachtaí agus na dúshláin atá roimh ghnóthaí an LPT ó thaobh chur chun cinn na Gaeilge de, dar leis na freagróirí. Tá na céatadáin bunaithe ar na 33 freagróir a d'fhreagair an cheist seo:

Figiúr 5.65: Deacrachtaí agus Dúshláin

5.4.4 Dearcadh i leith na Gaeilge i Réimse an Ghnó

Iarradh ar na freagróirí a dtuairimí a léiriú ar 11 ráiteas a bhaineann leis an nGaeilge go ginearálta agus le húsáid na Gaeilge sa ghnó. Mar a léirítear san fhigiúr thíos, tá dearcthaí dearfacha ag formhór na bhfreagróirí i leith na teanga go ginearálta agus i leith úsáid na Gaeilge sa ghnó:



Figiúr 5.67: Dearcadh i leith na Gaeilge (A)

Cé nach n-aontaíonn 68.4% den sampla go gcaithfidh duine Gaeilge líofa a bheith aige/aici le Gaeilge a úsáid sa ghnó, is suimiúil go n-airíonn 42.1% de na freagróirí nach bhfuil a gcuid Gaeilge sách maith lena húsáid mar chuid dá ngnó:



Figiúr 5.68: Dearcadh i leith na Gaeilge (B)

5.4.4.1 Moltaí eile

Ag deireadh an cheistneora, tugadh deis do na freagróirí smaointe nó moltaí breise a bhreacadh síos. Thug 15 fhreagróir freagra bailí ar an gceist seo, agus tugtar na freagraí sa tábla thíos:

Téama	Breis eolais	Líon freagróirí
Deiseanna foghlama	Leabhrán le frásaí úsáideacha, srl.; oiliúint maidir le húsáid na Gaeilge sa ghnó; ranganna Gaeilge saor in aisce	5
Deiseanna úsáide	Níos mó Gaeilge a bheith á labhairt ag custaiméirí/sa phobal; níos mó Gaeilge a bheith á labhairt i measc na foirne (I suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla)	5
Tacaíochtaí agus Spreagthaí	Comhairle agus tacaíocht le straitéis úsáide Gaeilge a fhorbairt ag teastáil; deontais a bheith á ndáileadh go cothrom ar ghnónna de shaghasanna difriúla; greamáin, páipéarachas, bileoga, srl. as Gaeilge ag teastáil; tacaíochtaí teanga (m.sh. seirbhís aistriúcháin/profála) ag teastáil	5

Tábla 5.18: Smaointe agus Moltaí na bFreagróiri

6. Bearta an Phlean Teanga

6.1 Réamhra

Tugtar cuntas sa mhír seo ar bhearta an phlean teanga a shaolraíonn ó dhearcadh an phobail mar a nochtadh sa taighde a rinneadh. Déantar cur síos ar na gníomhaíochtaí praiticiúla idirghabhála a rachfar ina mbun chun dul i bhfeidhm ar iompar teanga phobal an LPT agus le staid reatha na Gaeilge sa LPT a chothú agus a láidriú de réir a chéile. Rangaítear na bearta de réir na gcritéar pleanála teanga[47] lena mbaineann siad agus na réimsí mar atá leagtha amach sna Treoirlínte Pleanala Teanga (An Roinn Cultúir, Oidhreacha agus Gaeltacha, 2016: 53). Is iad seo a leanas na réimsí éagsúla:

A. An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais);

B. Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga;

C. Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí eile;

D. Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chóras Oideachais;

E. An Earnáil Ghnó;

F. Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn;

G. Na Meáin Chumarsáide;

H. Seirbhísí Poiblí;

I. Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach;

J. Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire;

K. Staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus nósmhaireacht an phobail ina leith

Tá seacht mbliana i gceist sa phlean agus cuimsíonn sé gnéithe den chóras oideachais ar

[47] Liostaítear na critéir pleanála Teanga in Aguisín X.

leithinis Shliabh Liag, seirbhísí sóisialta d'aoisghrúpaí éagsúla, deiseanna foghlama lasmuigh den chóras oideachais, an earnáil ghnó, eagraíochtaí pobail, na meáin chumarsáide, seirbhísí poiblí, pleanáil agus forbairt fhisiceach, caithimh aimsire chomh maith le gnéithe de dhearcadh, de chumas agus d'iompar teanga an phobail. Caithfear bonneagar a réiteach chuige sin ar fad agus tosófar amhlaidh.

6.2 Feidhmiú an Phlean

6.2.1 Struchtúr Feidhmithe

An Beart	**Struchtúr Feidhmithe.**
Réimsí an bhirt	- F, K
Critéir pleanála teanga	- 1, 2, 3 19
Aidhm an bhirt	- Struchtúr Feidhmithe a bhuanú a chinnteoidh go gcuirfear an plean teanga i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach. - CPTLSL a bhuanú i saol an phobail do shaolré an Phlean Teanga seo thíos trí chaidreamh leanúnach leis an phobal.
Eolas breise	- **An Cheanneagraíocht:** Feidhmeoidh An Lár-Chomhairle Paróiste mar cheanneagraíocht sa phróiseas pleanála teanga le linn thréimhse seacht mbliana chur i bhfeidhm an phlean. - **Coiste Pleanala Teanga Leithinis Shliabh Liag (CPTLSL):** Coinneoidh CPTLSL ag feidhmiú mar choiste stiúrtha don phróiseas pleanála teanga. Is gá don choiste caidreamh a chothú le fanacht ionadaíoch ar an phobal mar chrann taca agus mar fhoras stiúrtha ag an Oifigeach Pleanála Teanga (OPT) a fhostófar leis an phlean a chur i gcrích (féach Beart 6.2.2). - Déanfar cruinnithe idir an OPT, CPTLSL agus an cheanneagraíocht a eagrú ar bhonn míosúil chun plé a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean.
Príomhúinéir an bhirt	- Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille

Páirtithe leasmhara	- CPTLSL. - Cumainn agus forais áitiúla an LPT. - An OPT.	
Saolré an bhirt	- **Bliain 1**	- Coiste a bhuanú
	- **Bliain 1-7**	- Feidhmiú an bhirt
Costas measta in aghaidh na bliana	- Ní bhaineann.	
Costas measta iomlán	- Ní bhaineann.	
Foinsí Maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.	
Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- Bíonn drogall ar dhaoine a bheith gníomhach in obair dheonach. - A bheith ionadaíoch ar éagsúlacht dearcaidh agus ar cheantar scoite.	
Sárú na ndúshlán	- A bheith oscailte agus caidreamhach le cumainn agus le heagrais éagsúla an LPT.	
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Cuirfidh an OPT tuairisc mhíosúil ar chur i bhfeidhm an phlean ar fáil do CPTLSL. - Cruinniú gach leath bliana agus a bheith fiafraitheach faoi aiseolas go poiblí i rith an ama. - Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil in éifeacht na mbeart uilig sa phlean teanga.	

6.2.2 Foireann Pleanála Teanga

An Beart	**Foireann Pleanála Teanga a cheapadh a chuirfeas an Plean Teanga i bhfeidhm.**
Réimsí an bhirt	- A-K
Critéir pleanála teanga	- 3, 5, 7-19
	- OPT a cheapadh a fheidhmeoidh an Plean Teanga tríd an phobal trí chéile mar atá beartaithe. Beidh se/sí freagrach as stiúradh agus as bainistiú feidhmiúil an phlean teanga don limistéar agus as an chlár oibre a aontófar le hÚdarás na Gaeltachta a eascróidh as, i gcomhar leis an Cheanneagraíocht agus leis an Choiste

	Stiúrtha Pleanála Teanga. - Fostófar Riarthóir Oifige ar bhonn páirtaimseartha le tacaíocht agus seirbhís riaracháin a chur ar fáil don OPT.
Eolas breise	- Beidh an tOPT fostaithe ag an cheanneagraíocht, Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille agus oibreoidh sé/sí faoi stiúir CPTLSL. - Socrófar spás oifige don OPT seo in oifig na Ceanneagraíochta ar dtús ach de réir a chéile beidh an té seo ag caitheamh lá in ionaid pobail eile ar fud an LPT. - Feidhmeoidh an tOPT go lánaimseartha tríd an phobal, trí na cumainn agus na gnólachtaí, tríd na meáin chumarsáide: o Le heolas agus le feasacht teanga a leathnú ina measc. o Le dul i ngleic le himní an phobail i dtaca le hiompar teanga. o Le cuidiú agus le comhairle teanga agus le hoiliúint a sholáthar. o Le ranganna agus le himeachtaí teanga a eagrú. o Le hiompar teanga na Gaeilge a fhorbairt de réir an Phlean Teanga; le córas an fhaireacháin a choinneáil cothrom le dáta. o Le CPTLSL a choinneáil ar an eolas. - Déanfaidh an OPT nasc a chruthú le Coistí Pleanála Teanga eile ar fud na tíre ionas gur féidir eolas a roinnt agus comhaidhmeanna a bhaint amach m.sh. stocaireacht ar ábhair faoi leith. - Déanfar cruinnithe idir an OPT, CPTLSL agus an cheanneagraíocht a eagrú go rialta (ar bhonn míosúil) chun athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar dul chun cinn an phlean. - Saoirse ag an OPT leasuithe a dhéanamh ar an phlean teanga agus tograí eile nach bhfuil luaite sa phlean seo a fhorbairt ach na tograí sin agus an buiséad a aontú le CPTLSL, leis an cheanneagraíocht agus le hÚdarás na Gaeltachta ar dtús. - Fostófar rúnaí ar bhonn páirtaimseartha le tacaíocht a chur ar fáil don OPT leis na haidhmeanna leagtha síos a

	bhaint amach. - Beidh an rúnaí fostaithe ag an cheanneagraíocht, Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille agus oibreoidh sé/sí faoi stiúir CPTLSL. - Beidh an té seo lonnaithe san oifig leis an OPT.	
Príomhúinéir an bhirt	- Lár Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille i gcomhar le CPTLSL.	
Páirtithe leasmhara	- Pobal an cheantair. - Cumainn éagsúla an cheantair. - Gnólachtaí éagsúla an cheantair. - An tOPT.	
Saolré an bhirt	- **Bliain 1**	- Coinníollacha poist a fhorbairt, post an OPT a fhógairt agus an tOPT a fhostú. - Post an riarthóra a fhógairt agus an riarthóir a fhostú.
	- **Bliain 1-7**	- Feidhmiú an bhirt.
Costas measta in aghaidh na bliana	- OPT agus Rúnaí - €89,488 (meánchostas in aghaidh na bliana[48])	
Costas measta iomlán	- €626,416.00	
Foinsí maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta agus Comhairle Contae Dhún na nGall.	
Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- OPT den chumas chuí chumarsáide a cheapadh agus cumas stiúrtha an Choiste Phleanála in éineacht leis a bheith in ann tionchar a imirt sa ghearrthréimhse ar dhearcadh agus ar iompar teanga an phobail; maoiniú a aimsiú don phost agus dá (h)oifig.	
Sárú na ndúshlán	- An maoiniú a aimsiú trí An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta / Údarás na Gaeltachta agus trí Chomhairle Contae Dhún na nGall chomh maith leis an duine ceart a aimsiú le dul i ngleic leis na pointí amhrais agus le dearcadh agus le hiompar teanga an phobail mar atá sé faoi láthair. - Díriú ar dhearcadh folláin agus ar iompar folláin teanga mar is cóir a bheith sa phobal seo.	

[48] Tá briseadh síos iomlán ar na costais a bhaineann leis an bheart seo i mír 7 den phlean.

	- Díriú ar an tairbhe a eascraíonn as dearcadh agus as iompar folláin teanga.
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Glactar leis gur am leochaileach tús feidhme an phlean agus is ar bhonn cuidithe seachas ar bhonn faire a oibreoidh CPTLSL go dlúth leis an OPT. - Ar bhonn leath bliana a dhéanfar faireachán ar an Phlean Teanga i gcruinnithe den Choiste Phleanála. - Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil in éifeacht na mbeart uilig sa phlean teanga.

6.2.3 Láithreacht ar Líne

An Beart	**Láithreacht ar Líne.**	
Réimsí an bhirt	- G, I, K	
Critéir pleanála teanga	- 3, 10, 11, 13, 14, 15, 16, 18, 19	
Aidhm an bhirt	- Le naisc chumarsáide agus áis láir feasachta an Oifigigh Teanga a chothú agus a leathnú sa phobal.	
Eolas breise	Forbrófar suíomh gréasáin do CPTLSL ar a mbeidh eolas faoin phlean agus faoi na bearta. Úsáidfear é: - Le bolscaireacht d'imeachtaí a dhéanamh tríd an phobal. - Le hoiliúint agus eolas a roinnt go furasta ar an phobal. - Cuirfidh an cheanneagraíocht agus CPTLSL ábhar ar fáil don suíomh más mian leo agus má iarann an OPT é. - Le heolas a roinnt ar na háiseanna, na saothair áitiúla, na seirbhísí áitiúla agus na seirbhísí poiblí atá ar fáil sa LPT. Déanfar láithreacht a ghlacadh sna meáin shóisialta chomh maith m.sh. Facebook, Twitter, Instagram, Snapchat, srl	
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.	
Páirtithe leasmhara	- CPTLSL - Lár Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille	
Saolré an bhirt	- **Bliain 1**	- An suíomh reatha a athdhearadh, a fhorbairt, ábhar a réiteach agus an suíomh a sheoladh.
	- **Bliain 2-7**	- Feidhmiú an bhirt
Costas measta in aghaidh na bliana	- €7,500 do Bhliain 1 - €750 in aghaidh na bliana do Bhliain 2-7[49]	
Costas measta iomlán	- €12,000	

[49] Meastachán faighte ó Granite Digital, glaoch gutháin ar an 6 Nollaig 2017. Tá briseadh síos iomlán ar na costais a bhaineann leis an bheart seo i mír 7 den phlean teanga.

Foinsí maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- Deacracht idirlín na gceantar éagsúla. - Claonadh scimeáil ar an idirlíon as Béarla cheana féin.
Sárú na ndúshlán	- Dul i gcion ar lucht scríofa leathanaigh éagsúla an cheantair a mhealladh i leith freastal ar mhuintir an cheantair i nGaeilge fosta. - Féachaint chuige go bhfuil an tOPT oilte go maith i gceird na ríomhaireachta agus na cumarsáide.
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Beidh an toradh gearrthréimhseach feiceálach láithreach go poiblí. - Beidh gnáthchruinnithe faireacháin an Oifigigh Theanga leis an Choiste Phleanála á meas ar bhonn leath bliana.

6.2.4 Seoladh Plean Teanga Leithinis Shliabh Liag

An Beart	**Seoladh Plean Teanga Leithinis Shliabh Liag.**
Réimsí an bhirt	- G, K
Critéir pleanála teanga	- 2, 3, 11, 12, 16, 19
Aidhm an bhirt	- An pobal a chur ar an eolas faoina bhfuil beartaithe sa Phlean Teanga. - An pobal a mhisniú ar dtús agus a ullmhú le bheith rannpháirteach.
Eolas breise	- Ócáid a eagrú leis an plean a sheoladh in ionad ar nós Aislann Chill Chartha/Halla Mhuire/Ionad Pobail Mhín an Aoire/Seanscoil na Carraige/Ionad Ard an Rátha - An pobal a chur ar an eolas go mion faoi thorthaí an taighde. - An pobal a oiliúint faoin bhealach chun tosaigh sa dóigh gur á aicmiú féin a bheas gach duine le haghaidh a ionad féin sa phlean a ghlacadh. - Codanna éagsúla den Phlean a eisiúint thar thréimhse ama de réir mar thiocfaidh earcú an Oifigigh Teanga chun foirfeachta. - Greim a choinneáil ar réimsí éagsúla de na meáin chumarsáide trína gcothú le heolas ar bonn leanúnach
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT i gcomhar le CPTLSL.
Páirtithe leasmhara	- Lár Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille. - Pobal na Leithinse (mar rannpháirtí). - Na meáin chumarsáide (mar rannpháirtithe)
Saolré an bhirt	- An chéad 3 nó 6 mhí de bhliain 1 ag brath ar fhostú an Oifigigh Teanga.
Costas measta in aghaidh na bliana	- €3,800 do bliain 1[50] - Cóipeanna d'achoimrí den phlean curtha i gcló[51]: €1,000 - Bia don seoladh: €12 @ 150 duine = €1,800

[50] Meastachán faighte don seoladh:
[51] Meastachán bunaithe ar sheoladh plean teanga Chloich Cheann Fhaola, 2,000 cóip d'achoimrí an phlean ar €1,000

	- Ceol / Cainteoir don seoladh: €1,000
Costas measta iomlán	- €3,800
Foinsí maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.
Dúshláin chur i bhfeidhm an phlean	- Éiginnteacht ama a bhaineann le fostú an Oifigigh Teanga.
Sárú na ndúshlán	- Codanna den Phlean a shileadh leis na meáin chumarsáide thar thréimhse ama.
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Go feiceálach tríd na meáin agus ag cruinniú leath bliana an Choiste Phleanála.

6.2.5 Monatóireacht

An Beart	Monatóireacht
Réimsí an bhirt	- K
Critéir pleanála teanga	- 1, 19.
Aidhm an bhirt	Feidhmiú éifeachtach an phlean teanga a chinntiú thar thréimhse ama, trí mhonatóireacht leanúnach a dhéanamh ar bhearta, ar spriocanna agus ar thorthaí an phlean teanga.
Eolas breise	Tabharfar faoi roinnt gníomhartha monatóireachta ar bhonn rialta le cinntiú go mbeidh bearta an phlean teanga á gcur i bhfeidhm go héifeachtach agus go córasach: • Déanfar suirbhé ar na daoine óga sa LPT i mBliain 2, Bliain 4 agus Bliain 6 d'fheidhmiú an phlean teanga. Moltar an mhodheolaíocht chéanna a úsáid agus a úsáideadh sa taighde a rinneadh don phlean seo. (Ní Dhoimhín, 2018a: 79). • I mBliain 2, Bliain 4 agus Bliain 6 d'fheidhmiú an phlean teanga, dáilfear foirmeacha gearra aiseolais ar thuismitheoirí/chaomhnóirí le haiseolas a fháil maidir leis an úsáid a bhaineann siad as seirbhísí agus eile a chuirfear ar fáil mar chuid den phlean teanga. • Baileofar aiseolas i bhfoirm ceistneora tar éis cúrsa ar bith a reáchtálfar mar bheart sa phlean teanga seo. Úsáidfear an t-eolas le athbhreithniú a dhéanamh ar éifeacht na mbeart i gceist agus déanfar leasuithe a dhéanamh ar an phlean teanga de réir mar is cuí[52] • Beidh an tOPT freagrach as cruinnithe míosúla a eagrú leis an choiste agus tuairisc a chur ar fáil don cheanneagraíocht agus don CPTLSL ar dhul chun cinn feidhmiú an phlean teanga.
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT
Páirtithe leasmhara	- CPTLSL. - Lár Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille. - Na páirtithe leasmhara uilig a luaitear i mbearta an phlean teanga.
Saolré an bhirt	- **Bliain 1-7** Feidhmiú an bhirt

[52] Caithfear gach leasú molta a aontú le CCPTLSL agus leis an cheanneagraíocht sula gcuirtear i bhfeidhm é.

Costas measta iomlán:	- €3,192
Costas measta in aghaidh na bliana	- €456 (síntiús bliantúil do phacáiste 'Advantage' SurveyMonkey53)
Foinse maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Dúshláin agus réitigh fhéideartha	- Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	- Ní bhaineann.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt	- Ní bhaineann.

53 Costas bliantúil don phacáiste 'Advantage' ó SurveyMonkey (https://www.surveymonkey.com/pricing/?ut_source=header) ar an 8 Nollaig 2017.

6.3 A - An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)

6.3.1 Scéim na gCúntóirí Teanga

An Beart	Scéim na gCúntóirí Teanga a leathnú amach.	
Réimsí an bhirt	- A	
Critéir pleanála teanga	- 3, 5, 6, 8	
Aidhm an bhirt	- Scéim na gCúntóirí Teanga a leathnú amach ar fud an LPT ionas go mbeidh cúntóirí teanga ag feidhmiú i scoileanna an LPT ó thus go deireadh na scoilbhliana.	
Eolas breise	- Is ar leas na múinteoirí agus ar leas chomhluadar na scoileanna ar fad an beart seo. - Déanfaidh CPTLSL stocaireacht, i gcuideachta Páirtithe leasmhara agus eagrais pleanála teanga eile, ar an Roinn Oideachais agus Scileanna leis an Scéim seo a bheith i ngach scoil ar an leithinis.	
Príomhúinéir an bhirt	- CPTLSL.	
Páirtithe leasmhara	- An tOPT. - An Cheanneagraíocht - Foireann scoileanna agus naíonraí an LPT. - Tuismitheoirí / Caomhnóirí an LPT. - Muintearas Teo. - COGG. - Gaeloideachas Teo. - Conradh na Gaeilge. - Roinn Oideachais agus Scileanna - Aontas na Múinteoirí (ASTI, TUI agus INTO).	
Saolré an bhirt	- **Bliain 1-7**	- Cuirfear tús leis i mbliain 1 agus leanfar leis go mbainfear amach aidhm an bhirt.
Costas measta in aghaidh na bliana	- Costais clúdaithe faoi bheart 6.2.1, 6.2.2	
Costas measta iomlán	- Costais clúdaithe faoi bheart 6.2.1, 6.2.2	
Foinsí maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.	
Dúshláin chur i bhfeidhm an phlean	- Údaráis an Stáit a thabhairt chun gnímh. - A chinntiú roimh dheireadh gach scoilbhliana go mbeidh	

	soláthar agus réiteach ann don bhliain dár gcionn
Sárú na ndúshlán	- Stocaireacht sa phobal, tríd na scoileanna agus trí fhorais an Stáit
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Ag tús agus roimh dheireadh gach scoilbhliana.

6.3.2 Comhoibriú le cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

An Beart	Comhoibriú le cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022	
Réimsí an bhirt	- A, B.	
Critéir pleanála teanga	- 5, 7, 8, 9.	
Aidhm	- Comhoibriú agus tacaíocht a sholáthar do na scoileanna i nDún na nGall Theas maidir lena bhfuil le déanamh chun aitheantas nó stádas mar Scoil Ghaeltachta a bhaint amach.	
Eolas breise	- Feachtas feasachta a chur ar siúl le heolas ar bhuntáistí an tumoideachais a chur ar fáil do na boird bhainistíochta agus do thuismitheoirí. - Ról stocaireachta ionas go gcuirtear na hacmhainní tacaíochtaí ar fáil i scoileanna an LPT le freastal ar an tumoideachas.	
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.	
Páirtithe leasmhara:	- An Cheanneagraíocht. - Foireann scoileanna agus naíonraí an LPT. - Tuismitheoirí / Caomhnóirí an LPT. - Roinn Oideachais agus Scileanna. - COGG. - Gaeloideachas Teo.	
Saolré an bhirt	- **Bliain 1**	- Pleananna le n-ullmhú sna scoileanna.
	- **Bliain 2-7**	- Cur i bhfeidhm an bhirt.
Costas measta in aghaidh na bliana	- Ní bhaineann. Costais clúdaithe faoi bheart 6.2.1, 6.2.2.	
Costas measta iomlán	- Ní bhaineann. Costais clúdaithe faoi bheart 6.2.1, 6.2.2.	
Foinsí maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. - An Roinn Oideachais agus Scileanna.	
Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- Tá easpa tuisceana agus eolais ar chuid den phobal faoin tumoideachas agus faoi na critéir atá sa POG.	
Sárú na ndúshlán	- Feachtas feasachta agus eolas a scaipeadh ar na meáin. Cruinnithe agus seimineáir á reáchtáil.	

Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt:	- An t-iarratas féin ar aitheantas mar scoil Ghaeltachta. - An OPT a bheith ag tuairisciú go rialta don CPTLSL le haiseolas ó na príomhoidí/scoileanna.

6.3.3 Naisc Idir Scoileanna

An Beart	Naisc Idir Scoileanna	
Réimsí an bhirt	- A	
Critéir pleanála teanga	- 5, 6, 8, 10	
Aidhm an bhirt	- Feasacht agus gréasáin daltaí an LPT a mhéadú	
Eolas breise	- Daltaí scoileanna an LPT a chur in aithne a chéile, in aithne an aosa óig i gceantair eile ar nós An Ghaeltacht Láir agus Gaoth Dobhair. - Scoileanna an LPT a nascadh le gaelscoileanna sa Ghalltacht. - Nasc a chruthú idir scoileanna an LPT agus Gaelscoil Dhún na nGall. - Déanfar seo tríd taispeántais chultúrtha / ceolchoirmeacha, imeachtaí spóirt le scoileanna eile atá lárnach i bpróiseas na pleanála teanga a eagrú 2 uair sa bhliain.	
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.	
Páirtithe leasmhara	- CPTLSL. - An cheanneagraíocht - Daltaí scoile an LPT agus daltaí na gceantar eile. - Bainistíocht agus foireann scoileanna an LPT.	
Saolré an bhirt	- **Bliain 2-7**	- Nasc a chruthú. - Feidhmiú an bhirt.
Costas measta in aghaidh na bliana	- **€2,100** - Taisteal (2 imeacht) = **€750** - Sólaistí don 2 imeacht **= €350** - Dreasacht (duais, deontas & srl.) = **€1,000**	
Costas measta iomlán	- €12,600	
Foinsí maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.	
Dúshláin chur i bhfeidhm an phlean	- Comhoibriú le scoileanna eile, taisteal agus clár ama atá i gceist.	
Sárú na ndúshlán	- Tuigeann idir lucht teagaisc agus dhaltaí cheana féin an tairbhe a bhaineann le turais den chineál seo.	

Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Coinneoidh an OPT taifead ar líon na gcruinnithe a eagraítear. - Ag cruinniú leath bliana an Choiste Pleanála Teanga agus leis na scoileanna.

6.3.4 Clár feasachta teanga a ullmhú do pháistí scoile an LPT agus dá dtuismitheoirí / chaomhnóirí

Mhaígh tuismitheoirí sa taighde go raibh deacracht acu le hobair baile na ndaltaí scoile. D'fhiafraigh siad faoi ábhar foghraíochta a chur ar fáil dóibh mar thaca agus go mbeadh stiúrthóir .i. an tOifigeach Pleanála Teanga, i láthair le fadhb na foghraíochta a réiteach.

An Beart	**Clár feasachta teanga a ullmhú do pháistí scoile an LPT agus dá dtuismitheoirí / chaomhnóirí**
Réimsí an bhirt	- A, B
Critéir pleanála teanga	- 2, 6, 7, 8
Aidhm an bhirt	- Éiginnteacht faoi theoiric an oideachais sa sprioctheanga Ghaeilge agus faoin teanga féin a mhaolú. - Tuismitheoirí a mhisniú le tabhairt faoi obair baile na ndaltaí scoile
Eolas breise	- Réiteodh an Clár Feasachta an dá ghné thuas a mbraitheann tuismitheoirí agus caomhnóirí deacracht a bheith ag baint leo tríd ábhar feasachta a ullmhú ar nós bileoga eolais, póstaeir, comharthaíocht, fógraíocht sna meáin / nuachtáin agus trí aip teanga[54] a bheith ar fáil. - Bainfear leas as tacaíochtaí eile atá ar fáil ar nós an Pacáiste Tacaíochta Teaghlaigh atá ar fáil ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. - Eagrófar 2 Lá Oiliúna Teaghlaigh sa bhliain leis na deacrachtaí agus na dúshláin a mheasann tuismitheoirí atá acu a phlé agus a réiteach. Beidh teagascóirí Gaeilge i láthair le obair ghrúpa /ceardlanna a dhéanamh.
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.
Páirtithe leasmhara	- An cheanneagraíocht. - Tuismitheoirí agus daltaí scoileanna an LPT. - CPTLSL.

[54] Costas an aip seo clúdaithe faoi bheart 6.9

	- COGG - Scoileanna an LPT - Tuismitheoirí na Gaeltachta - CNNG	
Saolré an bhirt	- **Bliain 1** - **Bliain 2-7**	- Taighde agus ullmhúcháin. - Feidhmiú an bhirt.
Costas measta in aghaidh na bliana	- **Bliain 1** - **Bliain 2-7**	- €2,500 - €1,000
Costas measta iomlán	- €8,500	
Foinsí maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.	
Dúshláin chur i bhfeidhm an phlean	- Spéis na rannpháirtithe a mhúscailt roimhré le freastal ar na himeachtaí	
Sárú na ndúshlán	- Stocaireacht trí na meáin agus ó bhéal go béal ar thábhacht an bhirt.	
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Deis chainte na rannpháirtithe féin agus ag cruinniú leath bliana an Choiste.	

6.3.5 Ríomháis nó aip do thuismitheoirí

An Beart	**Ríomháis nó aip do thuismitheoirí ar mian leo cuidiú le hobair baile na bpáistí. Ba chóir deis foghraíochta a bheith leis.**
Réimsí an bhirt	- C
Critéir pleanála teanga	- 8, 11
Aidhm an bhirt	- Cuidiú le tuismitheoirí i láimhseáil Gaeilge na scoile sa bhaile
Eolas breise	- Réiteoidh comhlacht / foras áis ríomhaire / ghutháin a chuideoidh le tuismitheoir / caomhnóir an deis a thapú an Ghaeilge a shú isteach de réir mar a rachaidh an chlann tríd an chóras oideachais. - Ba chóir deis foghraíochta a bheith leis an áis
Príomhúinéir an bhirt	- CPTLSL.
Páirtithe leasmhara	- OPT - An cheanneagraíocht. - Tuismitheoirí / Caomhnóirí agus daltaí. - Lucht teagaisc scoileanna an LPT - Gaeloideachas - Tuismitheoirí na Gaeltachta
Saolré an bhirt	- **Bliain 1-7** - Feidhmiú an bhirt
Costas measta in aghaidh na bliana	- €1,500
Costas measta iomlán	- €10,500
Foinsí maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. - Gaeloideachas. - Foras na Gaeilge. - Údarás na Gaeltachta.
Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- Comhlacht fóirsteanach a aimsiú a dhíreoidh an áis ar chanúint an cheantair agus ar riachtanais na dtuismitheoirí / gcaomhnóirí.
Sárú na ndúshlán	- Comhoibriú le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, le Foras na Gaeilge agus le hÚdarás na Gaeltachta le teacht air.

Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Deis chainte na rannpháirtithe féin agus ag cruinniú leath bliana an Choiste Phleanála. - Ag cruinniú leath bliana an Choiste Phleanála.

6.3.6 Tacaíocht teanga a sholáthar do naíonraí agus do scoileanna an LPT

An Beart	Tacaíocht teanga a sholáthar do fhoireann na naíonraí agus na scoileanna san LPT	
Réimsí an bhirt	- A, B	
Critéir pleanála teanga	- 7, 8, 9	
Aidhm an bhirt	- Saineolas na réamhscolaíochta agus in oideachas na teanga mionlaithe a threisiú san LPT.	
Eolas breise	- Stocaireacht a dhéanamh leis na hacmhainní daonna agus teagaisc a sholáthar mar thacaíochtaí teanga do na naíonraí agus do na scoileanna. - Oiliúint foirne maidir le caomhnú agus spreagadh na Gaeilge a mhéadú agus a fheabhsú i naíonraí agus i scoileanna an LPT agus leis an saineolas is úire i dtaca le réamhscolaíocht a chur chun cinn.	
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.	
Páirtithe leasmhara	- CPTLSL. - An cheanneagraíocht. - Naíonraí agus scoileanna an cheantair. - Forais oideachais a bhfuil baint acu leis na scoileanna agus na naíonraí – COGG, CNNG. - Tuismitheoirí na Gaeltachta	
Saolré an bhirt	- **Bliain 2** - **Bliain 3 -7**	- Pleanáil agus Ullmhúcháin. - Feidhmiú an bhirt.
Costas measta in aghaidh na bliana	- €700[55] i mbliain 2 - €500 sa bhliain ó bhliain 3-7	
Costas measta iomlán	- €3,200	
Foinsí maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. - Údarás na Gaeltachta.	
Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- An cúrsa agus teagascóirí a aimsiú	

[55] Bunaithe ar chúrsa oiliúna amháin sa bhliain agus ábhar tacaíochta.

Sárú na ndúshlán	- Oibriú trí COGG, Údarás na Gaeltachta, agus tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Ag cruinniú leath bliana an Choiste Phleanála

6.3.7 Naíonra Gaeilge a bhunú in Ard an Rátha

An Beart	**Naíonra Gaeilge a bhunú in Ard an Rátha.**	
Réimsí an bhirt	- A, B	
Critéir pleanála teanga	- 7, 8, 9	
Aidhm an bhirt	- Freastal na réamhscolaíochta trí Ghaeilge a fhorbairt i gceantar Ard an Rátha	
Eolas breise	- Tacaíocht ar nós riarachán, cruinnithe srl. a chur ar fáil do mhuintir na háite le naíonra a bhunadh a fheimeoidh trí Ghaeilge.	
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT i gcomhar le Coiste Áitiúil	
Páirtithe leasmhara	- CPTLSL. - Naíonraí agus scoileanna an cheantair. - CNNG. - Údarás na Gaeltachta.	
Saolré an bhirt	- **Bliain 1-2** - **Bliain 3-7**	- Taighde agus bunadh an naíonra. - Feidhmiú an bhirt
Costas measta in aghaidh na bliana	- **Bliain 1-2** - **Bliain 3-7**	- €500 in aghaidh na bliana. - Ní bhaineann.
Costas measta iomlán	- €1,000	
Foinse maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.	
Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- Eolas a chur i láthair agus dul i gcion ar thuismitheoirí agus ar lucht stiúrtha naíonra le líon inmharthana naíonán a mhealladh isteach i gcóras na naíonraí Gaeilge.	
Sárú na ndúshlán	- Oibriú trí COGG, Údarás na Gaeltachta, agus tríd An Roinn Oideachais agus Scileanna, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.	
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Deis chainte na rannpháirtithe féin. - Ag cruinniú leath bliana an Choiste Stiúrtha.	

6.3.8 Clár feasachta a ullmhú le postanna in earnáil na Gaeilge a chur chun cinn i measc daltaí scoile.

An Beart	**Clár feasachta a ullmhú le postanna in earnáil na Gaeilge a chur chun cinn i measc daltaí scoile.**
Réimsí an bhirt	- A, C, D, K
Critéir pleanála teanga	- 6, 10, 11, 14, 18
Aidhm an bhirt	- Feasacht a ardú i dtaca leis na réimsí fostaíochta ar féidir tarraingt orthu in earnáil na Gaeilge.
Eolas breise	- Seisiúin amháin eolais le linn na scoilbhliana a reáchtáil i gcomhar le Coláiste na Carraige agus eagraíochtaí stáit do dhaltaí scoile le feasacht a ardú i dtaca leis na deiseanna fostaíochta atá ar fáil in earnáil na Gaeilge m.sh. poist d'aistritheoirí Gaeilge in Institiúidí an Aontais Eorpaigh. - D'fhéadfaí seo a cheangal isteach le Lá Oscailte na scoile más ann dó.
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.
Páirtithe leasmhara	- CPTLSL. - Coláiste na Carraige - Eagraíochtaí Stáit. - Daltaí scoile - Tuismitheoirí - Ionadaithe ón Choimisiún Eorpach.
Saolré an bhirt	- **Bliain 1-7** | - Feidhmiú an bhirt
Costas measta in aghaidh na bliana	- Ní bhaineann. Costas clúdaithe faoi bheart 6.2.2.
Costas measta iomlán	- Ní bhaineann. Costas clúdaithe faoi bheart 6.2.2.
Foinse maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.
Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- Ní mheastar go mbeidh aon dúshlán le cur i bhfeidhm an bhirt seo.
Sárú na ndúshlán	- Ní mheastar go mbeidh aon dúshlán le cur i bhfeidhm an bhirt seo.
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar	- Déanfar taifead à choinneáil ar líon na ndaltaí a dhéanann freastal ar na seisiúin.

éifeacht an bhirt	- Ní bheidh toradh na hoibre seo le feiceáil ar feadh roinnt bliana go mbeidh na daltaí críochnaithe ag an 2ú nó an 3ú leibhéal. - Ag cruinniú bliantúil an Choiste.

6.4 B - Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh, lena n- áirítear seirbhísí tacaíochta teanga

6.4.1 Tacaíochtaí teanga a chur ar fáil don ghrúpa Tuistí agus Tachráin a chuideoidh leo níos mó Gaeilge a úsáid sa ghrúpa.

An Beart	**Tacaíochtaí teanga a chur ar fáil don ghrúpa tuistí agus tachráin a chuideoidh leo níos mó Gaeilge a úsáid sa ghrúpa**
Réimsí an bhirt	- B, D, J
Critéir pleanála teanga	- 6, 7, 8, 9, 10, 11.
Aidhm an bhirt	- Cuidiú le sealbhú teanga sa LPT. - Tuismitheoirí a bhfuil Gaeilge mhaith acu a mhealladh leis an Ghaeilge a labhairt sa bhaile le páistí réamhscoile. - Tuismitheoirí ar bheagán Gaeilge a chumasú leis an teanga a úsáid sa bhaile níos minice. - Tuismitheoirí a bhogann isteach sa cheantar ar bheagán Gaeilge a spreagadh le Gaeilge a labhairt lena dteaghlaigh.
Eolas breise	- Tá grúpa tuistí agus tachráin ag feidhmiú - Tacaíocht teanga bhreise ar nós bileoga/leabhráin le nathanna cainte, cluichí, bréagáin agus moltaí eile maidir le húsáid na Gaeilge sa bhaile ar bhonn laethúil a chur ar fáil do thuismitheoirí an ghrúpa. - Cuirfear na bileoga/ leabhráin ar fáil ar an aip do thuismitheoirí agus ar an suíomh idirlín (beart 6.2.4 & 6.3.4). - Moltar éascaitheoir a bheith sa ghrúpa ar feadh 30 bomaite i dtús ama gach seachtain le treoir agus stiúir a chur ar an ghrúpa agus ansin fríd am go mealltar na tuismitheoirí a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu le héascaíocht a dhéanamh ó am go ham ag an ghrúpa.
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.
Páirtithe leasmhara	- CPTLSL. - Tuismitheoirí / caomhnóirí agus tachráin an cheantair. - An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. - Tuismitheoirí na Gaeltachta - CNNG

Saolré an bhirt	- **Bliain 1-7**	- Feidhmiú an bhirt.
Costas measta in aghaidh na bliana	- Bliain 1 -2: €2,000 in aghaidh na bliana - Bliain 3-7: €600 in aghaidh na bliana.	
Costas measta iomlán	- €7,000	
Foinse maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.	
Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- Tuismitheoirí ar éagsúlacht chumais a mhisniú agus a threorú le dul chun cinn sa teanga.	
Sárú na ndúshlán	- Tacóidh na cláir feasachta teanga, na ranganna maidin comhrá agus na himeachtaí teaghlaigh a eagrófar leis an bheart seo.	
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Deis chainte na rannpháirtithe féin. - Ag cruinniú leath bliana an Choiste Stiúrtha.	

6.4.2 Imeachtaí teaghlaigh a eagrú ar bhonn rialta

An Beart	Imeachtaí teaghlaigh a eagrú ar bhonn rialta	
Réimsí an bhirt	- J, D	
Critéir pleanála teanga	- 10, 11, 12	
Aidhm an bhirt	- Gréasáin agus aithne na rannpháirtithe ar a chéile a threisiú agus a fhorbairt	
Eolas breise	Imeachtaí teaghlaigh a reáchtáil uair sa mhí ar nós: - Oícheanta airneáil x 1 uair sa bhliain. - Ócáid ag cur chun cinn oidhreacht bhéil, oidhreacht cheoil chomh maith le hoidhreacht scríofa an cheantair x 4 uair sa bhliain. - Seisiúin scríbhneoireacht chruthaitheach x 1 uair sa bhliain. - Lá Spraoi do theaghlaigh x 1 uair sa bhliain. - Beidh díolaíocht bheag ar an doras le costais soilsiú/ teasa/ árachais a ghlanadh ag roinnt ionad. - Beidh roinnt costais i gceist le roinnt ceoltóirí/saineolaithe	
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.	
Páirtithe leasmhara	- Pobal an cheantair - Ionaid shóisialta an cheantair - CPTLSL - BOO Dhún na nGall - Ealaín na Gaeltachta - Údarás na Gaeltachta - Tuismitheoirí na Gaeltachta	
Saolré an bhirt	- **Bliain 1-7**	- Feidhmiú an bhirt.
Costas measta in aghaidh na bliana	- €1,200	
Costas measta iomlán	- €8,400	
Foinse maoinithe	- Údarás na Gaeltachta. - An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. - BOO Dhún na nGall.	
Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- Roinnt saineolaithe agus áisitheoirí a aimsiú	
Sárú na ndúshlán	- Forbrófar gréasán na saineolaithe agus na háisitheoirí	

	de réir a chéile
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Aiseolas ar an oíche agus cíorfar toradh na hoibre agus na hathruithe gur gá a dhéanamh ag cruinniú leath bliana an Choiste Phleanála

6.4.3 Ciorcal Comhrá Gaeilge a reáchtáil do na tuismitheoirí ar maidin.

An Beart	Ciorcal Comhrá Gaeilge a reáchtáil do thuismitheoirí le páistí bunscoile ar maidin.	
Réimsí an bhirt	- D, J.	
Critéir pleanála teanga	- 10, 11, 12	
Aidhm an bhirt	- Deis chomhrá a thabhairt do thuismitheoirí atá líofa. - Deis a thabhairt do thuismitheoirí fadhbanna maidir le hobair bhaile Ghaeilge a phlé. - Deis aithne a chur ar bhaill ghréasáin de chainteoirí Gaeilge a thabhairt do thuismitheoirí ar bheagán Gaeilge.	
Eolas breise	- An seisiún a reáchtáil mar ócáid shóisialta ar nós maidin chaifé lá amháin sa tseachtain ar feadh 2 uair an chloig i rith na scoilbhliana le deis a thabhairt do thuismitheoirí buaileadh le chéile agus comhrá a dhéanamh i nGaeilge. - Nasc a chruthú idir an grúpa seo agus an grúpa tuistí agus tachráin. - Éascaitheoir a bheith i láthair le nithe a phlé. - Tuismitheoirí a bhfuil Gaeilge mhaith acu a mhealladh le héascaíocht a dhéanamh ó am go ham ag an ghrúpa. - Tá féidearthacht anseo úsáid a bhaint as an tacaíocht a chuireann BOO Dhún na nGall ar fáil do thuismitheoirí le haghaidh ábhair scoile agus cúrsa gearr a sholáthar dírithe ar ábhar faoi leith.	
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.	
Páirtithe leasmhara	- Tuismitheoirí / caomhnóirí an cheantair - Ionaid shóisialta an cheantair - CPTLSL - Údarás na Gaeltachta - BOO Dhún na nGall.	
Saolré an bhirt	- **Bliain 1**	- Ullmhúcháin & bunadh an ghrúpa.
	- **Bliain 2-7**	- Feidhmiú an bhirt.
Costas measta in	- €3,000[56]	

[56] Bunaithe ar €25 táille an éascaitheora x 2 x 30 seisiún chomh maith le sólaistí, ábhar tacaíochta agus cíos.

aghaidh na bliana	
Costas measta iomlán	- €21,000
Foinse maoinithe	- Údarás na Gaeltachta. - BOO Dhún na nGall.
Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- Tuismitheoirí a fháil saor óna gcúraimí eile le freastal ar an deis chainte.
Sárú na ndúshlán	- An suíomh agus an leagan amach a choinneáil taitneamhach ionas nach mothaíonn na tuismitheoirí faoi bhrú agus go bhfillfidh siad.
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Aiseolas a lorg ó na rannpháirtithe tar éis gach seisiún. - Cíorfar toradh na hoibre agus aon athrú is gá a dhéanamh ag cruinniú leath bliana an Choiste Stiúrtha.

6.5 C - Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí Eile

6.5.1 Daoine óga a thraenáil mar Chinnirí Óige

An Beart	Daoine óga a thraenáil mar Chinnirí Óige.	
Réimsí an bhirt	- C, J	
Critéir pleanála teanga	- 10, 11, 12.	
Aidhm an bhirt	- Labhairt na Gaeilge i measc an óige a chur chun cinn mar ghnáth-theanga caidrimh agus shóisialta. - Scileanna cinnireachta a fhorbairt. - An t-aos óg a spreagadh i mbun gníomhaíocht Ghaeilge sa cheantar.	
Eolas breise	- Déanfar daoine óga ón cheantar a thraenáil le feidhmiú mar chinnirí óige sna clubanna. - Cuirfear cúrsaí oiliúna ar nós cinnireacht, gearrchúrsaí Gaeilge, cúram leanaí, garchabhair, srl.	
Príomhúinéir an bhirt	- Lár Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille	
Páirtithe leasmhara	- An tOPT - Óige an Cheantair - Óige na Gaeltachta (Muintearas) - Ógras - Comhairle na nÓg - Tír Boghaine - Coláistí Samhraidh - BOO Dhún na nGall - UISCE	
Saolré an bhirt	- **Bliain 1**	- Taighde & ullmhúcháin.
	- **Bliain 2-7**	- Feidhmiú an bhirt.
Costas measta in aghaidh na bliana	- €2,000 in aghaidh na bliana.	
Costas measta iomlán	- €14,000	
Foinse maoinithe	- Muintearas. - An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.	
Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- Cinnirí a earcú do na clubanna.	

Sárú na ndúshlán	- Taithí na hóige i gceantair Ghaeltachta eile a fhiosrú agus aithris a dhéanamh orthu, nó a dtacaíocht a fháil cibé is gá a dhéanamh. - Comhoibriú le LPT eile ionas go mbunófaí na cúrsaí oiliúna.
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Tuairisciú rialta chuig CPTLSL ag teastáil ar an chúrsa oiliúna. Déanfar athbhreithniú ar an chóras atá i bhfeidhm trí fhoirmeacha gearra aiseolais a dháileadh ar thuismitheoirí agus ar an óige maidir le leibhéal sástachta na seirbhíse atá ar fáil. - Cíorfar toradh na hoibre agus na hathruithe gur gá a dhéanamh ag cruinniú leath bliana an Choiste Phleanála.

6.5.2 Seirbhísí Iarscoile

An Beart	Seirbhísí iarscoile a chur ar fáil sa cheantar trí Ghaeilge do pháistí bunscoile.	
Réimsí an bhirt	- A	
Critéir pleanála teanga	- 8, 10, 11, 12.	
Aidhm an bhirt	- Tacaíochtaí bhreise a chur ar fáil do pháistí bunscoile maidir lena n-obair scoile.	
Eolas breise	- Clubanna iarscoile trí Ghaeilge a bhunú a bheidh lonnaithe sna 6 bhunscoil agus a chuirfidh tacaíocht ar fáil le hobair bhaile do pháistí scoile an LPT. - Tosófar amach i mbliain 1 le 2 bhunscoil, ag brath ar éileamh leathnófar sin amach go 4 bhunscoil i mbliain 2 agus 6 bhunscoil i mbliain 3. Beidh an 6 chlub ag feidhmiú ó bhliain 3 go bliain 7. - Aimseofar teagascóirí le héascaíocht a dhéanamh ar an chlub.	
Príomhúinéir an bhirt	- Lár Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille	
Páirtithe leasmhara	- An tOPT. - Príomhoidí/múinteoirí na mbunscoileanna. - BOO Dhún na nGall. - Tuismitheoirí	
Saolré an bhirt	- **Bliain 1-7**	- Feidhmiú an bhirt.
Costas measta in aghaidh na bliana	- **Bliain 1** - **Bliain 2** - **Bliain 3 - 7**	- €2,000 (€1,000[57] in aghaidh na bliana do gach scoil) - €4,000 - €6,000 x 5
Costas measta iomlán	- €36,000	
Foinse maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. - BOO Dhún na nGall.	
Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- Páistí a mhealladh le bheith páirteach sna clubanna. - Seasmhacht iompar teanga aos óg na Gaeltachta nuair a rachaidh siad i dteagmháil lena chéile lasmuigh de	

[57] Bunaithe ar 2 sheisiún (uair a' chloig an ceann) sa tseachtain i ngach scoil ar feadh 20 seachtain @ €25 san uair.

	ghnáth uaireanta scoile.
Sárú na ndúshlán	- Tábhacht na gclubanna a chur ina luí ar thuismitheoirí agus ar na páistí.
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Coinneofár taifead ar líon na bpáistí a dhéanann freastal ar na clubanna. - Baileofar aiseolas ó rannpháirtithe trí cheistneoirí rialta a scaipeadh. - Aiseolas ó na tuismitheoirí agus na muinteoirí. - Aiseolas na n-oifigeach agus cíorfar toradh na hoibre agus na hathruithe gur gá a dhéanamh ag cruinniú leath bliana an Choiste Phleanála.

6.5.3 Clubanna Óige

An Beart	An club óige atá ann a neartú agus clubanna Óige eile a bhunú sa cheantar trí Ghaeilge.	
Réimsí an bhirt	- C, J	
Critéir pleanála teanga	- 10, 11, 12.	
Aidhm an bhirt	- An Ghaeilge a láidriú mar theanga shóisialta i measc an óige trí himeachtaí a chur ar fáil.	
Eolas breise	- Tacaíocht a chur ar fáil leis an Ghaeilge a neartú agus a chur chun cinn i gClub Óige Chill Chartha. - Ag brath ar éileamh bunófar clubanna eile ar fud an LPT de réir a chéile le freastal ar gach aoisghrúpa. - Tabharfar cuidiú dóibh siúd atá ag iarraidh imeachtaí Gaeilge a eagrú do pháistí ar nós 2 thuras agus 2 cheardlann a eagrú sa bhliain. - Nasc a chruthú idir na clubanna seo agus córas taistil .i. mionbhus, a chur ar fáil le páistí a thabhairt go dtí na clubanna agus abhaile arís. - Nasc a chruthú le Comhairle na nÓg. - Sóisialú na n-óg lena bhfeasacht a ardú i leith gach gné dá saol féin, an Ghaeilge san áireamh.	
Príomhúinéir an bhirt	- Lár Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille	
Páirtithe leasmhara	- An tOPT. - Cinnirí Óige. - Óige an Cheantair. - Óige na Gaeltachta (Muintearas) - Ógras - Comhairle na nÓg - Tír Boghaine - BOO Dhún na nGall.	
Saolré an bhirt	- **Bliain 1-7**	- Feidhmiú an bhirt.
Costas measta in aghaidh na bliana	- **Bliain 1 -7**	- €2,000 in aghaidh na bliana (bunaithe ar 7 n-imeacht in aghaidh na bliana[58].

[58] Tá tacaíocht ar fáil ó Mhuintearas leis na turais agus na ceardlanna a eagrú. Tá an costas seo i leith busanna, trealamh, imeachtaí eile.

Costas measta iomlán	- €14,000
Foinse maoinithe	- Muintearas. - An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. - Comhairle Contae Dhún na nGall
Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- Cinnirí / Áisitheoirí a earcú do na clubanna. - Seasmhacht iompar teanga aos óg na Gaeltachta nuair a rachaidh iad i dteagmháil le Comhairle na nÓg lasmuigh den Ghaeltacht.
Sárú na ndúshlán	- Cinnirí maithe a aimsiú agus imeachtaí tarraingteacha a eagrú. - Tuismitheoirí a mhealladh le saoisteacht a dhéanamh ag an chlub óige agus traenáil chuí a chur ar fáil dóibh. - Poiblíocht a dhéanamh ar na himeachtaí tríd na scoileanna. - Forbairt rialta a dhéanamh ar na clubanna ó thaobh áiseanna teanga agus trealamh de. - Comhoibriú le clubanna eile. - Feasacht na gcinnirí a ardú trína n-oiliúint ó thaobh gnóthaí teanga de agus trí chúrsa Óg-oiliúna a eagrú arís sa cheantar.
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Coinneofar taifead ar an líon daoine ag freastal ar an chlub. Baileofar aiseolas ón óige agus ó na cinnirí. - Aiseolas na n-oifigeach agus cíorfar toradh na hoibre agus na hathruithe gur gá a dhéanamh ag cruinniú leath bliana an Choiste Phleanála.

6.5.4 Oiliúint/traenáil/tacaíocht ó thaobh cúrsaí teanga de a chur ar fáil do lucht eagraithe caitheamh aimsire agus campaí samhraidh don óige

An Beart	Oiliúint/traenáil/tacaíocht ó thaobh cúrsaí teanga de a chur ar fáil do lucht eagraithe caitheamh aimsire agus campaí samhraidh don óige.
Réimsí an bhirt	- C
Critéir pleanála teanga	- 3, 6, 10, 11, 12
Aidhm an bhirt	- Roinnt de lucht eagraithe caitheamh aimsire agus campaí don óige a oiliúint i nGaeilge agus roinnt eile atá inniúil i dtaca leis an teanga cheana féin a threisiú ó thaobh na Gaeilge.
Eolas breise	- Tabharfaidh CPTLSL tacaíocht do lucht eagraithe caitheamh aimsire agus campaí sna háiteanna a bhfuil imeachtaí trí Ghaeilge á reáchtáil acu polasaí Gaeilge a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. - Moltar ranganna Gaeilge a sholáthar ag gach leibhéal don lucht eagraithe seo uair sa bhliain nó níos minice más gá ag brath ar éileamh. Moltar na ranganna a bheith saor in aisce agus a bheith dírithe ar aoisghrúpaí faoi leith. - Déanfar taighde ar sholáthar ranganna Gaeilge eile sa LPT le cinntiú nach bhfuil acmhainní curtha amú.
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.
Páirtithe leasmhara	- Lucht eagraithe óige an LPT. - Óige an cheantair. - CPTLSL. - Muintearas. - BOO Dhún na nGall.
Saolré an bhirt	- **Bliain 1** - **Bliain 2-7** - Socruithe agus ullmhúcháin - Feidhmiú an bhirt
Costas measta in aghaidh na bliana	- €4,800 (6 rang x 20 seachtain @ €40 do gach múinteoir)(Ní Dhoimhín 2018b: 95)
Costas measta iomlán	- €28,800
Foinse maoinithe	- Údarás na Gaeltachta

Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- Lucht eagair a fháil as na cumainn éagsúla go léir le dul faoi oiliúint. - Daoine gairmiúla a aimsiú leis an oiliúint a roinnt ar lucht eagair na gcumann agus na gcampaí sa LPT.
Sárú na ndúshlán	- Ranganna a chur in oiriúint do chumais agus do riachtanais na bhfoghlaimeoirí. - Poiblíocht éifeachtach a dhéanamh ar na ranganna ar na meáin éagsúla. - Scéal faoi na ranganna a scaipeadh ó bhéal. - Bá mhuintir na gcumann agus na gcampaí le cur chun cinn na teanga agus an tuiscint choiteann ina measc gur gá lucht eagraithe a bheith oilte sa teanga.
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Coinneofar taifead ar líon na ndaoine ag freastal ar ranganna. - Baileoidh an tOPT aiseolas ó na rannpháirtithe agus cíorfar toradh na hoibre agus na hathruithe gur gá a dhéanamh ag cruinniú leath bliana an Choiste Phleanála

6.5.5 Cúrsa 'Óg-oiliúint' a ath-bhunú

An Beart	Cúrsa píolótach 'Óg-oiliúint' páirtaimseartha a chur ar siúl
Réimsí an bhirt	- C, D,
Critéir pleanála teanga	- 7, 8, 10, 11
Aidhm an bhirt	- Go mbeidh daoine óga atá imithe as an chóras oideachais (dara nó tríú leibhéal) ábalta scileanna úra a aimsiú tré mheán na Gaeilge ina gceantar dúchais. Ceannairí úra a fhorbairt agus iad a bheith ullmhaithe don tsaol oibre.
Eolas breise	- Clár píolótach oiliúna do dhaoine óga (12 rannpháirtithe os cionn 18 mbliana d'aois) a chuimsíonn scileanna bunúsacha CV agus agallaimh, cumarsáide, teilifíse, gnó agus fiontraíochta, ríomhaireachta agus srl. 40 seachtain.
Príomhúinéir an bhirt	- Lár Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille
Páirtithe leasmhara	- CPTLSL - OPT. - Óige an cheantair - BOO Dhún na nGall - Muintearas - An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.
Saolré an bhirt	- **Bliain 2 (mar chúrsa píolótach ar dtús) & Bliain 4 & 6.**
Costas measta in aghaidh na bliana	- €20,000
Costas measta iomlán	- €60,000
Foinse maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta - BOO Dhún na nGall - An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- Suim ins an chlár a chothú i measc daoine óga
Sárú na ndúshlán	- Poiblíocht ar an chlár i measc daoine óga agus ar na meáin sóisialta
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar	- Aiseolas ó rannpháirtithe. - Coinneofar taifead ar líon na ndaoine ag freastal ar an

éifeacht an bhirt	chúrsa agus déanfar monatóireacht ar a ndul chun cinn le linn thréimhse an chúrsa. - Monatóireacht tar éis bliana ar dul chun cinn pearsanta na rannpháirtithe ó thaobh postanna a aimsiú de, páirt a ghlacann siad i gcúrsaí pobail agus srl.

6.5.6 Drámaí a dhéanamh le páistí trí na clubanna óige

An Beart	Drámaí a dhéanamh le páistí trí na clubanna óige	
Réimsí an bhirt	- D, J	
Critéir pleanála teanga	- 10, 11, 12	
Aidhm an bhirt	- Deis foghlama agus imeachtaí sóisialta a sholáthar don óige lasmuigh den chóras oideachais	
Eolas breise	- Cuirfear tús le clár píolótach dírithe ar dhéagóirí inár dtabharfar cuireadh do haisteoirí áitiúla ó TG4 6 cheardlann a reáchtáil agus mar thoradh ar sin cuirfear dráma ghearr ar siúl. - Cuirfidh sé seo imeachtaí sóisialta ar fáil do thuismitheoirí agus do bhunadh na háite fosta. - Cothófar muinín sna páistí ó thaobh úsáid na teanga de - Láidreofar cumas teanga na rannpháirtithe trí a línte féin agus línte na bpáistí eile a fhoghlaim chomh maith - Cuirfear na drámaí ar siúl i gceantair lasmuigh den LPT chomh maith agus cruthófar nascanna idir an LPT agus ceantair Gaeltachta/Galltachta (mar a bhfuil Gaelscoileanna) eile	
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.	
Páirtithe leasmhara	- Clubanna óige an LPT - Ealaín na Gaeltachta - CPTLSL - Scoileanna an LPT - Muintearas	
Saolré an bhirt	- **Bliain 2** - **Bliain 3-7**	- Ullmhúcháin - Feidhmiú an bhirt
Costas Measta in aghaidh na bliana	- €1,000	
Costas measta iomlán	- €6,000	
Foinse maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. - Muintearas - Údarás na Gaeltachta	

Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- Daoine a mhealladh le bheith páirteach sa drámaíocht - Daoine a fháil le dualgais agus le freagracht a ghlacadh
Sárú na ndúshlán	- Láithríodh drámaí Gaeilge sa LPT cheana féin - Tá drámaíocht Bhéarla sa LPT cheana féin agus cuirfear tacaíochtaí teanga ar fáil dóibh leis an ealaín chéanna a sholáthar i nGaeilge - Baineann spraoi le hullmhú agus le láithriú drámaí,
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Cíorfaidh an tOPT in éineacht le CPTLSL rath nó mírath an bhirt ag cruinnithe den Choiste.

6.6 D– Deiseanna Foghlama lasmuigh den Chóras Oideachais

6.6.1 Lámhleabhar a chur ar fáil le leaganacha agus le focail áitiúla ann a bheadh ina chuidiú do dhaoine atá ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim.

An Beart	Lámhleabhar a chur ar fáil le leaganacha agus le focail áitiúla ann a bheadh ina chuidiú do dhaoine atá ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim
Réimsí an bhirt	- D
Critéir pleanála teanga	- 8, 11
Aidhm an bhirt	- Muintir an cheantair a spreagadh as mórtas a gcanúna lena gcuid Gaeilge a shealbhú agus a shaibhriú
Eolas breise	- Tá an t-ábhar is saibhre ar fáil cheana féin ach is gá soláthar ar dhaoine nach bhfuil chomh líofa ina gcuid cainte go fóill trí leaganacha shimplí agus frásaí a chur ar fáil a chuideoidh leo an Ghaeilge a úsáid ó lá go lá.
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.
Páirtithe leasmhara	- Pobal an LPT - CPTLSL - Údarás na Gaeltachta
Saolré an bhirt	- **Bliain 2**
Costas measta in aghaidh na bliana	- €1,000
Costas measta iomlán	- €1,000
Foinse maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. - Údarás na Gaeltachta
Dúshláin chur i bhfeidhm an phlean	- Rogha a dhéanamh a bheidh oiriúnach don dream a mbeidh an lámhleabhar dírithe orthu.
Sárú na ndúshlán	- Moltaí a ghlacadh go forleathan nuair a bheidh an saothar a chur i dtoll a chéile
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Aiseolas ón phobal tríd an OPT agus trí CPTLSL agus faireachán dá réir ag cruinnithe an Choiste Stiúrtha.

6.6.2 Breathnú ar an tsoláthar maidir le ciorcail chomhrá agus ciorcail chomhrá rialta a reáchtáil ag brath ar riachtanas/éileamh. Imeachtaí sóisialta a reáchtáil go rialta leis na ciorcail éagsúla a thabhairt le chéile.

An Beart	Breathnú ar an tsoláthar maidir le ciorcail chomhrá agus ciorcail chomhrá rialta a reáchtáil ag brath ar riachtanas/éileamh. Imeachtaí sóisialta a reáchtáil go rialta leis na ciorcail éagsúla a thabhairt le chéile.
Réimsí an bhirt	- D, J
Critéir pleanála teanga	- 10, 11, 12
Aidhm an bhirt	- Tionchar a imirt ar mhinicíocht agus ar chleachtas cainte an phobail agus cur leis an líon cainteoirí.
Eolas breise	- Eagrófar ciorcal comhrá uair sa tseachtain ar feadh 20 seachtain a thabharfaidh deis do chainteoirí líofa agus do chainteoirí ar bheagán Gaeilge buaileadh le chéile. - Ar brath ar héileamh déanfar imeacht shóisialta amháin a eagrú a thabharfaidh deis do chainteoirí úra aithne a chur ar a chéile.
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.
Páirtithe leasmhara	- Cainteoirí Gaeilge agus lucht foghlama an LPT. - CPTLSL - Údarás na Gaeltachta.
Saolré an bhirt	- **Bliain 1-7**
Costas measta in aghaidh na bliana	- 20 x 2 uair a' chloig x €25 = €1,000 - Cíos/Teas/Sólaistí = €800 - Imeacht shóisialta = €300
Costas measta iomlán	- €14,700
Foinse maoinithe	- Údarás na Gaeltachta
Dúshláin chur i bhfeidhm an phlean	- Daoine go leor a spreagadh le freastal ar na himeachtaí / ciorcail chomhrá i rith an ama
Sárú na ndúshlán	- Trí stocaireacht agus phoiblíocht
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Aiseolas ó lucht freastail na n-imeachtaí. - Coinneoidh an tOPT taifead ar líon na ndaoine a dhéanann freastal ar na hócáidí.

6.6.3 Le cuidiú Chomhairle Contae Dhún na nGall, bailiúcháin de leabhair áitiúla Ghaeilge a chur ar fáil don phobal in ionaid éagsúla (agus/nó tacú leis na cinn atá ann cheana)

An Beart	Le cuidiú Chomhairle Contae Dhún na nGall, bailiúcháin de leabhair áitiúla Ghaeilge a chur ar fáil don phobal in ionaid éagsúla (agus/nó tacú leis na cinn atá ann cheana).
Réimsí an bhirt	- D, H
Critéir pleanála teanga	- 10, 11, 12, 13
Aidhm an bhirt	- An léitheoireacht Ghaeilge a fhorbairt sa cheantar, an mórtas áite chomh maith agus an fheasacht amhlaidh in éineacht leis.
Eolas breise	- Cuirfear bailiúchán leabhar ar fáil le club leabhar a bhunú. - Moltar club le leabhair do fhoghlaimeoirí agus ceann eile do chainteoirí líofa. Beidh na seisiúin ar siúl ar fud an LPT go rialta in sna hionaid áitiúla. - Cuideoidh an léitheoireacht le cumas labhartha na bhfoghlaimeoirí go háirithe agus leis an Ghaeilge a chur chun cinn. - Déanfar poiblíocht chun feasacht faoin tseirbhís agus na buntáistí a bhaineann leis a ardú sa cheantar.
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.
Páirtithe leasmhara	- Leabharlann Chomhairle Co. Dhún na nGall. - Cainteoirí Gaeilge agus lucht foghlama an LPT. - Ionaid éagsúla an LPT. - CPTLSL
Saolré an bhirt	- **Bliain 1-7**
Costas measta in aghaidh na bliana	- €1,000
Costas measta iomlán	- €7,000
Foinse maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. - Comhairle Chontae Dhún na nGall.
Dúshláin chur i bhfeidhm an phlean	- Rannpháirtíocht a spreagadh. - Tacaíocht Leabharlann an Chontae a fháil don obair bhreise.
Sárú na ndúshlán	- Déantar poiblíocht ar na clubanna agus ar an tseirbhís

	go rialta. - Stocaireacht - Is é leas na leabharlainne féin an obair a ghlacadh idir lámha.
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Aiseolas ó na léitheoirí féin tríd an OPT agus trí CPTLSL agus faireachán dá réir ag cruinnithe an Choiste Stiúrtha.

6.7 E & F – An Earnáil Ghnó, Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn

6.7.1 Seirbhís aistriúcháin/poiblíochta/tacaíochta teanga

An Beart	Seirbhís aistriúcháin/poiblíochta/tacaíochta teanga
Réimsí an bhirt	- E, F
Critéir pleanála teanga	- 11, 13, 14
Aidhm an bhirt	- Cuidiú feidhmiúil a sholáthar do lucht gnó agus d'eagraíochtaí pobail lena gcuid fógraíochta, cáipéisíochta agus doiciméad a eisiúint i nGaeilge
Eolas breise	- An saineolas agus an chomhairle i dtaca le comharthaíocht, seirbhísí custaiméara agus eile a sholáthar i nGaeilge .i. go mbeadh teacht ag gnóthaí / eagraíochtaí pobail ar aistriúcháin ar chostas réasúnta i mbeagán ama. - Go mbeadh teacht ag gnóthaí / eagraíochtaí pobail ar an tsaineolas le cumas, caighdeán agus le muinín na foirne ina gcuid Gaeilge scríofa agus labhartha a fheabhsú. - Go spreagfaí lucht gnó / eagraíochtaí pobail le bheith gníomhach i gcur chun cinn na teanga sa ghnólacht/ san eagraíocht. - Mar chuid den bheart seo chomh maith leagfar amach treoirlínte ginearálta do ghnólachtaí agus eagrais ag plé le cuairteoirí m.sh. siopaí, bialanna agus tithe tábhairne maidir le feiceálacht na Gaeilge, le cúrsaí comhfhreagrais agus maidir leis an tairiscint ghníomhach. - Go n-aithneofaí dea-iompar teanga gnólachtaí trí Q-Mharc Fhoras na Gaeilge.
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.
Páirtithe leasmhara	- Gnóthaí turasóireachta, tithe aíochta, tithe leanna agus siopaí. - Lucht gnó eile agus lucht foirne ghnólachtaí an LPT. - Údarás na Gaeltachta. - Foras na Gaeilge. - Eagraíochtaí poiblí agus a gcuid foirne. - CPTLSL.

Saolré an bhirt	- **Bliain 2-7**
Costas measta in aghaidh na bliana	- €800 (aistriúchán 10,000 focal @ €0.08 an focal)(Ní Dhoimhín 2018c: 98)
Costas measta iomlán	- €4,800
Foinse maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. - Foras na Gaeilge
Dúshláin chur i bhfeidhm an phlean	- Drogall breis costais ar ghnóthaí an LPT. - Drogall ar lucht foirne roimh athruithe agus breis dualgas.
Sárú na ndúshlán	- Na foinsí maoinithe a léiriú.
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Tuairisc ar na gnóthaí éagsúla ón Oifigeach Pleanála Teanga agus trí CPTLSL agus faireachán dá réir ag cruinnithe an Choiste Stiúrtha.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt	- Tuairisc ar na gnóthaí éagsúla ón Oifigeach Pleanála Teanga agus trí CPTLSL agus faireachán dá réir ag cruinnithe an Choiste Stiúrtha.

6.7.2 Luach na teanga maidir leis an turasóireacht cultúrtha a chur in iúl do ghnóthaí agus d'eagraíochtaí áitiúla an LPT agus iad a spreagadh dá bharr le níos mó Gaeilge a úsáid ar chomharthaí agus ar fhógraíocht.

An Beart	Luach na teanga maidir leis an turasóireacht cultúrtha a chur in iúl do ghnóthaí agus d'eagraíochtaí áitiúla an LPT agus iad a spreagadh dá bharr le níos mó Gaeilge a úsáid ar chomharthaí agus ar fhógraíocht.
Réimsí an bhirt	- I, E, F, H, J, K
Critéir pleanála teanga	- 8, 11, 12, 13, 14, 16, 17
Aidhm an bhirt	- An Ghaeilge a bheith feiceálach sa cheantar
Eolas breise	- Le meas ar fhéiniúlacht mhuintir an cheantair a chothú. - Le dul i bhfeidhm go comhfhiosach agus go neamhchomhfhiosach ar thurasóirí agus ar mhuintir an LPT féin. - Cruthaíonn sé íomhá agus mothú atá níos báúla do labhairt na Gaeilge.
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.
Páirtithe leasmhara	- Gnóthaí agus eagraíochtaí an LPT. - Comhairle Chontae Dhún na nGall. - Údarás na Gaeltachta. - Foras na Gaeilge. - CPTLSL.
Saolré an bhirt	- **Bliain 1-7**
Costas measta in aghaidh na bliana	- Stocaireacht a bheidh i gceist leis seo. Clúdófar an costas faoi 6.2.2.
Costas measta iomlán	- Stocaireacht a bheidh i gceist leis seo. Clúdófar an costas faoi 6.2.2.
Foinse maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. - Foras na Gaeilge
Dúshláin chur i bhfeidhm an phlean	- Cur ina luí ar chomhlachtaí agus ar eagraíochtaí pobail an tábhacht a bhaineann le teanga na fógraíochta agus na comharthaíochta. - Drogall breis costais ar ghnóthaí an LPT. - Drogall ar lucht foirne roimh athruithe agus breis dualgas.

Sárú na ndúshlán	- Rachaidh an tOPT i gcomhairle leis na comhlachtaí, na húdaráis agus na heagraíochtaí éagsúla le comhairle a chur orthu. - Na foinsí maoinithe a aimsiú.
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Críorfaidh an tOPT in éineacht le CPTLSL rath nó mírath an bhirt, déanfar tuairisc air agus faireachán dá réir ag cruinnithe an Choiste Stiúrtha.

6.8 G - Na Meáin Chumarsáide

6.8.1 Cláracha raidió a dhéanamh trí Ghaeilge le déagóirí m.sh. ar Raidió na Gaeltachta, SWDCR agus/nó OWNEA

An Beart	Cláracha raidió a dhéanamh trí Ghaeilge le déagóirí m.sh. ar Raidió na Gaeltachta, SWDCR agus/nó OWNEA.	
Réimsí an bhirt	- C, D, G, J	
Critéir pleanála teanga	- 3, 10, 11, 12, 13, 16, 18	
Aidhm an bhirt	- An t-aos óige a spreagadh i leith na Gaeilge trína nascadh leis na meáin chumarsáide.	
Eolas breise	- Meabhrú don aos óg tábhacht na Gaeilge agus an dóigh gur féidir í a nascadh leis an nuatheicneolaíocht agus córas na cumarsáide trí míreanna de chláracha a ullmhú agus a chraoladh. - D'fhéadfaí seo a bheith mar cheann de ghníomhaíochtaí na gclubanna óige. - D'fhéadfaí daltaí na hidirbhliana a bheith páirteach anseo.	
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.	
Páirtithe leasmhara	- An t-aos óg. - Coláiste na Carraige. - Muintearas. - An Cheanneagraíocht. - CPTLSL. - Údarás na Gaeltachta - Raidió na Gaeltachta, SWDCR, OWNEA, Raidió Highland.	
Saolré an bhirt	- **Bliain 2**	- Ullmhúcháin
	- **Bliain 3-7**	- Feidhmiú an bhirt.
Costas measta in aghaidh na bliana	- Costas faoi bheart 6.5.3	
Costas measta iomlán	- Costas faoi bheart 6.5.3	
Foinse maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. - Raidió na Gaeltachta, SWDCR, OWNEA, Raidió Highland.	

Dúshláin chur i bhfeidhm an phlean	- Bainistíocht na mbealaí raidió a mhealladh chun glacadh le hiarracht daoine óga nár oileadh go fóill agus iad a scaoileadh i mbun oibre.
Sárú na ndúshlán	- Tá baint ag CPTLSL le cur i láthair cláracha ar OWENEA cheana féin. - Bítear ag fógairt nuacht áitiúil as an LPT ar Raidió na Gaeltachta 18.00-19.00 tráthnóna cheana féin.
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Is áis phoiblí é an raidió a léiríonn a rath nó mírath a cuid cláracha os comhair an phobail. - Déanfar faireachán ar rath nó mírath na glcáracha agus cíorfar an scéal ag cruinnithe de CPTLSL.

6.8.2 Grúpaí fócais a reáchtáil le déagóirí a chur ar an eolas faoi chur chun cinn na Gaeilge ar líne, ar na meáin shóisialta agus ar na gutháin.

An Beart	Grúpaí fócais a reáchtáil le déagóirí a chur ar an eolas faoi húsáid na Gaeilge ar líne, ar na meáin shóisialta agus ar na gutháin.	
Réimsí an bhirt	- C, D, G	
Critéir pleanála teanga	- 10, 11, 12	
Aidhm an bhirt	- Go gcleachtfaidh an t-aos óg an Ghaeilge ar a ngutháin, agus ar a ríomhairí (ag baint úsáid as na hardáin éagsúla) agus iad ag plé leis na meáin shóisialta.	
Eolas breise	- Grúpaí fócais a reáchtáil i gColáiste na Carraige le heolas a scaipeadh ina measc faoi na féidearthachtaí maidir le húsáid suíomhanna ar nós Gaeilge Amháin, Teanglann, Focloir.ie srl. - Cuireadh a thabhairt do iardhaltaí an cheantair atá ag freastal ar chúrsaí LYIT ag forbairt bogearraí leis na féidearthachtaí a chur i láthair. - Is féidir cruinniú a ghairm uair nó dhó sa bhliain ach an t-eolas a nuashonrú arís ina dhiaidh sin ar na meáin shóisialta. - Clárú le TechSpace agus oibriú i gcomhar leo le cúrsaí teicneolaíocht na fáisnéise ar líne a chur ar fáil.	
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.	
Páirtithe leasmhara	- Cinnirí Óige - Déagóirí an LPT - Coláiste na Carraige - CPTLSL - Muintearas - LYIT	
Saolré an bhirt	- **Bliain 2-7**	- Ag feidhmiú an bhirt
Costas Measta in aghaidh na bliana	- Ní bhaineann. Costas faoi bheart 6.2.2, 6.5.3.	
Costas measta iomlán	- Ní bhaineann. Costas faoi bheart 6.2.2, 6.5.3.	

Foinse maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. - Muintearas.
Dúshláin Chur i bhfeidhm an bhirt	- Ní fheictear aon deacracht lena chur i bhfeidhm
Sárú na ndúshlán	- Ní fheictear aon deacracht lena chur i bhfeidhm.
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Taifead a choinneáil ar an líon páistí a dhéanann freastal ar na grúpaí fócais. - Beidh na rannpháirtithe in ann a dtuairimí a nochtadh le teachtaireachtaí chuig na Cinnirí Óige agus chuig an OPT. - Cíorfar na tuairimí sin ag cruinnithe CPTLSL.

6.9 H - Seirbhísí Poiblí

Is lasmuigh den Ghaeltacht atá mórchuid d'oifigí an stáit atá ag freastal ar an LPT lonnaithe agus táthar ag súil go ndéanfaidh an earnáil phoiblí na socruithe cuí ag an leibhéal áitiúil chun tacú leis an bpróiseas pleanála teanga, taobh istigh de na hacmhainní a bheidh ar fáil, ar bhealach a chuirfidh leis na bearta atá á gcur i bhfeidhm faoin Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 agus leis na seirbhísí poiblí atá ar fáil faoin Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (An Roinn Cultúir, Oidhreacha agus Gaeltacha, 2016).

6.9.1 Seirbhísí Stáit

An Beart	Soláthair na seirbhísí stáit trí Ghaeilge sa LPT a chinntiú.
Réimsí an bhirt	- H
Critéir pleanála teanga	- 3, 18, 19.
Aidhm an bhirt	- Seirbhísí stáit a bheith ar fáil mar chéad rogha don phobal. - Cur le líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge agus iad ag plé le seirbhísí Stáit.
Eolas breise	- Comhoibriú le LPT eile le stocaireacht a dhéanamh ar na Ranna Stáit, An Comhairle Contae agus Comhlachtaí Poiblí le dul i bhfeidhm orthu leis na seirbhísí uilig a bheith ar fáil trí Ghaeilge. - Stocaireacht a dhéanamh go líonfaí folúntais sna Seirbhísí Poiblí le daoine cáilithe a bhfuil ardchumas Gaeilge acu. - Moltar cearta teanga an duine agus dualgais an stáit faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur ina luí ar phobal an LPT go soiléir, i gcomhar le hOifig an Choimisinéara Teanga, d'fhonn muintir na háite a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid i mbun plé leis an státchóras (Ní Dhúda, 2014: 76-7). - Feachtas poiblíochta a chur ar bun le daoine a spreagadh leis na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge a úsáid agus na cinn nach bhfuil a lorg.
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.

Páirtithe leasmhara	- Ranna Stáit atá ag feidhmiú sa LPT - Comhairle Contae Dhún na nGall. - Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. - Garda Síochána. - Oifig an Choimisinéara Teanga. - Údarás na Gaeltachta. - An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.	
Saolré an bhirt	- **Bliain 1-7**	- Ag feidhmiú an bhirt
Costas Measta in aghaidh na bliana	- Ní bhaineann. Costas faoi bheart 6.2.2	
Costas measta iomlán	- Ní bhaineann. Costas faoi bheart 6.2.2	
Foinse maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. - Údarás na Gaeltachta.	
Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- Ní mheastar go mbeidh aon dúshlán mór ag baint leis an mbeart seo	
Sárú na ndúshlán	- Ní mheastar go mbeidh aon dúshlán mór ag baint leis an mbeart seo	
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Iarrfar tuairisc ar Oifig an Choimisinéara Teanga chun más féidir maidir le líon na bhfiosrúchán agus na ngearán a fhaightear ón phobal.	

6.9.2 Seirbhísí Eaglasta

An Beart	Soláthair na seirbhísí eaglasta trí Ghaeilge sa LPT a neartú.	
Réimsí an bhirt	- C, H	
Critéir pleanála teanga	- 2, 3, 12, 14, 15, 18.	
Aidhm an bhirt	- Seirbhísí eaglasta a mhéadú ar fud an LPT de réir a chéile.	
Eolas breise	- Tá an-chumhacht agus seasamh ag institiúidí cosúil leis an eaglais norm teanga a bhunú agus a bhuanú (Ní Dhúda, 2010:331). Cruthófar nasc leis an chléir le féidearthachtaí a phlé leo maidir le bealaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn ina seirbhísí eaglasta m.sh. ar a laghad seirbhís amháin sa tseachtain a bheith ar fáil trí Ghaeilge, bileoga Gaeilge/dátheangacha a bheith ar fáil don phobal, srl. - Cuirfear comhairle agus tacaíocht ar fáil do chléir an LPT le plean teanga a chur le chéile.	
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.	
Páirtithe leasmhara	- Cléir an LPT. - Údarás na Gaeltachta.	
Saolré an bhirt	- **Bliain 1-7**	- Ag feidhmiú an bhirt
Costas Measta in aghaidh na bliana	- €300 (ábhar tacaíochta a chur ar fáil agus/nó seisiúin/ceardlanna a reáchtáil de réir mar is gá le linn bhliain 2-7)(Ní Dhoimhín, 2018d: 107).	
Costas measta iomlán	- €2,100	
Foinse maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.	
Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- Rannpháirtíocht a spreagadh	
Sárú na ndúshlán	- Cuirfear ina luí ar chléir an cheantair gur bunaithe ar mhianta an phobail a d'eascair as an taighde a rinneadh sa LPT atá an beart seo.	
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Beidh toradh an dul chun cinn le feiceáil go poiblí agus déanfar plé ar rath nó mírath an bhirt ag cruinnithe den Choiste.	

6.10 I - Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach

6.10.1 A chinntiú go bhfostaítear 'teagmhálaí Gaeltachta' le Gaeilge mhaith i gComhairle Contae Dhún na nGall le freastal ar mhuintir na Gaeltachta

An Beart	A chinntiú go bhfostaítear 'teagmhálaí Gaeltachta' le Gaeilge mhaith i gComhairle Contae Dhún na nGall le freastal ar mhuintir na Gaeltachta
Réimsí an bhirt	- H
Critéir pleanála teanga	- 3, 13, 15, 18
Aidhm an bhirt	- A chinntiú go roinnfear ceart teanga sa Ghaeltacht ó am pleanála anuas in aon togra nó in aon obair de chuid na Comhairle a rachfar ina bhun sa LPT.
Eolas breise	Stocaireacht a dhéanamh ionas go mbeidh: - ceart teanga an phobail lárnach i ngníomhaíochtaí an Chomhairle Chontae m.sh. Comharthaíocht sa cheantar. - Foireann in ann seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge.
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.
Páirtithe leasmhara	- Comhairle Contae Dhún na nGall - CPTLSL. - Pobal an LPT.
Saolré an bhirt	- **Bliain 1-7**
Costas Measta in aghaidh na bliana	- Ní bhaineann. Costas faoi bheart 6.2.2.
Costas measta iomlán	- Ní bhaineann. Costas faoi bheart 6.2.2.
Foinse maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. - Comhairle Contae Dhún na nGall.
Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- Bonn a chur faoin chaidreamh chuí idir muintir na Gaeltachta agus foireann na Comhairle Contae sa dóigh go bhfeidhmeoidh an Chomhairle ar son beartas ceart teanga sa LPT.
Sárú na ndúshlán	- Tá daoine ceaptha cheana féin sa Chomhairle a oibreoidh leis an Bheart teanga. - Ní bheidh aon chostas breise ar an stát mar gur lú an costas Béarla ar an stát .i. bíonn breis costais Bhéarla ar an stát má bhíonn an stát ag freastal ar cheantair Ghaeltachta i mBéarla.

Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Beidh toradh an dul chun cinn feiceálach go poiblí in amanna. - Beidh an tOPT in ann CPTLSL a choinneáil ar an eolas sa dóigh go measfar rath nó mírath an bhirt ag cruinnithe den Choiste

6.10.2 Tús áite tugtha do chomharthaíocht i nGaeilge.

An Beart	Dul i bhfeidhm ar Chomhairle Chontae Dhún na nGall le cinntiú go bhfuil tús áite tugtha don Ghaeilge ar chomharthaíocht ar bith a chrochann siad sa LPT.
Réimsí an bhirt	- D, E, F, H, J, K
Critéir pleanála teanga	- 17
Aidhm an bhirt	- Feiceálacht na Gaeilge sa LPT a ardú - Cuidiú le cainteoirí Gaeilge an cheantair - Feasacht pobal an LPT a ardú - Feasacht na dturasóirí isteach sa LPT a ardú i dtaca leis an Ghaeilge
Eolas breise	- Comharthaíonn sé do lucht turasóireachta go bhfuil siad i gceantar Gaeltachta
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.
Páirtithe leasmhara	- Pobal an LPT - Comhairle Contae Dhún na nGall - Turasóirí agus gnólachtaí turasóireachta - CPTLSL - Údarás na Gaeltachta
Saolré an bhirt	- **Bliain 1-7**
Costas Measta in aghaidh na bliana	- Ní bhaineann. Costas faoi bheart 6.2.2.
Costas measta iomlán	- Ní bhaineann. Costas faoi bheart 6.2.2.
Foinse maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. - Comhairle Contae Dhún na nGall.
Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- Stocaireacht atá i gceist leis an bheart seo.
Sárú na ndúshlán	- Stocaireacht atá i gceist leis an bheart seo.
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Beidh rath nó mírath an bhirt os comhair an phobail agus beidh an toradh soiléir le feiceáil. - Beidh an tOPT in ann CPTLSL a choinneáil ar an eolas sa dóigh go measfar rath nó mírath an bhirt ag cruinnithe den Choiste.

6.11 J - Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire

6.11.1 Ranganna/ceardlanna/grúpaí a reáchtáil trí Ghaeilge – m.sh. cniotáil, ióga, srl.

An Beart	Ranganna/ceardlanna/grúpaí a reáchtáil trí Ghaeilge – m.sh. cniotáil, ióga, srl.	
Réimsí an bhirt	- D, J	
Na Critéir Phleanála Teanga	- 11, 12	
Aidhm an bhirt	- Réimsí eile saoil a ghabháil do na cainteoirí Gaeilge agus deis foghlama agus féinfhorbartha a thabhairt do phobal na Gaeilge, lucht foghlama na teanga ina measc.	
Eolas breise	- Ceardlanna nó ranganna cniotáil, ióga, srl. a reáchtáil trí Ghaeilge in 2 ionad pobail sa LPT. - Beidh ráchairt ar cheardlanna agus ar ranganna sa cheantar i rith an gheimhridh go háirithe.	
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.	
Páirtithe leasmhara	- Údarás na Gaeltachta - CPTLSL - Pobal an LPT - BOO Dhún na nGall	
Saolré an bhirt	- **Bliain 2-7**	- Feidhmiú an bhirt
Costas Measta in aghaidh na bliana	- 26 rang x 2uair an chloig x €25 = €1,300 - Cíos/teas/tae srl. = €500 - Costas iomlán do 2 sheisiún = €1,800 x 2 = €3,600	
Costas measta iomlán	- €21,600	
Foinse maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. - Údarás na Gaeltachta - BOO Dhún na nGall	
Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- Ní mheastar go mbeidh aon dúshlán mór ag baint leis an mbeart seo	

Sárú na ndúshlán	- Ní mheastar go mbeidh aon dúshlán mór ag baint leis an mbeart seo
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Beidh an tOPT in ann CPTLSL a choinneáil ar an eolas ach aiseolas a fháil ó na rannpháirtithe, sa dóigh go measfar rath nó mírath an bhirt ag cruinnithe den Choiste Stiúrtha.

6.11.2 Maoiniú a aimsiú do scoil ceoil áitiúil chun níos mó ranganna a reáchtáil ina mbeidh Gaeilge mar pháirt díobh

An Beart	Maoiniú a fháil do scoil ceoil áitiúil chun níos mó ranganna a reáchtáil ina mbeidh Gaeilge mar pháirt díobh	
Réimsí an bhirt	- D, J	
Critéir pleanála teanga	- 11, 12	
Aidhm an bhirt	- An ghné láidir seo den oidhreacht áitiúil a nascadh níos dlúithe leis an Ghaeilge go feidhmiúil	
Eolas breise	- Stocaireacht a dhéanamh chun maoiniú a aimsiú le scoil cheoil a bhunú ag freastal ar an LPT. D'fhéadfaí na ranganna ceoil a reáchtáil in ionaid phobail éagsúla sa LPT ó sheachtain go seachtain.	
Príomhúinéir an bhirt	- An Cheanneagraíocht agus an tOPT	
Páirtithe leasmhara	- Ceoltóirí agus pobal an LPT - CPTLSL - Scoileanna agus clubanna drámaíochta an cheantair - Tuismitheoirí - Ealaín na Gaeltachta	
Saolré an bhirt	- **Bliain 2** - **Bliain 3-7**	- Ullmhúcháin - Feidhmiú an bhirt
Costas Measta in aghaidh na bliana	- **Bliain 2** - **Bliain 3-7**	- Ní bhaineann. Costas faoi bheart 6.2.2. - €4,000 do ranganna & imeachtaí.
Costas measta iomlán	- €20,000	
Foinse maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. - Ealaín na Gaeltachta - Comhaltas Ceoltóirí Éireann - Cairdeas na bhFidleoirí - Conradh na Gaeilge - Gael Linn - Urraíocht Chomhlachtaí Áitiúla - BOO Dhún na nGall	
Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- Lucht teagaisc ceart a aimsiú do na ranganna ceoil a bhfuil an Ghaeilge acu a aimsiú - Lucht teagaisc - Maoiniú a aimsiú	

Sárú na ndúshlán	- Tá neart ceoltóirí le Gaeilge sa cheantar - Is é leas chomhlachtaí na turasóireachta i ndeireadh báire a dhéanfaidh an beart seo
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Ceistneoirí a dháileadh ar na rannpháirtithe agus beidh an tOPT in ann CPTLSL a choinneáil ar an eolas ach aiseolas sa dóigh go measfar rath nó mírath an bhirt ag cruinnithe den Choiste.

6.11.3 An Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga cumarsáide i measc Chumann Lúthchleas Gael (CLG).

An Beart	An Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga cumarsáide i measc Chumann Lúthchleas Gael (CLG).	
Réimsí an bhirt	- F, J	
Critéir pleanála teanga	- 10, 11, 12	
Aidhm an bhirt	- An Ghaeilge a bheith níos feiceálaí i gclubanna CLG an cheantair. - Imreoirí / foireann traenála a spreagadh le Gaeilge a labhairt ag traenáil agus ag cluichí.	
Eolas breise	- Reáchtálfar ciorcal comhrá do na clubanna go léir sa CLG[59] uair sa mhí agus tabharfar cuireadh do na clubanna ar fad bheith páirteach ann. - Múinfear nathanna/téarmaí/ focail úsáideacha do na daoine óga chun iad a úsáid le linn cluiche. - Déanfar níos mó fógraíochta trí Ghaeilge sna clubanna. - Seisiún oiliúna teanga a chur ar na traenálaithe. - Déanfar stocaireacht ar na cumainn le hiad a spreagadh páirt a ghlacadh i bhfondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha.	
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.	
Páirtithe leasmhara	- Foirne agus baill Chumainn Lúthchleas Gael an LPT. - Oifigigh Teanga Chumainn Lúthchleas Gael an LPT. - CPTLSL. - Glór na nGael. - Údarás na Gaeltachta. - Pobal an LPT.	
Saolré an bhirt	- **Bliain 1** - **Bliain 2-7**	- Ullmhúcháin - Feidhmiú an bhirt
Costas Measta in aghaidh na bliana	- €800	
Costas measta iomlán	- €5,600	

[59] Cumann Lúthchleas Gael

Foinse maoinithe	- Cumainn Lúthchleas Gael an LPT - Údarás na Gaeltachta - Glór na nGael
Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- Soláthar i gceart ar an éagsúlacht chumais - Athrú ó sheanchleachtas an Bhéarla
Sárú na ndúshlán	- A bhfuil foghlamtha i gcumainn eile de chuid CLG i gceantair eile a fháil don chumann áitiúil
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Aiseolas ó na rannpháirtithe tríd an Oifigeach Pleanála Teanga agus trí CPTLSL agus faireachán dá réir ag cruinnithe an Choiste.

6.11.4 Club Gaelach a bhunú

An Beart	Club Gaelach a bhunú le comhordú a dhéanamh ar ócáidí Gaelacha.	
Réimsí an bhirt	- D, J, K	
Critéir pleanála teanga	- 10, 11, 12	
Aidhm an bhirt	- Deiseanna sóisialaithe a sholáthar do phobal an LPT agus do chuairteoirí trí imeachtaí Gaelacha a reáchtáil uair sa mhí. - Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn in imeachtaí/féilte/ócáidí atá ar siúl cheana.	
Eolas breise	- Tabharfaidh sé deis do mhuintir na háite iad féin agus a gcumas sna healaíona dúchais a chur i láthair. - Cuirfear oícheanta Gaelacha ar siúl mar cheann de ghníomhaíochtaí an chlub a thógfaidh mórtas an phobail agus a bheidh dírithe ar fhéiniúlacht na ndaoine mar dhaoine Gaeltachta. Beidh fáilte roimh amhránaithe, cheoltóirí, dhamhsóirí an LPT le cois aíonna ó cheantair eile ag na hócáidí. - Is féidir na hoícheanta a bheith ar siúl i dtithe leanna an LPT nó in ionaid phobail eile ar fud an LPT. - Uair sa bhliain reáchtálfar lá/féile/éigse Ghaelach ina gcuirfear béim ar húsáid na Gaeilge agus a chríochnóidh le oíche mhór chultúrtha. - Beidh sé mar cheann d'aidhmeanna an chlub feachtas feasachta a chur ar siúl/stocaireacht a dhéanamh le coistí/daoine a spreagadh an Ghaeilge a chur chun cinn in imeachtaí/féilte/ócáidí atá ar siúl cheana ar nós Scór, fleadh ceoil, srl.	
Príomhúinéir an bhirt	- CPTLSL	
Páirtithe leasmhara	- An tOPT. - Pobal an LPT - Údarás na Gaeltachta - Cumann Lúthchleas Gael - Fáilte Éireann - Gnóthaí an LPT	
Saolré an bhirt	- **Bliain 2** - **Bliain 3-7**	- Ullmhúcháin - Feidhmiú an bhirt

Costas measta in aghaidh na bliana	- €3,000 – Poiblíocht agus costais oifige.
Costas measta iomlán	- €18,000
Foinse maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. - Údarás na Gaeltachta - Fáilte Éireann - Urraíocht Chomhlachtaí Áitiúla
Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- Urraíocht a aimsiú ó chomhlachtaí áitiúla - Easpa tuisceana maidir le tábhacht na hoidhreachta mar a bhaineann sé le cúrsaí cultúrtha agus eacnamaíochta.
Sárú na ndúshlán	- Poiblíocht le feasacht a ardú agus luach na teanga a chur ina luí ar lucht gnó agus pobal an LPT.
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Beidh dlúthbhaint ag an OPT le hobair na feasachta, an ullmhúcháin in éineacht leis na forais éagsúla turasóireachta - Tiocfar ar an aiseolas ó na rannpháirtithe dá réir tríd an OPT agus déanfaidh CPTLSL faireachán dá réir ag cruinnithe den Choiste.

6.12 K- Staid na Gaeilge sa Limistéar – dearcadh, cumas agus nósmhaireacht an phobail ina leith

6.12.1 Stocaireacht a dhéanamh le féilte agus comórtais mhóra a thabhairt go dtí an LPT, m.sh. Comórtas Peile na Gaeltachta, an tOireachtas, srl.

An Beart	Stocaireacht a dhéanamh ar lucht eagraithe chomórtais le féilte agus comórtais mhóra a thabhairt go dtí an LPT, m.sh. Comórtas Peile na Gaeltachta, an tOireachtas, srl.	
Réimsí an bhirt	- D, E, F, G	
Critéir pleanála teanga	- 10, 11, 12, 13, 15, 16	
Aidhm an bhirt	- Brí agus meanma a spreagadh i mbunadh an cheantair le bheith féinmhuiníneach agus uaillmhianach dá réir.	
Eolas breise	- Bhéarfaidh féile nó féilte breis deis shóisialta do bhunadh an cheantair. - Bhéarfaidh féile nó féilte deis mhaith do ghnólachtaí turasóireachta an cheantair.	
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT	
Páirtithe leasmhara	- An Cheanneagraíocht - Lucht gnó an LPT - Eagrais Ghaeilge ar nós Oireachtas na Gaeilge - Glór na nGael - CLG - Comhairle Contae Dhún na nGall - CPTLSL	
Saolré an bhirt	- **Bliain 2** - **Bliain 3-7**	- Stocaireacht - Ag brath ar thoradh bhliain 2
Costas measta in aghaidh na bliana	- Ní bhaineann. Costas faoi bheart 6.2.2.	
Costas measta iomlán	- Ní bhaineann. Costas faoi bheart 6.2.2.	
Foinse maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta - Foras na Gaeilge - Údarás na Gaeltachta - Fáilte Éireann - Comhairle Contae Dhún na nGall	

Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- Féile nó féilte a fháil den mhéid ar thig le háiseanna an cheantair freastal orthu - An feachtas stocaireachta a chur i bhfeidhm ag leibhéal cúige nó náisiúnta
Sárú na ndúshlán	- Féile den mhéid a fhóireann d'áiseanna an cheantair a roghnú - Comhoibriú le hOPT eile i nDún na nGall le dul i bhfeidhm ar lucht eagraithe na gcomórtas
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Cíorfaidh an tOPT in éineacht le CPTLSL rath nó mírath an bhirt ag cruinnithe den Choiste Stiúrtha.

6.12.2 Cumainn Ghaelacha ó ollscoileanna ar fud na tíre a thabhairt go dtí an ceantar. É seo a nascadh le Comhairle na nÓg

An Beart	Cumainn Ghaelacha ó ollscoileanna ar fud na tíre a thabhairt go dtí an ceantar. É seo a nascadh le Comhairle na nÓg.
Réimsí an bhirt	- C, J
Critéir pleanála teanga	- 10, 11, 12
Aidhm an bhirt	- Ar mhaithe leis an bhunadh óg a chur in aithne do dhaoine óga eile laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht a bhfuil spéis ar leith acu i nGaeilge.
Eolas breise	- Nasc a chruthú le hollscoileanna eile ar fud na tíre agus comhoibriú le chéile le dea-chaidrimh a chothú ar mhaithe leis an Ghaeilge agus leis an chultúir Gaelach.
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.
Páirtithe leasmhara	- Oideas Gael - Foras na Gaeilge - Údarás na Gaeltachta - Ollscoil na hÉireann, Ollscoil Uladh agus Coláistí 3ú leibhéal eile ar fud na tíre - Comhairle Contae Dhún na nGall - Óige an cheantair - Ionaid aíochta/brúnna agus tithe lóistín an cheantair - CPTLSL
Saolré an bhirt	- **Bliain 3-7** - Feidhmiú an bhirt
Costas measta in aghaidh na bliana	- €2,000 (bunaithe ar dheireadh seachtaine amháin le linn na bliana acadúla)
Costas measta iomlán	- €10,000
Foinse maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta - Foras na Gaeilge - Údarás na Gaeltachta - Comhairle Contae Dhún na nGall
Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- Cumainn Ghaelacha a mhealladh go Tír Chonaill ar dheireadh seachtaine a fhóireann dá gclár ama - Deireadh seachtaine a roghnú a fhóireann don cheantar agus don Chumann Gaelach ar leith

Sárú na ndúshlán	- Tá roinnt ollscoileanna nach mbíonn dlúthcheangal ag a gcuid cumann leis an Ghaeltacht ar láimh amháin agus ar an láimh eile, níor tairgeadh dóibh an deis sin do na cumainn cheana.
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt.	- Ceistneoirí aiseolais a roinnt ar na rannpháirtithe agus beidh an tOPT in ann CPTLSL a choinneáil ar an eolas sa dóigh go measfar rath nó mírath an bhirt ag cruinnithe den Choiste

6.12.3 Buiséad margaíochta a chur ar fáil le poiblíocht a dhéanamh ar an phróiseas

An Beart	**Buiséad margaíochta a chur ar fáil le poiblíocht a dhéanamh ar an phróiseas.**	
Réimsí an bhirt	- E, F, G, H, I, J, K	
Critéir pleanála teanga	- 11, 12, 13, 14, 15, 16	
Aidhm an bhirt	- Dul i gcion ar eagrais, ar chumainn agus ar an phobal trí chéile san LPT i dtaca le feasacht teanga an cheantair. - Líon na gcainteoirí laethúla agus cainteoirí seachtainiúla a ardú	
Eolas breise	- Beifear ag díriú ar na pobail in aice an LPT fosta, cionn is go mbíonn teagmháil sheasta agus tionchar á imirt dá réir ag na pobail éagsúla; Gaeltacht agus Galltacht, ar a chéile.	
Príomhúinéir an bhirt	- An tOPT.	
Páirtithe leasmhara	- An Cheanneagraíocht - CPTLSL - Bunadh cheantair an LPT	
Saolré an bhirt	- **Bliain 1-7**	- Feidhmiú an bhirt
Costas measta in aghaidh na bliana	- €6,000	
Costas measta iomlán	- €42,000	
Foinsí maoinithe	- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.	
Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt	- An éagsúlacht dearcaidh sa LPT a chuimsiú san fheachtas stocaireachta a dtabharfar faoi. - Beidh gá le hábhar dátheangach cionn is nach bhfuil léamh ná tuiscint ar an Ghaeilge ag an-mhórán daoine sa LPT.	
Sárú na ndúshlán	- Beidh an cur chuige chomh huileghabhálach is atá bunadh an cheantair ilghnéitheach.	
Monatóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeacht an bhirt	- Cíorfaidh an tOPT in éineacht le CPTLSL rath nó mírath an bhirt ag cruinnithe den Choiste Stiúrtha.	

7. Costas agus Maoiniú

7.1 Costais

Tugadh briseadh síos ar chostas iomlán na mbeart i mír a 6 den phlean teanga agus sa mhír seo déanfar coimriú ar chostais iomlána an phlean de réir bliana. Mar chéad chéim, moltar Oifigeach Pleanála Teanga amháin lánaimseartha maraon le hoifigeach cúnta páirtaimseartha a fhostú chun an plean a chur i bhfeidhm (beart 6.1.1). Ní mór ceanncheathrú lárnach a shocrú ina mbeidh na hoifigigh seo lonnaithe chomh maith. Beidh costais earcaíochta, oifige, taistil, teasa, árachais agus tuilleadh ag baint le fostú an Oifigigh Teanga agus an Oifigigh Cúnta.

7.1.1 Nóta maidir le Beart 6.2.2

Tugtar briseadh síos sna táblaí seo thíos ar na costais a bhaineann le beart 6.2.2[60]:

An tOifigeach Pleanála Teanga							
	Bliain 1	**Bliain2**	**Bliain 3**	**Bliain 4**	**Bliain 5**	**Bliain 6**	**Bliain 7**
Tuarastal & Pinsean	€45,000.00	€47,500.00	€50,000.00	€50,000.00	€50,000.00	€50,000.00	€50,000.00
Cáin an Fhostóra (11%)	€4,950.00	€5,225.00	€5,500.00	€5,500.00	€5,500.00	€5,500.00	€5,500.00
Iomlán	€49,950.00	€52,725.00	€55,500.00	€55,500.00	€55,500.00	€55,500.00	€55,500.00

Tábla 7.1: Tuarastal an OPT

Tá an scála pá thíos bunaithe ar 70% den tuarastal iomlán d'Oifigeach Cúnta ag obair ar bhonn pháirtaimseartha.

Rúnaí [61]							
	Bliain 1	**Bliain2**	**Bliain 3**	**Bliain 4**	**Bliain 5**	**Bliain 6**	**Bliain 7**
Tuarastal	€16,495.50	€17,232.60	€17,718.40	€18,445.70	€19,172.30	€19,899.60	€20,625.50
Cáin an Fhostóra (11%)	€1,814.51	€1,895.59	€1,949.03	€2,029.03	€2,108.95	€2,188.96	€2,268.81
Iomlán	€18,310.01	€19,128.19	€19,667.43	€20,465.73	€21,281.25	€22,088.56	€22,894.31

Tábla 7.2: Tuarastal an Oifigigh Cúnta

[60] Costais bunaithe ar Phlean Teanga na Mí (Ní Dhoimhín, 2018: 122).
[61] Tuarastal bunaithe ar scála pá don Oifigeach Cléireachais san earnáil phoiblí.

An tOifigeach Pleanála Teanga							
	Bliain 1	**Bliain2**	**Bliain 3**	**Bliain 4**	**Bliain 5**	**Bliain 6**	**Bliain 7**
Earcaíocht	€1,000.00	-	-	-	-	-	-
Taistil	€4,000.00	€4,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00
Stáiseanóireacht, priontáil agus fótachóipeáil, poiblíocht agus fógraíocht	€5,000.00	€5,000.00	€5,000.00	€5,000.00	€5,000.00	€5,000.00	€5,000.00
Trealamh	€2,000.00	€700.00	€700.00	€700.00	€700.00	€700.00	€700.00
Fo-iomlán	€12,000.00	€9,700.00	€8,700.00	€8,700.00	€8,700.00	€8,700.00	€8,700.00
Tuarastal an OPT	€49,950.00	€52,725.00	€55,500.00	€55,500.00	€55,500.00	€55,500.00	€55,500.00
Tuarastal an Oifigh Cúnta	€18,310.01	€19,128.19	€19,667.43	€20,465.73	€21,281.25	€22,088.56	€22,894.31
Iomlán le tuarastal	€80,260.01	€81,553.19	€83,867.43	€84,665.73	€85,481.25	€86,288.56	€87,094.31

Tábla 7.3: Iomlán Barrchostais

7.2 Saolré na mBeart

Beart	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
6.2.1							
6.2.2							
6.2.3							
6.2.4							
6.2.5							
6.3.1							
6.3.2							
6.3.3							
6.3.4							
6.3.5							
6.3.6							
6.3.7							
6.3.8							
6.4.1							
6.4.2							
6.4.3							
6.5.1							
6.5.2							
6.5.3							
6.5.4							
6.5.5							
6.6.1							
6.6.2							
6.6.3							
6.7.1							
6.7.2							
6.8.1							
6.8.2							

6.9.1							
6.9.2							
6.10.1							
6.10.2							
6.11.1							
6.11.2							
6.11.3							
6.11.4							
6.11.5							
6.12.1							
6.12.2							
6.12.3							

Tábla 7.3: Saolré na mBeart

7.3 Maoiniú

Is í an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, trí Údarás na Gaeltachta, a dhéanfaidh an plean teanga seo a mhaoiniú.

7.4 Clár Caiteachas do Phlean Teanga Limistéar Pleanála Teanga Dhún na nGall Theas.

Réimse	Beart	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Feidhmiú an Phlean Teanga	**6.2.1**	-	-	-	-	-	-	-
	6.2.2	€84,150.00	€85,846.00	€88,842.00	€90,063.00	€91,284.00	€92,505.00	€93,726.00
	6.2.3	€7,500.00	€750.00	€750.00	€750.00	€750.00	€750.00	€750.00
	6.2.4	€3,800.00	-	-	-	-	-	-
	6.2.5	€456.00	€456.00	€456.00	€456.00	€456.00	€456.00	€456.00
An Córas Oideachais	**6.3.1**	-	-	-	-	-	-	-
	6.3.2	-	-	-	-	-	-	-
	6.3.3	-	€2,100.00	€2,100.00	€2,100.00	€2,100.00	€2,100.00	€2,100.00
	6.3.4	€2,500.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00
	6.3.5	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00
	6.3.6	-	€700.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00
	6.3.7	€500.00	€500.00	-	-	-	-	-
	6.3.8	-	-	-	-	-	-	-
Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta	**6.4.1**	€2,000.00	€2,000.00	€600.00	€600.00	€600.00	€600.00	€600.00

agus Tacaíochta Teaghlaigh								
	6.4.2	€1,200.00	€1,200.00	€1,200.00	€1,200.00	€1,200.00	€1,200.00	€1,200.00
	6.4.3	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00
Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí Eile	**6.5.1**	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00
	6.5.2	€2,000.00	€4,000.00	€6,000.00	€6,000.00	€6,000.00	€6,000.00	€6,000.00
	6.5.3	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00
	6.5.4	-	€4,800.00	€4,800.00	€4,800.00	€4,800.00	€4,800.00	€4,800.00
	6.5.5	-	€20,000.00	-	€20,000.00	-	€20,000.00	-
Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chóras Oideachais	**6.6.1**	-	€1,000.00	-	-	-	-	-
	6.6.2	€2,100.00	€2,100.00	€2,100.00	€2,100.00	€2,100.00	€2,100.00	€2,100.00
	6.6.3	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00
An Earnáil Ghnó, Eagraíochtaí	**6.7.1**	-	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00

Pobail agus Comharchumainn								
	6.7.2	-	-	-	-	-	-	-
Na Meáin Chumarsáide	**6.8.1**	-	-	-	-	-	-	-
	6.8.2	-	-	-	-	-	-	-
Seirbhísí Poiblí	**6.9.1**	-	-	-	-	-	-	-
	6.9.2	€300.00	€300.00	€300.00	€300.00	€300.00	€300.00	€300.00
Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach	**6.10.1**	-	-	-	-	-	-	-
	6.10.2	-	-	-	-	-	-	-
Seirbhísi Sóisialta agus Caitheamh Aimsire	**6.11.1**	-	€3,600.00	€3,600.00	€3,600.00	€3,600.00	€3,600.00	€3,600.00
	6.11.2	-	-	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00
	6.11.3	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00
	6.11.4	-	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00
	6.11.5	-	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00

Staid na Gaeilge sa Limistéar	**6.12.1**	-	-	-	-	-	-	-
	6.12.2	-	-	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00
	6.12.3	€6,000.00	€6,000.00	€6,000.00	€6,000.00	€6,000.00	€6,000.00	€6,000.00
Iomlán		€118,916.01	€147,159.19	€134,373.43	€155,171.73	€135,987.25	€156,794.56	€137,600.31

8. Forbairt Feasachta agus Poiblíocht

8.1 An Fheasacht Teanga

Cinntíodh ó cuireadh tús le hullmhú phlean teanga an LPT go raibh feasacht láidir á ardú sa phobal maidir le próiseas na pleanála teanga agus tionóladh sraith cruinnithe poiblí le pobal an LPT a choinneáil eolach ar gach staid d'ullmhú an phlean. Tá sé riachtanas anois le feidhmiú an phlean seo go leanfar ar aghaidh leis an ardú feasachta sin agus tá bearta leagtha amach sa phlean chun díriú isteach air seo.

Beart	Teideal	Spriocghrúpa
6.2.3	Láithreacht ar Líne	Pobal an LPT
6.2.4	Seoladh Plean Teanga Leithinis Shliabh Liag	Pobal an LPT
6.3.2	Comhoibriú le cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022	Scoileanna an LPT.
6.3.3	Naisc Idir Scoileanna	Scoileanna an LPT.
6.3.4	Clár feasachta teanga a ullmhú do pháistí scoile an LPT agus dá dtuismitheoirí / chaomhnóirí	Tuismitheoirí agus páistí scoile an LPT.
6.3.8	Clár feasachta a ullmhú le postanna in earnáil na Gaeilge a chur chun cinn i measc daltaí scoile.	Daltaí meánscoile
6.4.2	Imeachtaí teaghlaigh a eagrú ar bhonn rialta	Teaghlaigh an LPT.
6.5.4	Oiliúint/traenáil/tacaíocht ó thaobh cúrsaí teanga de a chur ar fáil do lucht eagraithe caitheamh aimsire agus campaí samhraidh don óige	Lucht eagraithe caitheamh aimsire
6.7.2	Luach na teanga maidir leis an turasóireacht cultúrtha a chur in iúl do ghnóthaí agus d'eagraíochtaí áitiúla an LPT agus iad a spreagadh dá bharr le níos mó Gaeilge a úsáid ar chomharthaí agus ar fhógraíocht.	Lucht gnó agus eagraíochtaí áitiúla an LPT.
6.9.1	Soláthair na seirbhísí stáit trí Ghaeilge sa LPT a chinntiú.	Seirbhísí Stáit
6.12.3	Buiséad margaíochta a chur ar fáil le poiblíocht a dhéanamh ar an phróiseas.	Pobal an LPT.

8.2 Poiblíocht

8.2.1 Brandáil

Bainfear úsáid as lógó CPTLSL ar aon phoiblíocht a dhéantar ar an phlean teanga nó ar bhearta an phlean teanga, ach amháin i gcás go socraíonn an OPT, le cead CPTLSL, brandáil eile a fhorbairt agus a úsáid (Ní Dhoimhín, 2018e: 125).

Cinníodh poiblíocht dhátheangach a úsáid le linn an phróisis seo mar go bhfuil daoine sa LPT nach bhfuil Gaeilge/nó beagán Gaeilge acu agus aontaíodh go raibh sé tábhachtach go mbeadh gach duine sa LPT lárnach sa phlean teanga. Baineadh úsáid as na meáin éagsúla seo a leanas le poiblíocht a dhéanamh ar an phróiseas agus

leanfar ar aghaidh á n-úsáid le poiblíocht a dhéanamh le linn thréimhse fheidhmithe an phlean teanga:

- Bileoga, leabhráin agus póstaeir.
- Fógraí i nuachtáin áitiúla agus i nuachtlitreacha áitiúla.
- Cruinnithe poiblí.
- Ar an raidió go háirithe Raidió na Gaeltachta, Highland Radio agus Owenea FM.
- Ar shuíomh gréasáin na ceannagraíochta, ar shuíomh gréasáin CPTLSL) agus ar na meáin shóisialta (Beart 6.2.3).
- Tá costais phoiblíochta clúdaithe faoi bheart 6.12.3.

9. Feidhmiú agus Monatóireacht

9.1 Feidhmiú an Phlean Teanga

9.1.1 Struchtúr Feidhmithe

Mar a leagtar amach i mbeart 6.2.1 agus i mbeart 6.2.2 beidh struchtúr trí leibhéal i gceist le cinntiú go gcuirtear an plean teanga i bhfeidhm go héifeachtúil: an cheanneagraíocht, an coiste stiúrtha agus an tOPT. Déanfar cruinnithe idir an OPT, CPTLSL agus an cheanneagraíocht a eagrú ar bhonn míosúil chun plé a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean.

9.1.2 Ról na Ceannagraíochta

Is é Lár Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille an cheanneagraíocht don phróiseas pleanála teanga i nDún na nGall Theas agus is í atá freagrach as cur i bhfeidhm an phlean teanga. Feidhmeoidh an cheanneagraíocht mar fhostóir don OPT agus don riarthóir agus is í atá luaite mar phríomhúinéir ar na beart seo a leanas:

Beart	Teideal
6.2.1	Struchtúr Feidhmithe
6.2.2	Foireann Feidhmithe
6.5.1	Daoine óga a thraenáil mar Chinnirí Óige
6.5.2	Seirbhísí Iarscoile
6.5.3	Clubanna Óige
6.5.5	Cúrsa 'Óg-oiliúint' a ath-bhunú

9.1.3 Ról an Oifigigh Pleanála Teanga

Beidh an tOPT fostaithe ag an cheanneagraíocht, Lár-Chomhairle Paróiste Gheann Cholm Cille agus oibreoidh sé/sí faoi stiúir CPTLSL. Beidh saoirse ag an tOPT leasuithe a dhéanamh ar an phlean teanga agus tograí eile nach bhfuil luaite sa phlean seo a fhorbairt ach na tograí sin agus an buiséad a aontú le CPTLSL, leis an cheanneagraíocht agus le hÚdarás na Gaeltachta ar dtús.

Beart	Teideal
6.3.1	Scéim na gCúntóirí Teanga
6.11.4	Club Gaelach a bhunú

9.2 Monatóireacht

Beidh sé riachtanach monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht bhearta an phlean teanga le cinntiú go bhfuil an plean á chur i bhfeidhm go héifeachtach. Tugtar níos mó eolais i mBeart 6.2.5 faoin mhonatóireacht leanúnach a dhéanfaí ar chur i bhfeidhm an phlean.

Sa gcás go bhfeictear don OPT, do CPTLSL nó don cheanneagraíocht nach bhfuil beart áirithe á chur i bhfeidhm nó nach bhfuil sé á chur i bhfeidhm go héifeachtach, déanfar – le haontú CPTLSL agus le dearbhú ón cheanneagraíocht go bhfuil buiséad ar fáil dó – an beart sin a leasú nó ceapfar beart nua ina áit (Ní Dhoimhín, 2018f: 127).

Foinsí

An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2011a. *Census 2011 Sapmap area: Gaeltacht Area of Donegal* [ar líne]. Baile Átha Cliath: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Ar fáil: http://census.cso.ie/sapmap_2011/ (Léite 3 Lúnasa 2018)

An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2016. *Census 2016 Sapmap area: Limistéir Pleanála Teanga Dhún na nGall Theas* [ar líne]. Baile Átha Cliath: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Ar fáil ag: http://census.cso.ie/sapmap/ (Léite 3 Lúnasa 2018)

An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2016. [ar líne]. Baile Átha Cliath: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Ar fáil ag: http://census.cso.ie/sapmap/ (Léite 3 Lúnasa 2018)

An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2016. *Census 2016 Sapmap area: Limistéir Pleanála Teanga Dhún na nGall Theas* [ar líne]. Baile Átha Cliath: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Ar fáil ag: http://census.cso.ie/sapmap2016/Results.aspx?Geog_Type=ED3409&Geog_Code=2AE19629206313A3E055000000000001#SAPMAP_T1_100 (Léite 3 Lúnasa 2018)

An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2011. *Census 2011 Sapmap area: Gaeltacht Area of Donegal.* [ar líne]. Baile Átha Cliath: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Ar fáil ag: http://census.cso.ie/sapmap2011/Results.aspx?Geog_Type=ED&Geog_Code=33049&CTY=33#T1_100 (Léite 3 Lúnasa 2018)

An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017. *Census 2016 Sapmap Area: Limistéir Pleanála Teanga Dún Na nGall Theas* [ar líne]. Corcaigh: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Ar fáil ag: http://census.cso.ie/sapmap2016/Results.aspx?Geog_Type=LPT2012&Geog_Code=16B1A09A-0156-4308- 854C-9CC926076F21 (Léite 13 Nollaig 2017).

An Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta, 2018a. *Treoirlínte Pleanála Teanga: Eagrán 4 – Eanáir 2018.* Na Forbacha: An Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta.

An Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta, 2018b. *Plean Gníomhaíochta 2018-2022. Straitéis 20 Bliain Don Ghaeilge 2010-2030.* Na Forbacha: An Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta.

An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016. *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

Curdt-Christiansen, X.L., 2009. 'Invisible and visible language planning: ideological factors in the family language planning policy of Chinese immigrant families in Quebec'. *Language Policy*, 8 (4), 351-75.

Kirsch, C., 2011. 'Ideologies, struggles and contradictions: an account of mothers raising their children bilingually in Luxembourgish and English in Great Britain'. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 15 (1), 95-112.

Mac Cuinneagáin, É., 2000. *'Gleann Cholm Cille', Pobal na Gaeltachta, A scéal agus a dhán.* (eag.) Ó Tuathaigh, G., Ó Laoire, L., Ua Súilleabháin, S. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta.

Mac Thréinfhir, F., 2017. *Plean Teanga Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola* [ar líne]. Ar fáil ag: http://pleanailteangachloichcheannfhaola.com/wp-content/uploads/2017/04/Plean-Teanga-do-Limistear-Pleanala-Teanga-Chloich-Cheann-Fhaola.pdf (Léite 02 Samhain 2017).

Ní Dhoimhín, H. 2015. *Seachadadh Idirghlúineach na Gaeilge in Éirinn an lae inniu: Deacrachtaí agus Dúshláin*. Tráchtas M.A. neamhfhoilsithe, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Ní Dhoimhín, H. agus Ó Baoill, D., 2016. *Plean Teanga do Limistéar Pleanála Teanga Ghaoth Dobhair, Anagaire, Rann na Feirste agus Loch an Iúir* [ar líne]. Ar fáil ag: http://mptiarthuaiscirt.ie/wp-content/uploads/2016/12/Plean-Teanga-do-LPT-Ghaoth-Dobhair-Anagaire-Rann-na-Feirste-agus-Loch-an- Iúir.pdf (Léite 02 Samhain 2017).

Ní Dhoimhín, H. 2018. Plean Teanga do Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltacht na Mí [ar líne]. Ar fáil ag: https://docs.wixstatic.com/ugd/aac749_293e4488302d4f5596795406907bd15d.pdf (Léite 5 Lúnasa 2018).

Ní Dhúda, L., 2014. *Roghanna: Lámhleabhar eolais faoin bPleanáil Teanga.* An Mhí: Glór na nGael. Ar fáil ag http://www.udaras.ie/wp-content/uploads/2015/05/Roghanna-Laoise_N%C3%AD_Dh%C3%BAda-Spreads.pdf (Léite 14 Deireadh Fómhair 2018)

Ó Ceallaigh, B., 2016. *Language Shift and Neoliberalism.* [ar líne] Dún Éideann: Oifig na Gaeilge. Ar fáil ag: http://celticsociolinguistics.com/wp-content/uploads/2016/10/Book-of-Abstracts.pdf (Léite 10 Lúnasa 2018)

Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A., & O Brien, M., 2007a. *An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil Chríochnaitheach.* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A., O'Brien M., 2007b. *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht 2007 agus Príomhtháthal agus Moltaí.* Baile Átha Cliath: Oifig an tSolathair.

Rialtas na hÉireann. 1998. An tAcht Oideachais, 1998. [ar líne] Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Ar fáil ag: https://www.oireachtas.ie/ga/bills/bill/1997/67/ (Léite 10 Lunasa 2018)

Rialtas na hÉireann, 2010. *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2013*. [ar líne] Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Ar fáil ag: https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2015/07/Straiteis-20-Bliain-Leagan-Gaeilge.pdf (Léite 3 Iúil 2018)

Rialtas na hÉireann, 2012. *Acht na Gaeltachta, 2012.* [ar líne] Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. (Ar fáil ag: https://www.chg.gov.ie/ga/legislation/gaeltacht-act-2012/ (Léite 5 Iúil 2018)

Údarás na Gaeltachta, 2017. *Plean Ceantair Dhún na nGall Theas (CP4) Gleann Cholm Cille, Cill Chartahigh & Ard an Rátha)* Na Forbacha: Ard-oifig Údarás na Gaeltachta.

Údarás na Gaeltachta, 2018. Preas Ráiteas: *Fáiltíonn Údarás na Gaeltachta roimh Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge 2018-2020.* [ar líne]. Na Forbacha: Údarás na Gaeltachta. Ar fáil ar line ag: http://www.udaras.ie/nuacht/failtionn-udaras-na-gaeltachta-roimh-plean-gniomhaiochta-don-ghaeilge-2018-2020/ (Léite 17 Deireadh Fómhair 2018).

Aguisín I: LPT Dhún na nGall Theas

Is iad seo a leanas liosta de bhailte fearainn an LPT agus na toghronna lena mbaineann siad:

1. Na toghranna ceantair seo a leanas:
    - Cill Chartha
    - Cill Ghabhlaigh
    - Cró Chaorach
    - Gleann Cholm Cille
    - Inis Caoil
    - Málainn Bhig.

2. An chuid sin de thoghroinn cheantair Ard an Rátha atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas:
    - Carraig an tSléibhe
    - An Srath Uachtair.

3. An chuid sin de thoghroinn cheantair Ghleann Gheise atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas:
    - Áighe
    - Gleann Gheise
    - Mín na Coilleadh
    - Mín na Gualanna
    - Mín na bPoll
    - Mín na Téighe
    - Mínte Seisce
    - Sceadamán.

4. An chuid sin de thoghroinn cheantair na Leargadh Móire atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas:
    - Baile Mún
    - Cró na Saileach
    - An Chruach Bheag
    - Droim na Fiongaile
    - Gort Sháile
    - Leirg an Dachtáin
    - Leitir
    - Mín Uí Chanann
    - Mínte Caoracháin
    - Mucros
    - An Rualach

- Srath Bruithne Íochtarach
- Srath Bruithne Uachtarach
- An Tamhnaigh
- Iomascan.

5. An chuid sin de thoghroinn cheantair Mhaol Mosóg atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas:
    - Allt na gCapall
    - An Caiseal
    - Cnoc na gCapall
    - Cró an Chaorthainn
    - Mín an Bhealaigh
    - Mín Ghiolla Charraigh
    - Maol Mosóg.

Aguisín II: Saothair an Cheantair

Seo blaiseadh den shaothair litríochta Gaeilge as an cheantar seo atá le fáil, ina measc roinnt nár foilsíodh go sea:

- Éigse Theilinn, Ó Bhun Shliabh Liag, téip cheoil agus amhrán.
- Mac Cuinneagáin, É., 'Gleann Cholm Cille', *Pobal na Gaeltachta, A scéal agus a dhán*. (eag.) Ó Tuathaigh, Ó Laoire, Ua Súilleabháin. Indreabhán, 2000. lch. 223-242.
- Mac Giolla Easbuic, M. (eag.), *Séarlaí Mac Anna agus Mé Féin,* BÁC 2016.
  - Ón tSeanam Anall: Scéalta Mhicí Bháin Uí Bheirn
  - Ó Bhun an Bhogaigh go Barr na gCróibh
  - Scéalta as Tír Chonaill I
  - Scéalta as Tír Chonaill II
  - Scéalta as Tír Chonaill III
  - Scéalta as Tír Chonaill IV, V & VI
  - Gleann an Bhaile Dhuibh.
  - Condaí Phroinnseais Mac Cuinneagáin agus Ceolta Theilinn le Pádraig Mac Seáin
- Mac Seáin, P., *Ceolta Theilinn*. Béal Feirste 1973
- Mac Suibhne, B., 'Ard an Rátha', *Pobal na Gaeltachta.* (eag.) Ó Tuathaigh, Ó Laoire, Ua Súilleabháin. Indreabhán, 2000. lch. 209-221.
- Ní Churraighín, A., *'ach uile chineál uthairte': Anailís chomhthéacsúil ar dhialanna oibre Sheáin Uí Eochaidh – Léargas ar staid na teanga sa phobal agus ar shaol agus ar shaothar an bhailitheora i dTeileann*. Tráchtas M.A. N-G. Ollscoil na hÉireann, Gaillimh 2014.
- 'Seán Ó hEochaidh: Bailitheoir Béaloideasa in Iardheisceart Thír Chonaill sna 1930dí – Léargas ón Dialann'. *Undergraduate Journal: Volume 5*, 203- 212.
- Ó Domhnaill, M., 'Cill Chartha', *Pobal na Gaeltachta. (eag.)* Ó Tuathaigh, Ó Laoire 7 Ua Súilleabháin. Indreabhán 2000.
- Ó Gallchóir, Aodh, "Filleadh an Fhile" – Pádraic Ó Beirn: Saol agus Saothar. Tráchtas M.A., Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 2008.
- Ó hEochaidh, S., *Sean-Chainnt Theilinn,* BÁC 1959.
  - 'Sean-Scéalta ó Thír Chonaill', *Béaloideas 7: 2*, 1937
  - Ó hEochaidh, S., Nic Néill, M. agus Ó Catháin, S. Sí-Scéalta ó Thír Chonaill, BÁC 1977.
  - 'Seanchas na Caorach', Béaloideas 37-38 (1969/1970).
  - 'Seanchas Iascaireachta agus Farraige', Béaloideas 33, 1965.
- Ó Néill, Séamus, Logainmneacha Pharóiste Ghleann Cholm Cille. Tráchtas PhD, QUB 1971.
- Uí Bheirn, Ú. Cnuasach Focal as Teileann, BÁC 1989. Wagner, H., Sean-chainnt Theilinn, BÁC 1959.
- Watson, S., (eag.), Oidhreacht Ghleann Cholm Cille, BÁC 1979

Aguisín III: Bileoga eolais a scaipeadh ar an phobal.



Language Planning for the Sliabh a' Liag Peninsula Benefits of being in An Ghaeltacht?

BÉAL AN PHOBAIL

Tionscnamh pleanála teanga leithinis Shliabh Liag

The Sliabh a'Liag Peninsula is a multicultural community which covers Glencolmcille, Kilcar and Ardara. According to CSO figures for 2011, the area has a population of 4,874 and 64.12% of the population have a proficiency in Irish. Of that 64.12%, 13.79% speak Irish within the education system and 8.9% use Irish outside of the education system.

We are a Gaeltacht community and it is our responsibility to develop and save our culture and our language for the next generation.

What advantage is the Gaeltacht to us? There are many benefits including culture, pride, economy, employment, tourism and education and all are important reasons to keep our native tongue alive in this area. Reasons include:

Education

- Teacher Training Colleges in Ireland reserve up to 10% of places for students living in Gaeltacht areas.
- 40% of marks in the Irish Exam in the Leaving Certificate is allocated toward the Oral Irish Exam – a major advantage if you are a fluent Irish speaker.
- Research has shown that the learning of other languages comes easier to those who have the benefit of having both English and Irish already.
- Irish Summer Colleges in the area supporting the employment, economy and tourism of the area as well as supporting the language and culture into the future.
- Oideas Gael through language tuition is supporting the employment sector, benefiting the local economy and tourism in Glencolmcille as well as neighbouring areas with over 1,200 adult participants attending courses annually.
- Cairdeas na bhFidléirí are located in the area due to the music and the language and their events are of great advantage throughout the year.

Employment

- Additional salary benefits are paid to teachers, Gardaí and other civil servants working in the area through the medium of Irish.
- Additional employment opportunities are available in a wide range of areas including: Radio, TG4, RTÉ and other media outlets to those who have a high proficiency in written and spoken Irish.
- Financial Support is available to businesses, community groups and individuals in Gaeltacht areas from Údarás na Gaeltachta. Beneficiaries include Errigal Bay, Studio Donegal, Rossan Teoranta, Rathlin Knitwear, Áislann Chill Chartha, Donegal Bay Ltd, Lár Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille, Oilean Glás Teo etc.
- Apprenticeships in people with Irish are available with Údarás na Gaeltachta and other State Departments and agencies.

Social and Community

- Opportunities annually for GAA teams in Gaeltacht areas to participate in the County and National Comórtas Peile na Gaeltachta, travelling throughout the country as well as giving opportunities to host the competition thus bringing additional revenue, tourism and culture into the area.
- Opportunities for people to participate in Oireachtas na Gaeilge, Scór competitions, Féiseanna etc. celebrating and showcasing the unique language and culture of the people.
- Údarás na Gaeltachta, being a designated Gaeltacht agency, has experience in dealing with rural Gaeltacht communities and are sympathetic to their needs. Support including funding is awarded to a wide variety of community based activities in this area regularly.

Your input and support in this process is important.
It's our collective responsibility to implement this plan.

It's our language - Keep It Alive!

Aguisín IV: An Cheistneoir Comónta

Is iad Hannah Ní Dhoimhín agus an Dr. Dónall Ó Baoill faoi stiúir 'Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt' a d'ullmhaigh na ceistneoirí sna haguisíní IV, V, VI agus VII seo a leanas. Ár mbuíochas leo uilig a roinn na ceistneoirí linn. / *These following questionnaires were prepared by Hanna Ní Dhoimhín and Dr. Dónall Ó Baoill under 'Meitheal Pleanála Teanga an Iarthúaiscirt' Language Planning project. Our thanks to them all for allowing these surveys to be shared.*

BÉAL AN PHOBAIL
Tionscnamh pleanála teanga
leithinis Shliabh Liag

Iompar Teanga & Meoin i leith na Gaeilge
Language Use and Attitudes towards the Irish Language

Tá an taighde seo ar siúl ar mhaithe le pleanáil teanga i nGaeltacht Iardheisceart Dhún na nGall (Gleann Cholm Cille, Cill Chartha agus Ard an Rátha (cuid de)). Glacfaidh sé cúpla bomaite é a líonadh. Tá muid buíoch don chuidiú san iarracht seo.

This research is being conducted for the purpose of language planning in the SW Donegal Gaeltacht (Gleann Cholm Cille, Cill Chartha and Ard an Rátha (part of)). It takes a few minutes to complete. We appreciate your assistance in this project.

LCPG

Údarás na Gaeltachta

Roinn do thuairim linn!

Ceantar / *Area*

Cúlra / *Background*

1. **Cén baile fearainn ina bhfuil tú i do chónaí? / *In which townland do you live?***

Baile Fearainn / *Townland*

2. **Cé mhéad duine atá ina gcónaí sa teach seo? / *How many people live in this house?***

3. **Cá háit ar tógadh thú? / *Where were you raised?***

	Cuir tic ná sonraí sa bhosca / *Tick the box*
Sa cheantar seo / *In this area*	
Áit eile i nGaeltacht Thír Chonaill / *Another area in the Donegal Gaeltacht*	
Ceantar Gaeltachta Eile / *Another Gaeltacht area*	
Poblacht na hÉireann (lasmuigh den Ghaeltacht) / *Republic of Ireland (outside the Gaeltacht)*	
Na Sé Chontae / *Northern Ireland*	
Eile (Sonraigh le do thoil) / *Other (Please Specify)*	…… ……

4. **Cén aois thú? / *What age are you?***

18 - 25	26 - 40	41 - 55	56 - 66	67+

5. **Inscne? / *Gender?***

	Cuir tic sa bhosca/ *Tick the box*
Baineann ***Female***	
Fireann ***Male***	

6. **Cén teanga a bhí in úsáid sa bhaile agus tú ag fás aníos? / *What language was used in your home growing up?***

	Cuir tic sa bhosca/ *Tick the box*
Gaeilge Amháin ***Irish Only***	
Níos mó Gaeilge ná Béarla ***More Irish than English***	
Níos mó Béarla ná Gaeilge ***More English than Irish***	
Béarla Amháin ***English Only***	
Eile (Sonraigh le do thoil) ***Other (Please give details)***	....

7. **Cén catagóir is fearr a dhéanann cur síos ar do chumas Gaeilge anois? / *Which category do you feel best describes your current Irish language***

ability?

	Cuir tic sa bhosca / *Tick the box*
Gaeilge Líofa *Fluent Irish*	
Gaeilge Mheasartha *Reasonably Good Irish*	
Ar bheagán Gaeilge *A little Irish*	
Gaeilge ar bith *No Irish whatsoever*	

8. Cuir tic sa bhosca is fearr a dhéanann cur síos ar Ghaeilge do mháthar / d'athar / Curamóir? / *Tick the box which you feel describes your mother's / father's / other carer's command of Irish?*

	Gaeilge ó Dhúchas *Native Irish*	Gaeilge Líofa *Fluent Irish*	Gaeilge Mheasartha *Reasonably Good Irish*	Beagán Gaeilge *A Little Irish*	Gaeilge ar bith *No Irish whatsoever*	Níl a fhios agam *Don't know*	Ní bhaineann *Not applicable*
Mo Mháthair *My Mother*							
M'Athair *My Father*							
Curamóir Eile / *Other Carer*							

9. Cuir tic sa bhosca is fearr a dhéanann cur síos ar do chumas Gaeilge sna scileanna seo a leanas? / *Tick the box which you feel best describes your Irish language ability in each of the following skills?*

	An-mhaith *Excellent*	Maith *Good*	Measartha Maith *Reasonably Good*	Lag *Poor*	Níl *None*
Labhairt *Spoken*					
Tuigbheáil *Understanding*					
Léamh *Reading*					
Scríobh *Written*					

10. Ar mhaith leat an seans a fháil feabhas a chur ar na scileanna sin? / *Would you like the opportunity to improve the following skills?*

	Ba mhaith liom *I would like*	Níor mhaith liom *I wouldn't*	Níl tuairim láidir agam *No opinion*
Labhairt *Spoken*			
Tuigbheáil *Understanding*			
Léamh *Reading*			
Scríobh *Written*			

11. Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge? / *How often do you*

speak Irish?

Go laethúil *Daily*	Ar bhonn seachtainiúil *Weekly*	Minic go leor *Fairly Often*	Ní chomh minic sin *Not that often*	Go hannamh *Rarely*	Riamh *Never*

12. Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Béarla le duine a bhfuil fhios agat Gaeilge a bheith ar a dtoil acu? / *How often do you speak English to somebody you know has Irish?*

Go laethúil *Daily*	Ar bhonn seachtainiúil *Weekly*	Minic go leor *Fairly Often*	Ní chomh minic sin *Not that often*	Go hannamh *Rarely*	Riamh *Never*

13. Cá tuige a labhraíonn tú Béarla le duine má tá Gaeilge ag an bheirt agaibh? / *Why do you speak English to someone if both of you can speak Irish?*

	Cuir tic sa bhosca/ *Tick the box*
Chuir muid aithne ar a chéile i mBéarla *We got to know each other through English*	
Cleachtadh, faiseán nó nós atá ann	

It's usual practice, custom or habit	
Níl muinín acu Gaeilge a labhairt liom ***They don't have confidence to speak to me in Irish***	
Níl sé de mhisneach agam Gaeilge a labhairt leo ***I don't have the confidence to speak Irish to them***	
Eile (Sonraigh le do thoil) ***Other (Please give details)***	…… ……

14. Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge sna háiteacha seo a leanas? / *How often do you speak Irish in the following places?*

	I gcónaí / Beagnach I gcónaí *Always / Nearly always*	Go minic *Often*	Anois is arís *Now and then*	Go hAnnamh *Rarely*	Riamh *Never*	Ní bhaineann *Not Applicable*
Sa Bhaile ***In the home***						
Sa Chóras Oideachais ***In the education system***						
Ar an láthair oibre ***In the workplace***						
Sa Chomharsanacht ***In the neighbourhood***						
Le Cairde						

With friends						

15. Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge sna háiteacha seo a leanas? / *How often do you speak Irish in the following places?*

	I gcónaí / Beagnach i gcónaí ***Always / Nearly always***	**Go minic** ***/Often***	**Anois is arís** ***/Now and then***	**Go hAnnamh** ***/Rarely***	**Riamh** ***/Never***	**Ní bhaineann** ***/Not Applicable***
Sna siopaí / gnóthaí ***In shops / businesses***						
Go sóisialta (club óige, tábhairne, CLG, 7rl) ***Socially (youth club, pub, GAA, etc)***						
Seirbhísí Áitiúla (Grúpaí pobail, Comhairlí Paróiste. 7rl) ***Local services (Community Groups,Parish Councils etc)***						
Seirbhísí Sláinte (dochtúirí, oibrithe sláinte, 7rl) ***Health Services (doctors, healthcare workers, etc)***						

Seirbhísí Eaglasta ***Religious Services***						
Ag plé leis an Stát ***Dealing with the State***						

16. Cuir tic sa bhosca is fearr a léiríonn mar a mhothaíonn tú faoi na ráitis seo a leanas? / *Choose the box which comes closest to how you feel about the following statements?*

	Aontaím go mór ***Strongly Agree***	**Aontaím** ***Agree***	**Níl fhios agam** ***Don't know***	**Easaontaím** ***Disagree***	**Easaontaím go mór** ***Strongly Disagree***
Is fearr liom a bheith ag labhairt Béarla ná Gaeilge ***I prefer to speak English than Irish***					
Tá sé tábhachtach go mairfeadh an Ghaeilge sa Ghaeltacht ***It is important that the Irish language survives in the Gaeltacht***					
Tá mé sásta feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge ***I am willing to improve my Irish***					
Tá buntáistí faoi leith ag an cheantar seo mar gheall gur Gaeltacht é. ***This region has special advantages due to the fact that it is a Gaeltacht***					

Níl an Ghaeilge fóirsteanach don tsaol nua-aimseartha ***Irish is not suitable in today's modern world***					
Ba choir do na gnólachtaí áitiúla daoine a bhfuil Gaeilge acu a fhostú ***Local businesses should employ Irish speakers***					

- Moladh – Ceangal a bheith idir na Campaí Samhraidh, an ceol agus an cultúr. Maoiniú a fháil do Scoil Cheoil Shliabh Liag chun níos mó ranganna a reáchtáil ina mbeidh Gaeilge mar pháirt de.
- Moladh – Ba chóir go mbeadh an traenail faoi aois i gCumann Lúthchleas Gael déanta trí Ghaeilge. Foclaí agus frásanna a thabhairt don chlub sa dóigh go mbeidh siad ag gach duine. Beidh na tuismitheoirí ag úsáid níos mó Gaeilge chomh maith dá bharr.
- Tuairim – Blianta ó shin i dTeileann bhíodh an iascaireacht mar chaitheamh aimsire. Bhíodh an óige agus aostaigh le chéile ag déanamh comhrá. Bhíodh an bunadh óg ag foghlaim na Gaeilge &rl ó na daoine aosta. Bhí aithne acu uilig ar a chéile agus bhí go leor foghlama i gceist.
- Dúradh go ndéarnadh dochar mór don cheantar nuair a dhruid an scoil náisiúnta.
- Dúradh go bhfuil turasóireacht iontach tábhachtach don cheantar agus go mbeidh go leor daoine ag teacht sa todhchaí. Ba chóir go mbeadh sé soiléir nuair a shroicheann siad an áit gur sa Ghaeltacht atá siad.

<u>Cruinniú Poiblí Pleanála Teanga i Seanscoil na Carraige 8.30i.n. 9/1/2018</u>

Bhí cruinniú maith ar an Charraig áit a raibh díospóireacht dhearfach ann.

- Aithníodh nach mbeadh gan dúshlán.
- Dúradh gur trua gur cuireadh deireadh leis an scéim labhairt na Gaeilge agus fiosraíodh an mbeadh sé curtha ar ais?
- Dúradh go raibh an Scoil Náisiúnta na Carraige a mhúineadh fríd tumoideachas le hocht mbliana anois agus go fóill níl na páistí/daltaí scoile á labhairt lasmuigh den scoil cionn is nach bhfeiceann siad an teangaí a húsáid beo thart orthu.
- Cuireadh in iúl go raibh agallamh iontach láidir/suimiúil déanta ag Eunan ar an radio le gairid, (nuair a fógraíodh na cruinnithe poiblí) agus gur ardaíodh an cheist i measc an phobail agus go raibh i bhfad níos mó díospóireacht fríd an cheantar dá bharr. Dúradh go raibh 'momentum' leis agus gur chóir a leithéid a dhéanamh níos minic.
- Moladh gur chóir nasc a bheith le gaelscoileanna agus le Gaeltachtaí eile agus a thaispeáint don óige gur teangaí bheo í agus go raibh lear mór deiseanna fostaíochta ceangailte léi.
- Dúradh gur chóir comhcheangail a dhéanamh idir an teangaí agus mothú ionannais na hóige. Aithníodh go raibh ábaltacht níos airde ag daoine (go raibh

siad níos cliste) a raibh níos mó ná teanga amháin/nó dhó acu – go raibh sin feicthe trasna na hEorpa.

- Moladh gur chóir imeachtaí a reáchtáil a bheadh ag díriú ar ionannas na ndaoine agus cionn is gur sa Ghaeltacht muid gur chóir dóibh a bheith i nGaeilge.
- Moladh:

    1. Raidió pobail a dhéanamh / clárannaí déanta/ a chur le chéile ag an óige
    2. Nasc idir na scoltacha a láidriú / cuairt a thabhairt ar a chéile
    3. 'Pop-Up Gaeltacht' a reáchtáil

- Dúradh go raibh gá le buiséad maith margaíochta de dhíth agus an próiseas a chur chun tosaigh / os chomhair an phobail go láidir.
- Moladh gur chóir béim a chur go raibh sé 'cool' anois i measc na hóige (go háirithe) an teangaí a bheith agat agus gur chóir níos mó a dhéanamh leo ó thaobh cumarsáid teicneolaíochta / na meáin sóisialta agus na apps úra uilig atá le fáil.
- Moladh bród sa teanga a thabhairt/ bheith ag an óige – go raibh sin le feiceáil sna daltaí scoile ar an Charraig fiú nuair a bheadh siad ar turas in áit ar bith ar shiúl ón scoil.
- Dúradh go raibh peileadóirí óga faoin bhaile ag moladh gur chóir cóitseáil sa pheil Ghaelach a dhéanamh 'i nGaeilg' leis na páistí.
- Cuireadh in iúl go raibh an grúpa mná (Tobar na mBan) ag rá go mbeadh siad ag reáchtáil níos mó de na cruinnithe dátheangach as seo amach.
- Ag deireadh an chruinnithe, dúradh gur trua mhór é nach raibh níos mó daoine i láthair anocht.

<u>Cruinniú Poiblí Pleanála Teanga i gCill Chartha 7.00i.n. 10/1/2018</u>

Cruinniú fiúntach san Áislann le slua maith i láthair. Moltaí dearfacha.

- Go mbeadh seifteanna sa tslí go n-úsáidfeadh cainteoirí líofa níos mó Gaeilge le daoine eile. Ranganna tuismitheoiri de dhíth, ar maidin. Imeachtaí maidine eile le deiseanna cainte a thabhairt.
- Ceisteanna faoin chéad ghlúin eile – próifíl lucht freastail aosta. An féidir láthair Ghaeilge a eagrú? Riachtanas ar chóras tacaíochta do thuismitheoirí a bhogann isteach sa phobal – buntáiste breise le seo sa mhéid go gcuirtear aithne ar dhaoine.
- Ábhar fónta ar fáil do thuistí le cuidiú le páistí san obair baile srl.

Cruinniú Poiblí Pleanála Teanga – Ionad Pobail Mhín an Aoire 8.30i.n. 10/01/2018

- Dúradh go mbíonn brú ar thuismitheoirí coinneáil leis na páistí ó thaobh na Gaeilge de mar go bhfuil siad maith ag foghlaim agus ní bhíonn móránfadhbanna acu le í a labhairt. Moladh – Oícheanta Gaelacha a reáchtáil sna tithe tábhairne go minic.
- Moladh – Lá Gaelach a reáchtáil sa cheantar. Daoine leis an Ghaeilge, í a úsáid i rith an lae agus daoine eile a mhealladh chun í a labhairt – an lá a chríochnú le hoíche mhór chultúir.
- Dúradh nár ceanglaíodh an Ghaeilge níos mó le ceiliúradh 1916 sa cheantar – throid siad ar son na teanga, an chultúir & aitheantais.
- Cuireadh ceist ar shíl siad an raibh bunús maith Gaeilge mar bhuntaiste do fhostaíocht sa todhchaí. Dúradh go raibh sé ag brath ar caidé a bhí siad ag iarraidh a dhéanamh.
- Dúradh chomh maith go bhfuil go leor daoine sa cheantar nach mbeadh an post atá siad ag déanamh acu gan an Ghaeilge.
- Dúradh gur nós é go mbíonn na daoine óga ag labhairt Béarla lena céile nó leis an ghlúin níos sine. Níl ach an ghlúin níos sine ag labhairt 'cúpla focal' lena céile agus gur cóir go mbeadh níos mó daoine á labhairt má tá an teanga acu.

Cruinniú Poiblí Pleanála Teanga – Oideas Gael 7.00i.n. 11/01/2018

- Cuireadh ceist an raibh aon sampla d'athbheochan na teanga in aon áit eile.
- Dúradh go bhfuil sampla maith sa Bhreatain Bheag. Dúradh go raibh dreasachtaí cánach ag baint leis an teanga a labhairt.
- Labhair daoine faoin deontas, Scéim Labhairt na Gaeilge, agus go raibh sin ina chuidiú. Dúradh chomh maith gur chuir sin as do dhaoine agus nach raibh muinín acu labhairt leis an Chigire – eagla ar pháistí faoi. Deacair daoine a thuigbheál de bharr canúintí difriúla agus go labharann siad go gasta in amanntaí.
- Maidir le cruinnithe Pleanála Teanga: Dúradh go raibh eagla ar dhaoine dul
- Shíl siad nach raibh siad oscailte don pobal.
- Seans go bhfaigheadh siad rud éigin le déanamh dá mbeadh siad ann.
- Moladh – Ba chóir lámhleabhar áitiúil le frásanna agus le foclaí ann a bheadh ina chuidiú do dhaoine ag iarraidh iarracht a dhéanamh. Suíomh Idirlín áitiúil trí Ghaeilge nó go dátheangach leis an eolas seo air chomh maith le heolas faoin cheantar &rl.
- Dúradh go mbíonn turasóirí ag cur ceiste go minic cén fáth nach bhfuil daoine ag labhairt Gaeilge sa cheantar?
- Dúradh go raibh níos mó Gaeilge ag daoine blianta ó shin agus go raibh daoine ceartaithe go minic ó dhaoine a raibh Gaeilge níos fearr acu. Chuir sin as do

dhaoine agus stad siad ag labhairt Gaeilge da bharr.

- Dúradh go bhfuil athbheochan láidir taobh amuigh den Ghaeltacht.
- Moladh – ba chóir nasc a dhéanamh idir Gaelscoileanna eile i gceantracha eile le taispeáint do pháistí go mbíonn páistí eile ag labhairt Gaeilge agus ag déanamh rudaí eile tríd an teanga.
- Moladh – Pop-up Gaeltachtaí i mBaile Átha Cliath – bheadh sí ina himeacht mhaith don áit seo. Moladh – Comhairle na nÓg a bhunú – imeachtaí a reáchtáil dóibh féin trí Ghaeilge.
- Moladh – Tuismitheoirí le Gaeilge ar a laghad 10 mbomaite Gaeilge a labhairt leo gach tráthnóna le leanúchas a choinneáil leo.
- Moladh – Cláracha raidió a dhéanamh trí Ghaeilge le déagóirí m.sh Raidio na Life.
- Moladh – Drámaí a dhéanamh le páistí – bheadh sé ina bhuntaiste mhór dóibh. Foghlamaíonn siad a línte féin agus línte na bpáistí eile chomh maith!
- Moladh – Cur in iúl do dhaoine go bhfuil páistí atá dátheangach de ghnáth ag fáil marcanna níos fearr ar scoil.

<u>Cruinniú Poiblí Pleanála Teanga, Halla na Paróiste Ard an Rátha 8.30i.n. 11/1/2018</u>

Scaifte maith i Halla na Paróiste. Díospóireacht agus moltaí dearfacha.

- Ardaíodh gur próiseas dúshlánach do na tuismitheoirí an tumoideachais le bheith ins na scoltacha náisiúnta cé nach raibh lear mór tacaíochta / deiseanna an teanga a úsáid lasmuigh den scoil.
- Ceist agus tuairim nochtaithe ar cén chúis go raibh paróiste Ard an Rátha fágtha taobh amuigh/go deireadh den phróiseas pleanála i gcomparáid le paróiste Ghleann Cholm Cille uilig ann.
- Fáiltíodh roimh ról an phobail a bheith nasctha leis na scoileanna ó thaobh critéir áirithe de. MC Cumarsáid idir scoileanna agus na tuismitheoirí. Ionchur an phobail le bheith lárnach. Mothaítear go bhfuil Ard an Rátha ar an imeall de bharr go mbeidh na páistí as na scoileanna Gaeltachta ag dul go Scoil Chuimsitheach na nGleanntach.
- Tumoideachas ag oibriú go maith le dhá bhliain anuas (Scoil Náisiúnta Mín Tine Dé). Fiosraíodh cén soláthar a bheadh ar fáil i Scoil Chuimsitheach na nGleanntach do dhaltaí ag teacht as an tumoideachas.
- Nárbh fhiú go mór Coiste Gaeilge a bheith sa CLG.
- Scór a bhunú / reáchtáil.
- Dúradh go raibh Ciorcal Comhrá rialta ag gabháil ar aghaidh chomh maith le ranganna do thuismitheoirí.
- Ranganna Ceoil trí mheán na Gaeilge. Féile deireadh seachtaine i nGaeilge. Na siúlóidí a bheith dátheangach – Rogha ag rannpháirtithe ceann i nGaeilge nó i mBéarla.

- Moladh Club Óige a bhunú agus Campa Samhraidh don Óige a reáchtáil. Cumann Gaelach Coláiste na Tríonóide a theacht ar chuairt. Moladh cumann gaelach áitiúil a bhunú. Sonraí teagmhála tugtha dúinn le nasc a dhéanamh.
- Iarradh ranganna a reáchtáil don naíonra – na múinteoirí / do thuismitheoirí
- Iarradh ranganna sóisialta a reáchtáil ina mbeadh Gaeilge á labhairt – cniotáil mar shampla.
- Ceistíodh cén fáth nach raibh ceantair Mhín Tine Dé istigh faoi pleanáil teanga na nGleanntach cé go raibh na daltaí scoile a dhul chuig an scoil chuimsitheach sna Gleanntaí.

Aguisín X: Na Critéir Pleanála Teanga

Is iad seo a leanas na critéir pleanála teanga do limistéar pleanála teanga Gaeltachta atá forordaithe faoi alt 12 d'*Acht na Gaeltachta*, 2012:

1. Eagraíocht, arna roghnú ag Údarás na Gaeltachta faoi fho-alt (6), (10)(a) nó (13)(a), de réir mar is cuí, d'alt 7 d'Acht 2012, a bheith ann chun an plean teanga a ullmhú agus a chur i ngníomh sa limistéar iomchuí.
2. An cion den daonra arb í an Ghaeilge an teanga labhartha atá acu sa limistéar iomchuí, ag féachaint do thionchar tosca déimeagrafacha, eacnamaíocha agus sóisialta ar an limistéar iomchuí.
3. Na socruithe a shonraítear maidir le seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar sa limistéar iomchuí.
4. Forálacha Acht 1998 a bheith á n-úsáid, de réir mar is cuí, chun tacú leis an nGaeilge sa limistéar iomchuí, ag féachaint go háirithe do mhíreanna (i) agus (j) d'alt 6 den Acht sin.
5. Oideachas bunscoile agus iarbhunscoile trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí, de réir bheartas na Roinne Oideachais agus Scileanna, lena n- áirítear sruthanna a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge i scoileanna Béarla agus roinnt ábhar a bheith á múineadh trí Ghaeilge i scoileanna Béarla, de réir mar is cuí.
6. Beartais teanga chuí a bheith ann laistigh den timpeallacht scoile a thacaíonn le húsáid na Gaeilge mar theanga labhartha lasmuigh den chóras oideachais sa limistéar iomchuí.
7. Seirbhísí cuí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n- áirítear seirbhísí tacaíochta teanga, a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge sa limistéar iomchuí.
8. Socruithe cuí a bheith ann sa limistéar iomchuí chun tacú le húsáid na Gaeilge ag leanaí ó theaghlaigh nach í an Ghaeilge an teanga labhartha atá sa bhaile acu.
9. Socruithe cuí a bheith ann sa limistéar iomchuí chun tacú le foghlaim na Gaeilge ag leanaí réamhscoile, d'fhonn tacú le rollú i mbunscoileanna Gaeilge.
10. Gníomhaíochtaí sóisialta cuí trí mheán na Gaeilge do dhaoine óga agus d'aoisghrúpaí eile a bheith ar fáil agus beartais teanga chuí a bheith ann i dtaca leis na gníomhaíochtaí sin sa limistéar iomchuí.
11. Deiseanna cuí a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid lasmuigh den chóras oideachais.
12. A mhéid a úsáidtear an Ghaeilge i gcúrsaí sóisialta agus áineasa sa limistéar iomchuí.
13. Cuideachtaí agus gnóthaí a bheith ann a sholáthraíonn seirbhísí trí mheán na Gaeilge don phobal sa limistéar iomchuí.
14. Beartais fostaíochta agus earcaíochta a bheith ann atá á gcur i ngníomh ag

cuideachtaí agus gnóthaí sa limistéar iomchuí ar mhodh a chinntíonn go bhfuil ar a gcumas seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar.

15. A mhéid a úsáideann eagraíochtaí pobail agus comharchumainn an Ghaeilge sa limistéar iomchuí.
16. A mhéid a úsáideann na meáin chumarsáide áitiúla an Ghaeilge sa limistéar iomchuí.
17. Forálacha iomchuí na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2013 a bheith á n-úsáid chun tacú leis an nGaeilge sa limistéar iomchuí.
18. Seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí.
19. A mhéid a thacaíonn an pobal i gcoitinne sa limistéar iomchuí leis an bplean teanga.

Aguisín XI: Litreacha Tacaíochta

Coláiste Aoidh Mhic Bhricne

Is mian le Coláiste Aoidh Mhic Bhricne ar an Cheapach i dTeileann gach tacaíocht a thabhairt do 'Béal an Phobail', tionscnamh pleanála teanga leithinis Shliabh Liag. Aithníonn muid tábhacht na hoibre atá ar bun inár gceantar leis an phróiseas pleanála teanga lena chinntiú go ndéanfar an Ghaeilge a chaomhnú, a chothú agus a chur chun cinn mar theanga pobail agus teaghlaigh sa tréimhse romhainn.

Tá Coláiste Aoidh Mhic Bhricne i measc na gcoláistí samhraidh is faide bunaithe i gCúige Uladh. Tá na céadta duine óg ag freastal ar ár gcúrsa samhraidh í i dTeileann in iardheisceart Thír Chonaill, ó 1955 ar aghaidh.
Beidh trí chúrsaí á réachtáil againn an samhradh seo chugainn, 2018 agus súil againn freastal ar 250 duine óg, idir 12-17 bliana d'aois. Is fás suntasach é seo ó thréimhse an lagtrá eacnamaíochta, nuair nach raibh ach aon chúrsa amháin againn.

Is é ár mian go ndéanfar freastal ar dhaoine óga a dteastaíonn uathu an Ghaeilge agus gach a mbaineann léithe a fhoghlaim ar bhealach spraíúil sultmhar agus iad sáite i gcultúr na Gaeltachta. Glacann muid go dúthrachtach, díograiseach leis an fhreagracht atá orainn mar eagraíocht Ghaeltachta an rud is luachmhara agus is leochailí atá againn– an teanga, a chur i gcion ar fhoghlaimeoirí ó gach cúlra a thagann chugainn i gcomhar le pobal Theilinn.

Bíonn gach scoláire a thagann go Teileann rannpháirteach i saol na Gaeltachta agus iad ag fanacht le teaghlaigh áitiúla. Tá an t-ádh orainn go bhfuil teaghlaigh le scoth na Gaeilge sásta a dtithe a roinnt lenár gcuid scoláirí agus caitheamh go cineálta, cneasta leo.

Eagraíocht neamhbhrabúis is ea Coláiste Aoidh Mhic Bhricne faoi scáth Chomhaltas Uladh a dhéanann gach iarracht tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim na teanga ar bhonn áitiúil agus dár ndaltaí. Tá cúig sheomraí ranga, halla mór, clós spóirt agus siopa ar thalamh an choláiste. B'fhiú breis agus €50,000 an choláiste samhraidh d'eacnamaíocht Theilinn sa bhliain 2017.

Is as Teileann formhór na gceannairí a bhíonn linn ar ár gcúrsaí. Le roinnt blianta, tá muid ag déanamh freastal níos fairsinge ar dhaltaí lae ón cheantar maguaird. Tá aiseolas faighte againn ó dhaltaí áitiúla agus daltaí a d'fhán linn thar na mblianta go raibh tionchar díreach ag cúrsaí Theilinn ar a slite beatha agus ar a gcion don Ghaeilge.

Déantar naíonra Choláiste Aoidh Mhic Bhricne a reáchtáil trí mhéan na Gaeilge ins an choláiste idir Méan Fómhair agus Meitheamh gach bliain faoi scáth Chomhar Naíonraí na

Gaeltachta. Cuirtear an foirgneamh ar fáil do ghrúpaí, eagrais agus coistí pobail ar mian leo é a úsáid chun ar mhaith le himeachtaí, ócáidí nó cruinnithe pobail ó cheann ceann na bliana.

Is í an fhís atá againn mar choláiste samhraidh go leanfaidh muid ag cur cúrsaí Gaeltachta d'ardchaighdeán ar fáil do dhaoine óga ó gach cúlra agus ceantair; go dtabharfaidh muid deis dóibh a bheith rannpháirteach i saol na Gaeltachta agus ceangal cairdeas a chothú tríd an Ghaeilge. Mar gheall go bhfuil an coláiste neadaithe idir Sliabh Liag agus Cuan Theilinn, tá fáil ag ár gcuid scoláirí ar thráigheanna áitiúla, ar shléibhte agus ar ghníomhaíochtaí bréatha faoin spéir. Tá súil againn spóirt uisce agus gníomhaíochtaí eachtraíochta a fhorbairt agus a chur ar fáil mar chuid dár gcúrsaí samhraidh amach anseo.

Tá sé mar aidhm againn go mbeidh an choláiste níos lárnáithe sa phobal idir Méan Fómhair agus Meitheamh nuair nach mbeidh ár gcúrsaí samhraidh ar siúil. Teastaíonn obair athchóirithe ar an fhoirgneamh idir díon agus córas teasa go práinneach. Dá bharr na ndeacrachtaí teasa, ní bhaineann an pobal áitiúil an leas is fearr ón choláiste i rith an fhómhair agus an gheimhridh. Is fadhb í seo ar mian linn tabhairt faoi láithreach. Beidh cúnamh á lorg againn ó áisíneachtaí stáit chun seo a chur i gcrích. Má éiríonn linn an deacracht seo a réiteach, thiocfadh Coláiste Aoidh Mhic Bhricne a fhorbairt níos mó mar lárionad na Gaeilge i bpobal Theilinn agus sa cheantar maguaird, forbairt é seo a rachadh chun socair don phróiseas pleanála teanga.

Óna bhunú sna 1950aidí, tá Coláste Aoidh Mhic Bhricne tar éis na míllte daoine óg a thabhairt go dtí Teileann leis an Ghaeilge a fhoghlaim agus iad sáite i gcultúr na Gaeltachta. Aithníonn muid tionchar na bhfoghlaimeoirí óga seo i mbeocht an phobail agus i gcothú na Gaeilge i gceantar Theilinn. Tá an coláiste buíoch de mhuintir na háite as a dtacaíocht seasta, den Roinn Cultúr, Oidreachta agus Gaeltacht as a dtacaíocht agus a dtreoir gach bliain, le hÚdarás na Gaeltachta as a gcuid tacaíochta leis an scéim fostaíochta pobail ins an choláiste araon leis na scoileanna, tuismitheoirí agus daoine óga a oibríonn linn.

Déanann muid i gcónaí tosaíocht do ghnóthaí áitiúla, idir comhlachtaí bus, siopaí, bialanna, tógála agus eile. Aithníonn muid an géarghá le hinfheistíocht agus comhoibriú áitiúil i gcónaí, agus ár ngnó a dhéanamh leis na chomhlachtaí trí mheán na Gaeilge más féidir.

Iarrann muid ar an choiste pleanála teanga Coláiste Aoidh Mhic Bhricne a aithint mar lár-ionad Gaeilge agus cultúr sa cheantar, agus mar choláiste tá sé de sprioc againn i gcónaí cur le saol agus le fás na Gaeilge sa cheantar cheanna.

Leanfaidh muid linn go fonnmhar i gcur chun cinn na Gaeilge ins an cheantar agus tugann muid gach tacaíocht don phróiseas pleanála teanga.

Coiste Bainistíochta Choláiste Aoidh Mhic Bhricne
Comhaltas Uladh
Nollaig 2017
www.teileann.com

colaisteaoidhteileann@gmail.com

Bunaíodh Oideas Gael i 1985 mar thionscnamh le Gaeilge a mhúineadh do dhaoine fásta. Tá bá mhór Phobal Iardheisceart Dhún na nGall leis an Ghaeilge le haithint riamh, agus léiríodh go mór í an t-am ar reáchtáladh príomhfhéile na nGael, Oireachtas na Gaeilge i nGleann Cholm Cille i 1989.

Tá sé mar phríomhsprioc ag Oideas Gael, féinmhuinín agus misneach a thabhairt do phobal an cheantair go léir sa dóigh go leanfaidh siad leo ag labhairt na Gaeilge agus le go mbeidh dearcadh dearfach acu ina leith.

An bunphrionsabal dá dtugtar aitheantas thar éinní eile gur acmhainn eacnamúil í an Ghaeilge chomh maith le hacmhainn chultúrtha agus go dtig le daoine glacadh leis gur féidir leis an dá theanga (an Béarla agus an Ghaeilge) maireachtáil taobh le chéile sa chruth nach mbeidh lámh an uachtair ag teanga acu ar an teanga eile.

Ó tháinig Oideas Gael ar an fhód i 1985, ó shin i leith tá ionad sainiúl do theagasc na Gaeilge tógtha (1991), mar aon le bialann, tithe lóistín agus eile. Tagann suas le 1,500 duine ag freastal ar na cúrsaí i rith na bliana; bíonn oiread le daichead teagascóir ag múineadh iontu lena linn agus tig na foghlaimeoirí ann ó achan chearn den domhan.

Tá clú iomrá dhomhanda ar an eagraíocht de bharr a caighdeán teagaisc agus mar gheall ar an phléisiúr a bhaineann rannpháirtithe as na cúrsaí éagsúla. Tugadh aitheantas ar leith do Oideas Gael sa mhéid is gur fhreastail Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa, ar a chuid cúrsaí ón bhliain a ndearnadh í a insealbhú mar Uachtarán. I measc na bhfoghlaimeoirí eile a tháinig fhad le hOideas Gael, le blianta beaga anuas, bhí an Taoiseach reatha Leo Varadkar, an tAire Heather Humphreys, an tAire Joe McHugh, Daniel O'Donnell agus go leor eile.

Is údar dóchas é ag Oideas Gael mar a chuireann gníomhaíochtaí na heagraíochta le misneach mhuintir an cheantair ó thaobh na Gaeilge de; dá chomhartha sin tugtar fá deara go gcuireann mórchuid an phobail a dtacaíocht le hiarrachtaí an eagrais.

Cuireann Oideas Gael an-fháilte roimh an Scéim Pleanála Teanga agus an straitéis atá curtha faoinár mbráid. Táthar ag súil go mbeidh rath air mar thionscnamh agus go bhféachfaidh an pobal air mar ghníomh ar fiú páirt a ghlacadh ann go fonnmhar.

Fúinn atá a chinntiú go gcuirfear an Ghaeilge ar aghaidh chun na nglúnta atá fós le teacht.

Coláiste Chara

9 Eanáir 2018
Cuireann Coláiste Chara, Cill Chartha fáilte mhór roimh an Tionscnamh Pleanála Teanga do Leithinis Shliabh a'Liag agus is mian linn gach uile tacaíocht a thabhairt do Béal an Phobail atá i mbun na hoibre.

D'oscail muid Coláiste Chara sa bhliain 2008 leis an cuspóir próifíl na Gaeilge a ardú agus a neartú sa ceantar seo agus tá ag éirí linn. *Is ard an glór ata ag céad óganach tráthnóna Samhraidh agus iad uilig ag caint Gaeilge thart fan tSráid bhaile.*

Nil foirgneamh dá gcuid féin againn ach tá cead againn úsáid a bhaint as an Scoil Náisiúnta, Halla Spóirt an Aislann, an Halla Paróiste agus an pháirc pheile. Íoctar cíos leo uilig agus mar eagraíocht neamhspleách, neambhrabúil, nil ccuidiú againn ó áisínteacht ar bith.

Bíonn dhá chúrsa Gaeilge do dhéagóirí againn sa samhradh agus cúrsa seachtaine ag an Cháisc. Cuidíonn sé go mór le mná ti, le siopaí, le tascaithe agus le busanna; ar mhullach sin, labhrannn siad uilig Gaeilge leis na scoláirí. Bíonn ceannairí aitiúil linn gach uile bhliain agus iad mórtasach as a bheith ábalta cuidiú leis na foghlaimeoirí Gaeilge. Tá seo tábhachtach, de bhrí go mbíonn siad leo san iar-noin, san oíche agus ag na cluichí agus i rith an chéilí.

Tá club óige na Gaeltachta ar siúl againn sa Halla Paróiste i rith na scoil bhliana fa choinne óige agus bíonn comórtais i nGaeilge againn agus campaí samhraidh eagraithe daofa fosta . Is coiste deonach atá i mbun na hoibre seo uilig.

Cuireann muid fáilte roimh an phlean teanga mar is ar scála a chéile a mhaireann muid agus an teanga . Tá sé tábhachtach an Ghaeilge a choinneáil beo sa phobal seo. Is é 2018

bliain na Gaeilge agus le Fógraíocht breise is féidir an próifíl a ardú.

Ba mhaith linn cuidiú a fháil le feachtas póstaer a cuir ar bun sna siopaí, sa tithe tábhairne, sa Cháife, i mbialanna agus sna hóstán agus thart fan bhaile.

Áislann Cill Chartha

Tá Áislann Cill Chartha ag tacú leis an tionscnamh pleanála teanga ins an cheantar agus le tamall anuas tá imeachtaí ar siúl ins an Aislann atá ag tacú lenár dteanga, ár noidhreacht agus ár gcultúr.
Tá maidin caifé gach Dé Céadaoin agus bíonn cruinniú den Choiste Oidhreachta gach seachtain.
I 2017, bhí coirmeacha ceoil Ceol na gConnalach ar siúl san Áislann agus le tamall anuas bíonn oícheanna airneáil rialta againn agus na huimhreacha atá ag glacadh páirt ag méadú gach mí.
I 2018, tá pleananna againn imeachtaí eile cultúrtha agus teanga a eagrú san Áislann.

WestBIC

Cuireann WestBIC (Ionad Nuála Gnó don Iarthar agus an Iar Thuaisceart) seirbhísí nualaíochta agus gnó ar fáil do ghnónna nua, SMEs, idirghabhálaithe agus grúpaí pobail. Tá béim faoi leith ag WestBIC i gCill Chartha ar chúrsaí Gaeltachta, Dún na nGall, tras teorann agus Eorpach.

Cuireann WestBIC ár gcuid seirbhisí comhairleoireachta agus traenála ar fáil tré mheán na Gaeilge agus tugann muid tús áite don Ghaeilge ins an phoiblíocht a dhéanann muid (fógraí, paipreachas, billeogaí eolais, postéirí agus rl eile).

Thóg muid Ionad Gorlainne agus Fiontraíochta (Fiontarlann) i 2008 i gcomhair le pairtnéirí eile. Seo áis nua- aimseartha dírithe ar ghnóanna eolas-bhunaithe nó oifig bhunaithe san Ghaeltacht. Beidh muid ag forbairt an áis seo i 2018 mar Mhol Digiteach san Ghaeltacht chun fostaíocht a chrúthú agus daoine óga a choinneáil san cheantar.

Tugann WestBIC tacaíocht iomlán don phróiséas pleanála teanga. Tá súil againn go mbeidh plean don Ghaeilge don Limistéar seo curtha i bhfeidhm ins na blianta romhainn agus go dtiocfaidh feabhas suntasach ar úsáid an teanga san cheantar dá bharr.

Acadamh Ríoga na hÉireann - Foclóir Stairiúil na Gaeilge

Is tionscnamh fadtéarmach taighde é *Foclóir Stairiúil na Gaeilge*, atá lonnaithe in Acadamh Ríoga na hÉireann i mBaile Átha Cliath agus ar an Charraig i nGaeltacht Dheisceart Dhún na nGall.

Is é cuspóir an tionscnaimh foclóir stairiúil a chur ar fáil don Nua-Ghaeilge (ón bhliain 1600 go dtí an lá inniu). Chuige sin tá obair ar siúl le deich mbliana ar an Charraig téacsanna Gaeilge a chur i bhfoirm dhigiteach le go mbeidh foclóirithe ábalta iad a úsaid amach anseo.

Tá téacsanna ilchineálacha Gaeilge á bpróiseáil ar an Charraig, agus eagar á chur orthu ag saineolaithe Gaeilge de chuid an cheantair sin. San áireamh tá téacsanna scéalaíochta agus béaloidis ó na ceantracha Gaeltachta go léir, seanábhar liteartha idir phrós agus fhilíocht, saothair acadúla Gaeilge agus seanfhoclóirí.

Tá foireann dhílis ag an tionscnamh agus tá bród ar an phobal as an tionscnamh tábhachtach náisiúnta seo a bheith lonnaithe ina gceantar féin. Beidh sé mar thoradh ar an obair seo go mbeidh foclóir cuimsitheach, saindéanta, digiteach, den déanamh is nua-aimseartha ar fad, ar fáil do phobal labhartha agus léite na Gaeilge cibé áit ar domhan a bhfuil siad.

Tá sé le maíomh ag ceantar na Carraige agus Theilinn go bhfuil foilseacháin éagsúla ar fáil a chuireann síos ar chanúint Ghaeilge na háite, mar atá *Seanchainnt Theilinn* (Ó hEochaidh), *Cnuasach Focal as Teileann* (Uí Bheirn) agus *Gaeilge Theilinn* (Wagner). Beidh leaganacha digiteacha ar fáil de na cnuasaigh luachmhara seo, agus de chnuasaigh eile dá leithéid ó cheantracha fud fad na hÉireann, i ngeall go mór ar an obair atá ar siúl ar an Charraig faoi láthair.

Tá an-áthas ar Acadamh Ríoga na hÉireann a thacaíocht a chur le Plean Teanga Shliabh Liag óir is luachmhar linn an oidhreacht shuntasach Ghaeilge a bhaineann leis an phobal agus, go deimhin, cumas agus tiomantas na muintire atá ag obair againn ansin.

Ionad Fiontraíochta na Carraige, An Charraig, Co Dhún na nGall

Aguisín XII: THE LANGUAGE PLAN 2018: A BRIEF SUMMARY

Introduction

Under Acht na Gaeltachta 2012 the Gaeltacht was divided into 26 Language Planning Areas, each of which must now prepare and implement a language plan to support and develop Irish language use in their area in order to retain it's Gaeltacht status.
This Language Plan for this area of South Donegal has been prepared for public consultation prior to being submitted for approval to the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht.
The following is a brief summary of the nine section in this plan:

Section 1: The Language Planning Process

This section outlines the context in which this language plan was prepared i.e. *The Comprehensive Linguistic Study of the Use of Irish in the Gaeltacht* published in 2007 (Ó Giollagáin et al.,), the *20 Year Strategy for the Irish Language 2010* and *the Gaeltacht Act 2012*. The Gaeltacht Act 2012 has given statutory effect to the implementation of the 20-Year Strategy for the Irish Language 2010–2030, and under the Act, Under Acht na Gaeltachta 2012 the Gaeltacht was divided into 26 Language Planning Areas, each of which must now prepare and implement a language plan to support and develop Irish language use in their area in order to retain it's Gaeltacht status.

Section 2: The Lead Organisation

This section contains information about the lead organisation: Lár Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille and the Language Planning Steering Committee – Eunan Mac Cuinneagáin, Liam Ó Cuinneagáin, Mairéad Ni Dhochartaigh, Aoibheann Nic Fhionnghaile, Mairéad Ní Bhrádaigh, Seán Ó Brádaigh, Niall Ó Ceallaigh and Seamus Ó Cinnéide.

Section 3: An Overview of the Language Planning Area

This section gives an overview of the current state of the area, including population size and density, the age profile and the average age of the population, the current state of the Irish language within the language planning area, topography, services, organisations and education in the area.

- According to the 2016 Census the population of Donegal South LPT is 3,036 (2,955 which are 3 years of age and over)
- 74% or 2,187 people have the ability to speak Irish
- 10.9% or 322 speak Irish daily outside the education system
- 24% or 710 people don't have any Irish
- 2% or 58 people did not say
- For this 2018/2019 school year 607 students are enrolled in the 3 Pre-schools, the 6 national schools and the 1 secondary school.
- In 2017 688 people were employed in Údarás na Gaeltachta client companies.

Section 4: An Overview of the Preparation of the Plan

This section gives a brief description of the importance of public participation in the process of preparing the plan and of the research carried out in its preparation.

Section 5: Research Results

This section presents the results of primary research conducted in the course of preparing the plan on current use of, and attitudes to the language. The results show that although the use of the Irish language is considerably low and that the language is marginalised it continues to survive in certain parts of the region. The attitudes to the language however are very positive and the community wish to engage in a plan for the survival of Irish as the living language of the community.

Section 6: Language plans/ initiatives

This section details the language plan measures for the language planning area of Donegal South in the following areas and which were revealed in research results and as part of a broad consultation process:

A. The education system (including early educational services);
B. Childcare, nursery and family support services, which include language support facilities;
C. Services for young people and other age groups;
D. Learning opportunities outside the education system;
E. The business sector;
F. Community organisations and co-operatives;
G. The media;
H. Public services;

I. Physical planning and development;
J. Social and recreational services;
K. The Status of Irish in the area – attitudes, ability and the usage of Irish within the community.

A Summary of the Recommendations included in the Language Plan

Implementation of the Language Plan:

6.2.1 Operating Structure

Aim:	To introduce an operating structure that will ensure the effective implementation of the language plan
Description:	The current lead organsiation will continue in it's current role in the implementation of the language plan for the seven year period along with a steering committee representative of the local community.

6.2.2 Language Planning Officer(s)

Aim:	To employ staff to implement the language plan.
Description:	The current lead organsiation will employ a Language Planning Officer and an Administrative Assistant to implement the measures outlined in the language plan.

6.2.3 Online Presence

Aim:	To provide a point of contact for the community and to raise awareness of the entire language planning process.
Description:	The Language Planning Officer (LPO) will ensure the website and all social media sites are up-to-date with current and relevant information regarding all language planning activities within the community. It will keep people informed and up to date regarding events, activities, classes, resources, contacts etc.

6.2.4 Launching the Language Pan

Aim:	To provide the community with an opportunity to receive a
Description:	An event will be organised within the community to officially launch the language plan and to provide the community with an opportunity to study the overall plan and the measures outlined within.

6.2.5 Monitoring

Aim:	To ensure the effective implementation of the language plan.

Description:	Ongoing evaluation of the implementation of the measures outlined in the plan by means of surveys, feedback forms, questionnaires and regular meetings will ensure the effective implementation of the plan.

The education system (including early educational services):

6.3.1 The Language Assistant Scheme

Aim:	To extend the Language Assistant Scheme to ensure that language assistants are present in the LPT's schools for the entire school year.
Description:	With the support of the schools, local politicians and relevant organisations, the Department of Education and Skills will be lobbied to provide funding to extend the Language Assistant Scheme.

6.3.2 Support the Implementation of the Policy for Gaeltacht Education 2017-2022

Aim:	Support the implementation of the Policy for Gaeltacht Education in the local schools.
Description:	To help and give practical support to the educational institutes in the LPT that are taking part or wish to take part in the scheme to be recognised as a Gaeltacht school under the Policy for Gaeltacht Education.

6.3.3 Create a link between local and regional schools

Aim:	To create awareness among schoolchidren of ongoing language planning activities.
Description:	To create a link between schools (1) within the language planning area and (2) with schools in other Gaeltacht and non-Gaeltacht regions.

6.3.4 Prepare a language awareness campaign

Aim:	To prepare a language awareness campaign among school children and their parents/guardians that will empower them in the use of the Irish language
Description:	Prepare learning materials to enable them to help their children with homework.

6.3.5 Irish Language Application

Aim:	To provide a resource to add to learning language skills

Description:	A learning app for smartphones as a language learning resource with emphasis on local dialect to add to childrens' and parents'/guardians' language skills.

6.3.6 Provision of Learning Resources for Pre-schools/Schools

Aim:	To provide adequate Irish language learning resources for pre-schools and schools with the area.
Description:	To support a campaign that will demand adequate teaching resources within the pre-schools and the schools and that will provide ongoing staff training with emphasis on the Irish language.

6.3.7 Naíonra in Ardara

Aim:	To support the provision of Irish-medium early education services in Ardara.
Description:	An Irish language naíonra will be founded in Ardara.

6.3.8 Employment Opportunities

Aim:	To raise awareness among 2nd level schoolchildren of thejobs available within the Irish language sector
Description:	Information sessions will be organised in conjunction with relevant bodies for 2nd level schoolchildren to provide them with information on the types of jobs that can be accessed within the Irish language sector.

Childcare, nursery and family support services, which include language support facilities:

6.4.1 Parent/Toddler Group Support

Aim:	To encourage parents/guardians to speak more Irish with their toddlers at home
Description:	Learning resources i.e. booklets, games, toys will be available to encourage the use of more Irish within the group and participants will have an opportunity to discuss the challenges facing them in relation to the use of Irish in the home. A facilitator will be present in the group in order for these events to be ran effectively i.e. to encourage and to manage the use of Irish in an informal setting among people who have different levels of Irish and to provide advice if necessary.

6.4.2 Socialisation Opportunities through Irish for families

Aim:	To encourage parents/guardians to socialise more through the

	medium of Irish.
Description:	Through the organisation of regular cultural events families will be encouraged to use the language in an all Irish environment, There a clear Irish policy implemented and the social events will ensure the provision of opportunities for parents and families to use Irish within the LPT.

6.4.3 Conversational Irish Sessions

Aim:	To provide parents of schoolgoing children with an opportunity to add to their language skills
Description:	The provision of conversational Irish language informal sessions will enable parents to socialise with other parents and use the language in an informal setting thus building confidence in the use of the language.

Services for young people and other age groups:

6.5.1 Youth Prefects

Aim:	To ensure youth leaders are engaging throught the medium of Irish
Description:	Training will be provided to teenagers interested in becoming prefects and willing to promote the Irish language within the youth clubs and with the members.

6.5.2 After-school Clubs

Aim:	To develop after-school services through the medium of Irish in the area.
Description:	To develop after-school clubs with facilitators in the local schools to support children with their homework.

6.5.3 Youth Clubs

Aim:	To develop youth club services in the area.
Description:	To organise events for teenagers through Irish only outside the education system and to increase the regular speaking of Irish among young people in informal social contexts.

6.5.4 Language Support for Youth Service Providers

Aim:	To develop a language policy among Youth Service providers
Description:	Support and resources will be provided i.e Irish language classes and training for those providing services/sports/hobbies for the youth to encourage them to use more Irish.

6.5.5 Re-introduce "Óg-oiliúint" Course

Aim:	To re-introduce the pilot course "Óg-oiliúint"
Description:	This pilot course which was cuccessfully offered in the area in the past would provide the means for participants to develop employment opportunity skills through Irish.

6.5.6 Irish Dramas

Aim:	To promote Irish dramas
Description:	By organising drama workshops for children outside the school system with local artists and by encouraging them to take part in dramas locally and by travelling to other Gaeltacht areas.

Learning opportunities outside the education system:

6.6.1 Learning Irish

Aim:	To enable Irish learners to learn local dialect

Description:	A handbook of local Irish phrases and words will be compiled as a learning resource for those wishing to learn the Irish language.

6.6.2 Conversational Irish

Aim:	To provide regular conversational Irish social settings.
Description:	According to the needs of the community regular conversational Irish classes and an annual social event will be organised.

6.6.3 Book Collection

Aim:	To provide Irish reading material based on local writings
Description:	A collection of books written by local people will be available locally and a bookclub will be founded where people can avail of these books.

The business sector, Community organisations and co-operatives:

6.7.1 Language Support Services

Aim:	To provide a translation and language support services
Description:	This will provide practical services to businesses or community organisations to promote the Irish within their service provisions i.e. publicity and marketing flyers

6.7.2 The Benefits of Using the Irish Language within the Tourism Sector

Aim:	To raise awareness of the benefits associated to the use of the Irish language within the tourism sector
Description:	This campaign will impress upon business owners the importance of the language within this sector and the tourist's perception of the area when the language is promoted.

The Media:

6.8.1 Irish Language Radio Programmes

Aim:	To impress upon teenagers how language and technology can be used together effectively
Description:	This measure will encourage teenagers from Transition Year for example, to compile a radio show or a slot on a show through the medium of Irish and they will learn how communication, technology and language can be linked efectively .

6.8.2 Raise Youth Awareness in the use of Technology

Aim:	To encourage the youth to use Irish while using smart technology and social media

Description:	Organise focus groups to inform teenagers of how Irish can be used effectively while online, ón social media and using smartphones.

Public services:

6.9.1 Provision of Public Services

Aim:	To provide public services in Irish to the community
Description:	To gradually improve the standard and amount of public services available through Irish in the LPT, in conjunction with the relevant stakeholders. To motivate the public to use Irish with the public service and to add to the amount of people that speak Irish while engaging with public services.

6.9.2 Religious Services

Aim:	To gradually increase the use and visibility of Irish in religious services within LPT.
Description:	Support and encouragement will be given to the local clergy with the view to implementing an Irish language policy.

Physical planning and development:

6.10.1 Irish Language Provisions within Donegal County Council

Aim:	To ensure people can avail of services in Irish
Description:	To encourage Donegal County Council to ensure that language promotion is central to their activities within the area and that staff are always available to offer a service in Irish.

6.10.2 Irish Language Signage

Aim:	To ensure that all signage is provided in Irish
Description:	It will be ensured that Donegal County Council has a clear language policy that gives priority to the visibility of Irish on road signs, on permanent and temporary notices on public land, etc.

Social and recreational services:

6.11.1 Social Activities

Aim:	To promote Irish as a social language
Description:	Organise classes such as knitting or yoga for example, to provide opportunities to socialise in Irish while learning a skill.

6.11.2 School of Music

Aim:	To provide a setting where music and the language can be used together
Description:	To campaign for the provision of a school of music where the extensive local heritage can be promoted throught the medium of

	Irish.

6.11.3 Irish Language and the GAA

Aim:	To promote Irish as the first language within the GAA
Description:	Trainers and players will be encouraged to use more Irish on a daily business within the club's activities. They will be supported by the provision of Irish language classes and by training in relation to terminology etc

6.11.4 Irish Club

Aim:	To promote the use of Irish in local community activities
Description:	By organising cultural social events for the local community and for visitors to the area through Irish i.e. cultural nights, festivals, etc

The Status of Irish in the area – attitudes, ability and the usage of Irish within the community:

6.12.1 Campaign to bring popular competitions to the area

Aim:	To entice events such as Comórtas Peile na Gaeltachta to the area
Description:	Enticing such competitions to the area would have social and economic advantages for the area.

6.12.2 Irish Societies

Aim:	To create a link between local colleges and Irish faculties within other colleges/universities throughout Ieland
Description:	This would promote the Irish language within a social setting and would encourage local students to speak more Irish.

6.12.3 Marketing Budget

Aim:	To ensure an adequate budget is available to promote the language planning process
Description:	It is important that the local community are aware of and are part of the implemention of this language plan. Therefore, an adequate budget is needed to ensure effective promotion of the language planning process.

Section 7: Costs and Funding

This section presents the total estimated costs related to the implementation of general measures and initiatives outlined in Section 6.

Section 8: Publicity and Language Awareness

This section shows how awareness was raised within the community regarding the language planning process during the preparation of this plan.

Section 9: Implementing and Monitoring

This section shows how the lead organisation will monitor the implementation of the plan.